Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0378 (COD)**

**15149/1/16**
**REV 1**

**ENER 419**
**IA 134**
**CODEC 1815**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2016) 863 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (athmhúnlú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2016) 863 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2016) 863 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2017
COM(2016) 863 final/2

2016/0378 (COD)

CORRIGENDUM
This document corrects document COM (2016) 863 final of 30.11.2016
Concerns all language versions.
The text shall read as follows:

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (athmhúnlú)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2016) 410}
{SWD(2016) 411}
{SWD(2016) 412}
{SWD(2016) 413}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

*Comhthéacs an Bheartais*

Caitheann saoránaigh na hEorpa sciar nach beag dá n-ioncam ar chúrsaí fuinnimh, agus is ionchur tábhachtach ag an tionsclaíocht san Eoraip an earnáil fuinnimh. San am céanna, tá ról lárnach ag an earnáil fuinnimh san oibleagáid a bhaineann le hastaíochtaí gáis cheaptha teasa a laghdú san Aontas de 40% faoi 2030 agus cion dar luach 50% a bheith ann i dtaca le foinsí in-athnuaite faoi 2030.

Na tograí maidir le hathmhúnlú ar an Treoir maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas, an Rialachán maidir leis an margadh sa leictreachas, agus an Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh, is cuid iad de phacáiste tionscnamh is leithne de chuid an Choimisiúin ("Fuinneamh Glan do Mhuintir na hEorpa ar fad"). Is éard atá sa Phacáiste príomh-mholtaí an Choimisiúin maidir le cur chun feidhme an Aontais Fuinnimh, dá bhforáiltear i dTreorchlár an Aontais Fuinnimh[1]. Tá ann idir thograí reachtacha agus thionscnaimh neamhreachtacha darb aidhm creat tarraingteach cumasúcháin a chruthú dá dtiocfaidh sochair nithiúla do shaoránaigh, mar aon le poist, fás agus infheistíocht, agus san am céanna cur le gach ceann de chúig ghné an Aontais Fuinnimh. Is iad príomhthosaíochtaí an phacáiste, dá bhrí sin, éifeachtúlacht fuinnimh ar an gcéad dul síos, cinnireacht dhomhanda an Aontais Eorpaigh i dtaca le foinsí in-athnuaite, agus socrú cóir do thomhaltóirí fuinnimh.

Tá ráite arís agus arís eile ag Comhairle na hEorpa[2] agus ag Parlaimint na hEorpa[3] araon gur le margadh fuinnimh comhtháite dea-fheidhmiúil is fearr a áiritheofar go mbeidh costas an fhuinnimh inacmhainne, a áiritheofar soláthar an fhuinnimh agus a bheifear in ann toirteanna níos mó den leictreachas a chomhtháthú agus a fhorbairt as foinsí in-athnuaite ar bhealach costéifeachtach. Is den riachtanas praghsanna iomaíocha don fhás agus do leas na dtomhaltóirí san Aontas Eorpach, rud a fhágann go bhfuil sin ina chroíchuid de bheartas fuinnimh an Aontais Eorpaigh. Bunaithe ar na rialacha atá sa "Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh[4]", a glacadh in 2009, atá an dearadh atá ar mhargadh reatha an leictreachais. Cuireadh reachtaíocht

[1] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta: Creat Straitéiseach maidir le hAontas Fuinnimh Buanseasmhach maille le Beartas Fadbhreathnaitheach don Athrú Aeráide COM/2015/080 final.

[2] Toradh an 3429ú Cruinniú ag an gComhairle, iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh, 26 Samhain 2015 14632/15, Toradh an 3472ú Cruinniú ag an gComhairle, iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh, 6 Meitheamh 2016 9736/16.

[3] Rún ó Pharlaimint na hEorpa, 13 Meán Fómhair 2016 maidir le Dearadh nua don Mhargadh (P8_T A(2016) 0333).

[4] Treoir 2009/72 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/54/CE, IO L 211, 14.8.2009, lgh. 55–93 (dá ngairtear feasta "An Treoir maidir le Leictreachas"); Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar an ngréasán um malartuithe trasteorann sa leictreachas agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1228/2003, IO L 211, 14.8.2009, lgh. 15–35 (dá ngairtear feasta "An Rialachán maidir le Leictreachas"); Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh. IO L 211, 14.8.2009, lgh. 1–14 (dá ngairtear feasta "Rialachán ACER");

i gcoinne drochúsáidí margaidh[5] leis na rialacha sin ó shin mar aon le reachtaíocht cur chun feidhme maidir le rialacha oibríochta do thionscal agus d'eangach an leictreachais[6]. Tá margadh inmheánach fuinnimh an Aontais Eorpaigh bunaithe ar phrionsabail sheanbhunaithe amhail ceart rochtana an tríú páirtí ar eangacha leictreachais, an rogha a bheith ag tomhaltóirí soláthróirí a roghnú gan bhac gan bheann, rialacha dochta maidir le díchuachadh, bacainní ar an trádáil trasteorann a bhaint, maoirseacht mhargaidh ag rialálaithe neamhspleácha fuinnimh, comhoibriú uile-Aontais i measc rialálaithe agus oibreoirí na heangaí leictreachais laistigh den Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) agus de Ghréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha (ENTSO).

Tá leas nithiúil faighte ag tomhaltóirí as an Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh. A bhuí leis an bpacáiste, tá níos mó leachtachta i margaí an leictreachais san Eoraip agus méadú suntasach ar an trádáil trasteorann. Tá rogha níos fearr ar fáil anois ag tomhaltóirí i gcuid mhaith de na Ballstáit. Chuidigh an t-iomaíochas breise, go háirithe ar na margaí mórdhíola, le praghsanna mórdhíola a smachtú. Is léir gur fearrde cás an tomhaltóra i dtaca leis na margaí fuinnimh na cearta nua a tugadh do thomhaltóirí mar chuid den Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh.

I ngeall ar fhorbairtí nua, tá athruithe bunúsacha tagtha ar mhargaí an leictreachais san Eoraip. Tá ardú mór tagtha ar an sciar sin den leictreachas a ghintear as foinsí in-athnuaite fuinnimh (RES-E). Leanfar den chlaonadh seo i dtreo RES-E mar go bhfuil sin ar cheann de na príomhcheanglais nach mór a chomhlíonadh i dtaca le hoibleagáidí an Aontais de bhun Chomhaontú Pháras maidir leis an aeráid. De bhrí gur earra nádúrtha é RES-E – agus é níos athraithí, níos neamh-intuartha agus neamh-dhíláraithe ná an ghiniúint thraidisiúnta leictreachais – ní mór na rialacha oibríochta margaidh agus eangaí a mhodhnú. In éineacht leis sin, tharla saobhadh ar mhargadh mórdhíola an leictreachais mar gheall ar idirghabhálacha stáit (ar minic deartha go neamhchomhordaithe iad) rud a d'fhág drochiarmhairt ar chúrsaí infheistíochta agus trádála trasteorann[7]. Tá athruithe suntasacha ag tarlú chomh maith ó thaobh na teicneolaíochta de. Ar fud na hEorpa go léir, nach mór, déantar an leictreachas a thrádáil le "cúpláil margaidh", a eagraíonn lucht malartaithe cumhachta agus oibreoirí córas

---

5 Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh, IO L 326, 8.12.2011, lgh. 1–16; Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 1348/2014 ón gCoimisiún, 17 Nollaig 2014 maidir le sonraí a thuairisciú i dtaca le cur chun feidhme Airteagal 8(2) agus Airteagal 8(6) de Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle IO L 363, 18.12.2014, lgh. 121–142.

6 Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh, IO L 326, 8.12.2011, lgh. 1–16; Rialachán (AE) Uimh. 543/2013 ón gCoimisiún an 14 Meitheamh 2013 maidir le sonraí a thíolacadh agus a fhoilsiú i dtaca le margaí an leictreachais agus lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle IO L 163, 15.6.2013, lgh. 1–12; Rialachán (AE) Uimh. 2015/1222 ón gCoimisiún, 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú IO L 197, 25.7.2015, lgh. 24–72; Rialachán (AE) Uimh. 2016/631 ón gCoimisiún, 14 Aibreán 2016 lena mbunaítear cód gréasáin i dtaobh ceanglais maidir le gineadóirí a nascadh le heangacha IO L 112, 27.4.2016, lgh. 1-68; Rialachán (AE) Uimh. 2016/1388 ón gCoimisiún, 17 Lúnasa 2016 lena mbunaítear Cód Gréasáin i dtaobh Díscor Éilimh IO L 223, 18.8.2016, lgh. 10–54; Rialachán (AE) Uimh. 2016/1447 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2016 lena mbunaítear cód gréasáin i dtaobh ceanglais maidir le córais ardvoltais srutha dhírigh agus le modúl páirce cumhachta arna cheangal le sruth díreach a nascadh le heangacha IO L 241, 8.9.2016, lgh. 1-65; Rialachán (AE) Uimh. 2016/1719 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2016 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh todhchaí acmhainne IO L 259, 27.9.2016, lgh. 42–68; tá na Ballstáit tar éis Treoirlínte eile agus cóid ghréasáin a fhormheas agus táthar ar tí iad a ghlacadh.

7 Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún "Margadh inmheánach sa leictreachas a chur i gcrích agus barr leasa a bhaint as an idirghabháil phoiblí", C(2013) 7243 final, 5.11.2013.

tarchurtha le chéile. A bhuí leis an digitiú agus le forbairt mhear a bheith á déanamh ar réitigh maidir le méadrú agus le trádáil, is féidir leis an tionscal, le gnólachtaí agus go deimhin le teaghlaigh leictreachas a ghiniúint agus a stóráil, agus páirt a ghlacadh i margaí an leictreachais le réitigh 'freagairt don éileamh' mar a thugtar orthu. As seo go ceann deich mbliana, feicfear i margadh an leictreachais táirgeadh níos athraithí agus níos díláraithe leictreachais, méadú ar idirspleáchas na mBallstát ar a chéile, agus deiseanna nua teicneolaíochta a cheadóidh do thomhaltóirí a gcuid billí a laghdú agus páirt ghníomhach a imirt i margaí an leictreachais trí bhíthin freagairt don éileamh, trí bhíthin féintomhaltais nó trí bhíthin stórála.

Dá réir sin, is é is aidhm don eagar nua margaidh seo atá ceaptha do mhargadh an leictreachais na rialacha reatha margaidh a thabhairt chun oiriúna le fíor-staid an mhargaidh trí leictreachas a ligean gan bhac gan bheann chuig an áit is géire a dhíth an tráth is géire a dhíth trí bhíthin comharthaí neamhshaofa praghsála. Is aidhm dó freisin an tomhaltóir a chumasú, an leas is mó a thabhairt don tsochaí as an iomaíochas trasteorann agus na comharthaí agus na dreasachtaí cearta a chur ar fáil chun go gcuirfidh an infheistíocht dícharbónú an chórais fuinnimh chun cinn. Tabharfar tús áite ann freisin do réitigh éifeachtúlachta fuinnimh, agus beidh sé ina rannchuidiú chun aidhm an Aontais a bhaint amach faoi bheith ar thús cadhnaíochta domhanda maidir le foinsí fuinnimh in-athnuaite, rud a chuirfidh le sprioc an Aontais chun fostaíocht agus fás a chruthú, agus infheistíochtaí a mhealladh.

*Rialacha an mhargaidh a oiriúnú*

Ar phríomhtheicneolaíochtaí na ndeich mbliana seo atá caite atá rialacha reatha an mhargaidh bunaithe i.e. ar ghléasraí láraithe mórscála cumhachta a bhaineann úsáid as breosla iontaise agus gan ach fíorbheagán rannpháirtíochta ag tomhaltóirí. Ó tharla go mbeidh ról níos mó á imirt ag RES-E athraitheach i nginiúint an leictreachais as seo amach, agus gur ceart na tomhaltóirí a chumasú le páirt a ghlacadh sna margaí más áil leo sin, ní mór na rialacha a oiriúnú. Ní féidir RES-E a chomhtháthú go sásúil leis an margadh in éagmais margaí gearrthéarmacha sa leictreachas lena n-éascaítear trádáil trasteorann ar RES-E. A chúis sin nach féidir formhór na giniúna a dhéantar as foinsí in-athnuaite a thuar go cruinn ach go gairid sula dtarlaíonn an táirgeadh (i ngeall ar luaineacht aimsire). Más ó thairgeoirí RES-E a gcuid fuinnimh a dhíol ar théarmaí córa, is den riachtanas go gcruthófaí margaí inar féidir a bheith rannpháirteach ar fhógra gearr sula ndéantar an seachadadh (margaí "ionlae" nó "cothromaithe"); méadóidh a leithéid an leachtacht sa mhargadh freisin. Tabharfaidh margaí gearrthéarmacha deiseanna nua gnó do rannpháirtithe le réitigh fuinnimh "cúl taca" a thairiscint tráth a mbíonn éileamh ard ann nó a mbíonn an ghiniúint as foinsí in-athnuaite ar an ngannchuid. Áirítear leis sin go bhféadfadh tomhaltóirí a n-éileamh ("freagairt don éileamh"), a n-oibreoirí stórála nó a ngineadóirí solúbtha a athrú. Cé gur féidir costas mór a bheith i gceist le hinathraitheacht sna réigiúin bheaga, dá ndéanfaí comhiomlánú ar an táirgeadh inathraitheach i limistéir is fairsinge, d'fhéadfadh sin a bheith ina chabhair do thomhaltóirí le hairgead nach beag a shábháil. Bíodh sin mar atá, níl aon mhargaí gearrthéarmacha comhtháite ann fós.

Fágann na heasnaimh atá ar na socruithe reatha margaidh nach bhfuil earnáil an fhuinnimh chomh tarraingteach ag infheistíochtaí nua is ba cheart dó a bheith. Beidh córas fuinnimh margadhbhunaithe, agus é idirnasctha go leordhóthanach, ina leanann na praghsanna comharthaí an mhargaidh, ina spreagadh ag an infheistíocht sin is gá a dhéanamh sa ghiniúint agus sa tarchur ar mhodh éifeachtach, agus cinnteofar lena leithéid de chóras go ndéanfar na

hinfheistíochtaí san áit is géire a dteastaíonn siad ón margadh, rud a íoslaghdóidh an gá a bheidh le hinfheistíochtaí státphleanáilte.

Faoi mar atá an scéal faoi láthair, tráth a mbíonn an leictreachas ar an ngannchuid, fágann na rialacha náisiúnta margaidh (e.g. praghaschaidhpeanna) agus idirghabhálacha stáit nach féidir an méid sin a léiriú le praghas an leictreachais. Ina theannta sin, níor ghá go léireodh limistéar praghsála ganntanas iarbhír leictreachais i ngach cás, go mór mór murar cumraithe go maith atá siad ach de réir teorainneacha polaitiúla. Is é is aidhm don eagar nua margaidh seo comharthaí praghsála a fheabhsú chun an infheistíocht a bhrostú sna réimsí sin is géire a díth, agus chun bacainní eangaí agus ionaid éilimh – seachas teorainneacha náisiúnta – a thaispeáint. Is ceart freisin foráil a dhéanamh sna comharthaí praghsála do luach saothair leordhóthanach ar acmhainní solúbtha (lena n-áirítear freagairt ar éileamh agus stóráil) mar go mbraitheann na hacmhainní sin ar luach saothair ar thréimhsí níos gaire (e.g. gléasraí nua-aimseartha gáis nach n-úsáidtear ach ag buaicuaireanta nó laghdú ar éileamh tionsclaíoch tráth buaicéilimh nó tráth a mbíonn brú ar an gcóras). Fágann comharthaí éifeachtacha praghsála freisin go ndéantar na hacmhainní giniúna sin ar ann dóibh cheana a sheoladh go héifeachtach. Is den ghéar-riachtanas, dá bhrí sin, go ndéanfaí athbhreithniú ar aon rialacha is cúis le saobhadh ar chruthú praghsanna (amhail rialacha a cheadaíonn tosaíocht seolta do ghléasraí áirithe) ionas an tsolúbthacht atá le tairiscint ag taobh an éilimh den mhargadh a chur chun gnímh agus chun leasa go hiomlán.

*Na tomhaltóirí a chur i gcroílár mhargadh an fhuinnimh*

Is féidir costais nach beag a sheachaint i dtaca leis an nginiúint 'cúl taca' ach tomhaltóirí tionsclaíocha, tráchtála agus teaghlaigh a chomhtháthú go hiomlán isteach sa chóras fuinnimh (costais arb iad na tomhaltóirí a chaithfeadh iad a sheasamh murach sin.) Go deimhin, is féidir leis na tomhaltóirí buntáiste a bhaint as luaineacht phraghsála agus airgead a shaothrú trí bheith rannpháirteach sa mhargadh. Is den réamhriachtanas, dá bhrí sin, rannpháirtíocht na dtomhaltóirí a chur chun gnímh ionas an t-aistriú fuinnimh a bhainistiú go rathúil agus ar bhealach chostéifeachtach.

Tiomantas lárnach de chuid an Aontais Fuinnimh is ea socrú nua a chur ar fáil do thomhaltóirí fuinnimh. Ach ní féidir, faoi rialacha reatha an mhargaidh, sochar na ndeiseanna nua sin a thabhairt do thomhaltóirí. Cé gur féidir le tomhaltóirí leictreachas a ghiniúint, a stóráil, agus a dtomhaltas fuinnimh a bhainistiú níos fusa ná riamh, mar sin féin, faoin leagan amach atá ar an margadh mórdhíola faoi láthair, ní féidir leo buntáiste iomlán a bhaint as na deiseanna sin.

Ar an ábhar nach roinntear comharthaí fíor-ama praghsála ar na tomhaltóirí deiridh, is ar éigean má tá aon dreasacht le fáil ag tomhaltóirí i bhformhór na mBallstát as a dtomhaltas a athrú de fhreagairt ar athruithe praghsála sa mhargadh. Is deis é pacáiste an eagair margaidh leis an ngealltanas sin a chomhlíonadh. Beidh comharthaí fíor-ama praghsála atá níos trédhearcaí ina ndreasacht do rannpháirtíocht na dtomhaltóirí, ar bhonn an duine aonair nó go comhiomlánach, agus tiocfaidh díobh córas leictreachais níos solúbtha, rud a éascóidh comhtháthú an leictreachais sin a ghintear as foinsí in-athnuaite fuinnimh. Tugann forbairtí nua teicneolaíochta an deis do theaghlaigh a bheith tíosach leis an bhfuinneamh. Ina theannta sin, fágann na forbairtí sin gur féidir le fearais agus córais, amhail bánleictreonaic chliste, feithiclí leictreacha, teas leictreach, aerchóiriú agus teaschaidéil i bhfoirgnimh inslithe mar aon le téamh agus fuarú ceantair, gur féidir leo luaineacht phraghsála a leanúint go huathoibríoch agus, ar mhórscála, rannchuidiú suntasach agus solúbtha a thairiscint don eangach leictreachais. Ionas gur féidir le tomhaltóirí leas airgeadais a bhaint as na deiseanna nua sin, ní mór go mbeadh fáil acu ar chórais chliste atá oiriúnach dá bhfeidhm mar aon le conarthaí soláthair leictreachais ina bhfuil praghsáil dhinimiciúil atá nasctha leis an spotmhargadh. Chomh maith leis na tomhaltóirí a bheith ag oiriúnú a dtomhaltais do

chomharthaí praghsála, tá seirbhísí nua éilimh ag teacht chun cinn faoi láthair ionas go bhfuil gníomhaithe nua margaidh ann atá sásta tomhaltas leictreachais a bhainistiú do ghrúpa tomhaltóirí trí chúiteamh a íoc leis na tomhaltóirí sin as a bheith solúbtha. Cé go dtugtar dreasacht do sheirbhísí den chineál sin faoi reachtaíocht atá ag an Aontas Eorpach cheana, tá fianaise ann a deir nár éirigh leis na forálacha sin na príomhbhacainní margaidh a bhaint lena ligfí do na soláthróirí seirbhíse sin teacht isteach sa mhargadh. Ní mór na forálacha sin a bheachtú chun tuilleadh dreasachta a thabhairt do na seirbhísí nua sin.

I gcuid mhaith de na Ballstáit, ní leanann praghas an leictreachais éileamh agus soláthar ach is iad na húdaráis phoiblí a rialálann an praghas. Is féidir le rialáil phraghsála teorainn a chur leis an iomaíochas éifeachtúil, agus a bheith ina siocair díspreagtha ag an infheistíocht agus ag gníomhaithe nua margaidh. Dá bhrí sin, gheall an Coimisiún sa Chreat Straitéiseach maidir le hAontas Fuinnimh[8] deireadh a chur de réir a chéile leis an bpraghsáil rialáilte faoi bhun costais agus na Ballstáit a spreagadh le treochlár a bhunú lena gcuirfí deireadh, diaidh ar ndiaidh, leis an bpraghsáil rialáilte. Is é is aidhm don eagar nua margaidh seo a áirithiú go mbeidh praghsáil an tsoláthair saor ó idirghabháil phoiblí agus go mbeidh bonn cuí-réasúnaithe le haon eisceacht.

Ó tharla costas na teicneolaíochta ag titim go tréan, is ag méadú atá líon sin na dtomhaltóirí ar féidir leo a gcuid billí fuinnimh a ísliú trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí amhail painéil ghréine dín agus ceallraí dín. Ach ó tharla freisin gan aon rialacha ginearálta ann do tháirgeoirí ar tomhaltóirí freisin iad, tá constaicí fós roimh an bhféinghiniúint. D'fhéadfaí deireadh a chur leis na constaicí sin le rialacha oiriúnacha, e.g. trí chearta na dtomhaltóirí a áirithiú maidir le fuinneamh a ghiniúint as a dtomhaltas féin agus farasbarr a dhíol leis an eangach, ach san am céanna, costais agus buntáistí an chórais ina iomláine (e.g. rannpháirtíocht iomchuí i gcostais na heangaí) a thabhairt san áireamh.

Is féidir leis na pobail áitiúla fuinnimh a bheith ina modh éifeachtúil bainistithe fuinnimh ar leibhéal an phobail mar go ndéanann siad an leictreachas a ghineann siad a thomhailt go díreach mar aibhléis nó mar théamh agus fuarú (ceantair), bíodh nasc acu le córais dáiliúcháin nó ná bíodh. Chun a áirithiú gur féidir le tionscnaimh dá leithéidí forbairt gan bhac gan bheann, leagtar síos san eagar nua margaidh nach mór do na Ballstáit creata oiriúnacha dlíthiúla a bhunú chun na gníomhaíochtaí sin a éascú.

I láthair na huaire, tá breis agus 90% de na foinsí athraitheacha in-athnuaite fuinnimh ceangailte le heangacha dáileacháin. Go deimhin, chuidigh comhtháthú na giniúna áitiúla le hardú nach beag a chur ar tharaifí gréasáin do theaghlaigh. Anuas air sin, tá ardú ainscianta tagtha ar na cánacha agus na dleachtanna lena maoinítear síneadh a chur ar an eangach agus infheistíochtaí i bhfoinsí in-athnuaite. Is deis iad an t-eagar nua margaidh agus an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh sin, ar easnaimh iad a d'fhéadfadh tionchar díréireach a imirt ar theaghlaigh áirithe.

Dá gceadófaí d'Oibreoirí Córas Dáileacháin (DSOanna) bainistiú a dhéanamh ar leibhéal níos áitiúla ar chuid de na dúshláin a bhaineann leis an nginiúint athraitheach, d'fhéadfaí na costais ghréasáin a laghdú go mór. Ach ó tharla cuid mhaith DSOanna ina ngnólachtaí atá comhtháite go hingearach agus go bhfuil siad rannpháirteach freisin i ngnó an tsoláthair, is den riachtanas coimircí rialála chun neodracht DSOanna a áirithiú maidir lena bhfeidhmeanna, e.g. bainistiú sonraí chomh maith le húsáid a bhaint as an tsolúbthacht chun tranglam áitiúil a bhainistiú.

---

8 Féach "Creat Straitéiseach maidir le hAontas Fuinnimh Buanseasmhach maille le Beartas Fadbhreathnaitheach don Athrú Aeráide", COM/2015/080.

Gné thábhachtach eile chun an t-iomaíochas agus rannpháirtíocht na dtomhaltóirí a bhaint amach is ea an fhaisnéis. Ba léir ó chomhairliúcháin agus staidéir a rinne an Coimisiún roimhe seo gur údar gearáin ag tomhaltóirí gan aon trédhearcacht a bheith i margaí an leictreachais, rud a laghdaíonn a gcumas buntáiste a bhaint as an iomaíochas agus páirt ghníomhach a ghlacadh sna margaí. Ní bhraitheann tomhaltóirí go bhfuil a ndóthain eolais á fháil acu faoi sholáthróirí malartacha ná faoi sheirbhísí nua fuinnimh a bheith ann, agus is údar gearáin acu castacht na dtairiscintí agus na nósanna imeachta más mian le duine imeacht ó sholáthróir amháin chuig soláthróir eile. Áiritheofar freisin leis an athchóiriú cosaint sonraí ó tharla go gcruthóidh ardú in úsáid teicneolaíochtaí nua (go háirithe córais mhéadrúcháin chliste) réimse sonraí fuinnimh a mbeidh ardluach tráchtála leo.

Ó tharla go gcuirfear tomhaltóirí i gcroílár an mhargaidh fuinnimh, gné riachtanach de chuid an eagair nua margaidh is ea cé mar is féidir a áirithiú go gcosnaítear iad siúd is leochailí sa tsochaí agus nach dtiocfaidh méadú ar líon iomlán na dteaghlach atá buailte ag an tearcrochtain fuinnimh. Ó tharla go bhfuil leibhéal na tearcrochtana fuinnimh ag ardú agus go bhfuil easpa soiléireachta ann maidir le cé mar is fearr dul i ngleic le leochaileacht na dtomhaltóirí agus leis an tearcrochtain fuinnimh féin, leagtar de cheanglas sa togra maidir le heagar nua margaidh ar na Ballstáit an tearcrochtain fuinnimh a mheas agus a fhaireachán go rialta de réir phrionsabail a shainmhíneofar ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Tá forálacha maidir le bearta breise chun dul i ngleic leis an tearcrochtain fuinnimh le fáil sa Treoir athbhreithnithe maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh agus sa Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.

*Cinnteacht an tsoláthair leictreachais*

Gné rí-riachtanach i sochaí an lae inniu is ea cinnteacht an tsoláthair leictreachais ó tharla go bhfuiltear ag brath chomh mór sin ar an leictreachas agus ar chórais idirlíon-oibrithe. Ní mór, dá bhrí sin, measúnú a dhéanamh ar chumas chóras leictreachais na hEorpa giniúint leordhóthanach agus solúbthacht a chur ar fáil ionas soláthar iontaofa leictreachais a bheith ann go leanúnach (leordhóthanacht acmhainní). Ní hé amháin gur dualgas náisiúnta cinnteacht an tsoláthair a áirithiú ach is colún lárnach de chuid bheartas fuinnimh na hEorpa freisin é[9]. Is é an fáth atá leis sin gur féidir cinnteacht an tsoláthair a eagrú ar bhonn i bhfad níos éifeachtúla agus níos iomaíche ná a dhéanfaí ar bhonn náisiúnta ach an soláthar a bheith ina chuid de ghréasán sioncronaithe atá idirnasctha go hiomlán agus margaí dea-fheidhmiúla aige. Is minic a bhíonn cinnteacht na heangaí sna Ballstáit éagsúla ag brath go mór ar shreafaí leictreachais as na tíortha máguaird ionas go mbíonn tionchar réigiúnach ag fadhbanna a bhainfeadh le cinnteacht an tsoláthair. Ar an ábhar sin, is minic gur réiteach réigiúnach is éifeachtaí mar réiteach ar easnaimh ghiniúna náisiúnta, ionas gur féidir le Ballstáit leas a bheith acu as giniúint bharrachais i dtíortha eile. Is ceart, dá bhrí sin, measúnú leordhóthanacht comhordaithe Eorpach a thabhairt isteach, de réir modheolaíocht chomhaontaithe, chun léargas réadúil a fháil ar riachtanais fhéideartha ghiniúna, agus comhtháthú mhargaí an leictreachais mar aon le sreafaí féideartha as tíortha eile á gcur san áireamh. Más léir ón measúnú comhordaithe leordhóthanachta go dteastaíonn meicníochtaí acmhainne i dtíortha nó i réigiúin áirithe, is ceart a leithéidí a dhearadh ar mhaithe le saobhadh an mhargaidh inmheánaigh a uaslaghdú. Dá réir sin, is ceart sainmhíniú a dhéanamh ar chritéir shoiléire thrédhearcacha chun saobhadh na trádála trasteorann a laghdú a mhéid agus is féidir, an úsáid a bhaintear ar freagairt ar éileamh a mhéadú a mhéid is féidir, agus an tionchar a imrítear ar an dícharbónú a laghdú ionas go seachnófar an baol go gcruthódh sásraí

[9] Féach Airteagal 194(1)(b) CFAE.

bearnacha náisiúnta acmhainne bacainní nua margaidh agus go mbainfidís an bonn den iomaíochas[10].

*An comhar réigiúnach a neartú*

Maidir leis an dlúth-idirnasc atá i measc Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ar fud na heangaí comhchoitinne tras-Eorpaí, féach nach bhfuil a mhacasamhail in aon áit eile ar domhan agus gur mór an buntáiste a leithéid chun déileáil go héifeachtúil leis an aistriú fuinnimh. Murach gur féidir brath ar ghiniúint nó acmhainní soláthair as Ballstáit eile, thiocfadh ardú nár bheag ar an gcostas a chuirfí ar chustaiméirí as an aistriú fuinnimh. Sa lá atá inniu ann, is idirghaolta go mór feidhmíocht an chórais trasteorann ná mar a bhíodh san am a caitheadh. A chúis sin an t-ardú atá tagtha ar an nginiúint athraitheach agus díláraithe, maille le comhtháthú níos dlúithe sa mhargadh, go háirithe le linn tréimhsí margaidh níos giorra. Fágann sin freisin gur féidir le gníomhartha a dhéanfadh rialálaithe agus oibreoirí eangaí ar bhonn náisiúnta tionchar a fhágáil láithreach ar Bhallstát eile de chuid an Aontais. De bhun taithí, is léir gur féidir le cinntí neamhchomhordaithe náisiúnta costas nach beag a fhágáil ar thomhaltóirí san Eoraip.

Ó tharla – i ngeall ar chiorruithe neamhchomhordaithe náisiúnta – nach mbaintear d'úsáid as cuid de na hidirnascairí ach 25% dá n-acmhainn, agus go bhfuil teipthe ar na Ballstáit comhaontú maidir le limistéir phraghsála iomchuí, is léir go dteastaíonn níos mó den chomhordú idir na hOibreoirí Córas Tarchurtha (OCTanna) agus na rialálaithe. Is léir ach féachaint ar na cásanna sin inar éirigh go maith leis an gcomhar éigeantach idir OCTanna, rialálaithe agus rialtais gur féidir leis an gcomhar réigiúnach feidhmiú an mhargaidh a fheabhsú agus costais a laghdú go mór. I limistéir áirithe, e.g. meicníocht an Aontais maidir le 'cúpláil margaidh', tá an comhar idir na DSOanna éigeantach, agus is maith mar a éiríonn leis an vótáil tromlaigh i gcás ceisteanna áirithe nuair nár éirigh leis an vótáil aontaitheach (agus ceart crosta ag gach DSO) toradh éifeachtúil a bhaint amach i dtaca le fadhbanna réigiúnacha. I bhfianaise an tsampla sin, is ceart an comhar éigeantach a chur i bhfeidhm i réimsí eile de chuid an chreata rialála. Chuige sin, d'fhéadfadh OCTanna cinneadh a dhéanamh faoi chuimsiú 'Lárionaid Oibríochtúla Réigiúnacha' (LORanna) maidir le saincheisteanna ina bhféadfadh gníomhartha bearnacha neamhchomhordaithe náisiúnta drochthionchar a imirt ar an margadh agus ar thomhaltóirí (e.g. an oibríocht chórais, ríomh acmhainne i gcás idirnascairí, cinnteacht an tsoláthair, agus an riosc-ullmhacht).

*An mhaoirseacht rialála a thabhairt chun oiriúna leis na margaí réigiúnacha*

Is dealraitheach gurb iomchuí freisin an mhaoirseacht rialála a thabhairt chun oiriúna le fíor-staid nua an mhargaidh. Faoi láthair, is iad na rialálaithe náisiúnta a dhéanann gach mórchinneadh rialála fiú i gcás ina dteastaíonn réiteach comhchoiteann réigiúnach. Cé go bhfuil éirithe go maith le ACER mar fhóram chun rialálaithe náisiúnta gona leasanna éagsúla a chomhordú, níl de phríomhchúram air i láthair na huaire ach comhordú, comhairliú agus maoirseacht a dhéanamh. Cé go bhfuil ag méadú ar an gcomhar a bhíonn idir gníomhaithe margaidh thar teorainn agus go gcinneann siad nithe a bhaineann le hoibríocht na heangaí agus le trádáil leictreachais trí thromlach cáilithe ar leibhéal réigiúnach nó fiú ar leibhéal an Aontais[11], níl a mhacasamhail ar siúl ar leibhéal na rialála i dtaca leis na nósanna imeachta cinnteoireachta. Fágann sin go bhfuil an mhaoirseacht rialála fós bearnach, rud is siocair le

[10] Féach freisin, sa chomhthéacs seo, an togra maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais, lena gcuimsítear rioscaí do chinnteacht an tsoláthair a bhaineann le bainistiú géarchéimeanna leictreachais.

[11] Féach e.g. Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 2015/1222 ón gCoimisiún, 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú, IO L 197, 25.7.2015, lgh. 24–72.

cinntí éagsúla a bheith á ndéanamh agus moill gan údar a bheith ann. Dá neartófaí cumhachtaí ACER i dtaca leis na saincheisteanna trasteorann sin a dteastaíonn cinneadh comhordaithe réigiúnach ina leith, ba chuidiú sin chun cinnteoireacht níos sciobtha agus níos éifeachtúla a dhéanamh i gcás na saincheisteanna trasteorann sin. D'fhanfadh na rialálaithe náisiúnta, agus iad ag cinnteoireacht faoi chuimsiú ACER le vótáil tromlaigh maidir leis na saincheisteanna sin, páirteach go hiomlán sa phróiseas.

Is dealraitheach freisin gurb iomchuí sainmhíniú níos fearr a dhéanamh ar ról ENTSO-E chun a ról comhordúcháin a neartú agus níos mó den trédhearcacht a chur i bpróiseas na cinnteoireachta aige.

*Soiléirithe téacsúla*

Ar deireadh, i dtaca leis an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Leictreachas, an Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht, agus an Treoir maidir le Leictreachas, bainfear úsáid astu sin chun soiléirithe eagarthóireachta a sholáthar i dtaca le cuid de na rialacha reatha agus chun cuid acu a athstruchtúrú ionas na rialacha rí-theicniúla atá sna trí ghníomh sin a dhéanamh níos sothuigthe ach gan drannadh le substaint na bhforálacha acu.

- **Comhsheasmhacht le forálacha agus le bearta eile atá sa réimse beartais cheana**

Tá nasc láidir idir an tionscnamh maidir le heagar an mhargaidh agus tograí eile a bhaineann le fuinneamh agus leis an aeráid agus a tugadh chun cinn in éineacht leis. Orthu sin go háirithe, tá tionscnaimh chun éifeachtúlacht fuinnimh na hEorpa a fheabhsú, pacáiste maidir leis an bhfuinneamh in-athnuaite, agus an tionscnamh uileghabhálach maidir le rialachas agus le sásraí tuairiscithe an Aontais Fuinnimh. Is é aidhm na dtionscnamh sin go léir na bearta riachtanacha a chur chun feidhme chun Aontas Fuinnimh iomaíoch, slán agus inbhuanaithe a bhaint amach. Is é an fáth a bhfuiltear ag pacáistiú na dtionscnamh éagsúla, ina bhfuil luamháin reachtacha agus neamhreachtacha, chun a áirithiú go mbeidh na tionscnaimh bheartais idirnasctha éagsúla i gcomhréir le chéile a mhéid is féidir.

Dá bhrí sin, cé gur dírithe ar nuashonrú na rialacha margaidh – chun go mbeadh buntáiste eacnamaíoch ag baint leis an aistriú go fuinneamh glan – atá an togra reatha, is i sineirgíocht le creat níos leithne an Aontais Eorpaigh maidir le haeráid agus beartas fuinnimh atá na forálacha seo suite. Tugtar tuilleadh mínithe ar na naisc sin i Measúnú Tionchair an Choimisiúin[12].

Tá dlúthbhaint idir an togra seo agus an togra maidir le Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In-athnuaite, agus foráil ann do chreat lena mbainfear amach spriocanna 2030 i dtaobh fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear prionsabail chun tacú le scéimeanna um fhoinsí fuinnimh in-athnuaite, rud a d'fhágfadh go mbeidís níos margadh-dhírithe, níos costéifeachtaí agus níos réigiúnaithe ó thaobh raoin de i gcás ina gcinneann Ballstát scéimeanna tacaíochta a choimeád. Na bearta sin, amhail forálacha maidir le seoladh, bacainní margaidh roimh an bhféintomhaltas agus rialacha rochtana eile a bhaineann leis an margadh (darb aidhm comhtháthú na bhfoinsí fuinnimh in-athnuaite leis an margadh) – ar sa Treoir maidir le Fuinneamh In-athnuaite a bhí siad roimhe seo – táthar tar éis na bearta sin a chomhtháthú leis an Rialachán maidir le Leictreachas agus sa Treoir maidir le Leictreachas.

Beidh an togra maidir le Rialachán maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh ina rannchuidiú leis an gcomhleanúnachas beartais a áirithiú mar go gcuíchóireofar oibleagáidí pleanála agus tuairiscithe na mBallstát ionas gur fearrde a thacófar leis an gcoinbhéirseacht i dtreo na

12 [OP: Please insert Link to Impact Assessment]

spriocanna fuinnimh agus aeráide a leagtar síos ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Ina cháil mar ionstraim nua don phleanáil, don tuairisciú agus don mhaoirseacht, beidh an togra ina thomhsaire ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na Ballstáit i dtaca le cur chun feidhme na gceanglas margaidh uile-Eorpach a tugadh isteach de bhun na ngníomhartha atá faoi thrácht anseo.

Is comhlánú ar an togra reatha é an togra le haghaidh Rialacháin maidir le riosca-ullmhacht in earnáil an leictreachais; tá béim ar leith ansiúd ar ghníomhartha rialtais i dtaca le géarchéimeanna leictreachais a bhainistiú agus i dtaca le rioscaí gearrthéarmacha don chóras leictreachais a chosc.

Tá an togra reatha ag teacht go dlúth le beartas an Choimisiúin i dtaobh réimse an fhuinnimh. Ionchorpraítear ann go háirithe torthaí an fhiosrúcháin earnála ar shásraí acmhainne ón gCoimisiún, rud a fhágann i gcomhréir go hiomlán é le beartas cur chun feidhme an Choimisiúin maidir le státchabhair fuinnimh.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá sé d'aidhm ag an Rialachán atá á bheartú príomhchuspóirí an Aontais Fuinnimh a chur chun feidhme, mar a shainmhínítear iad sa Chreatstraitéis maidir le hAontas Fuinnimh buanseasmhach maille le beartas réamhbhreathnaitheach don athrú aeráide. Mar a dúradh thuas, tá mionsonraí an phacáiste ag teacht freisin leis an ngníomhaíocht ar leibhéal domhanda a rinne an tAontas le gairid chun cuspóirí uaillmhianacha i dtaca leis an aeráid a bhaint amach faoi chuimsiú an chomhaontaithe a daingníodh i bPáras ag an 21ú seisiún de Chomhdháil na bPáirtithe (COP21) faoi choimirce na Náisiún Aontaithe. Tá an togra reatha agus an togra maidir le Scéim Trádála Astaíochtaí an Aontais Eorpaigh a leasú, a rinneadh in Iúil na bliana 2015, ina dtreisiú agus ina gcomhlánú ag a chéile.

Ina theannta sin, sa mhéid gurb aidhm don leasú ar eagar an mhargaidh leictreachais margadh fuinnimh na hEorpa a dhéanamh níos iomaíche agus níos inrochtana do theicneolaíochtaí nua fuinnimh, tá an togra ina chuidiú freisin ag cuspóirí sin an Aontais e.g. fostaíocht agus fás a ghiniúint. Trí dheiseanna margaidh a thabhairt do theicneolaíochtaí nua, beidh an togra ina spreagadh chun úsáid a bhaint as tacar seirbhísí agus táirgí a thabharfadh do ghnólachtaí san Eoraip 'buntáiste an té is túisce gníomh' agus an t-aistriú go fuinneamh glan ag bailiú nirt ar fud an domhain.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é is bunús dlí don togra seo Airteagal 194 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena ndearnadh comhdhlúthú agus soiléiriú ar inniúlachtaí an Aontais Eorpaigh i dtaca le réimse an fhuinnimh. De réir Airteagal 194 den CFAE, is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá ag beartas fuinnimh an Aontais Eorpaigh: feidhmiú an mhargaidh fuinnimh a áirithiú; slándáil an tsoláthair fuinnimh san Aontas a áirithiú; éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn mar aon le forbairt a dhéanamh ar fhoirmeacha nua, in-athnuaite fuinnimh; agus idirnascadh na ngréasán fuinnimh a chur chun cinn.

Cuireann an togra reatha freisin le tacar cuimsitheach de ghníomhartha reachtacha a glacadh agus a nuashonraíodh le fiche bliain anuas. I dtaca le margadh inmheánach fuinnimh a bhaint amach, tá an tAontas Eorpach tar éis trí phacáiste reachtacha a ghlacadh i ndiaidh a chéile idir 1996 agus 2009, agus é d'aidhm uileghabhálacha acu na margaí a chomhtháthú agus na margaí náisiúnta leictreachais agus gáis a léirscaoileadh. Cuimsítear réimse leathan gnéithe

sna forálacha seo, lena n-áirítear rochtain ar an margadh, trédhearcacht, cearta tomhaltóirí, agus neamhspleáchas na n-údarás rialála, gan ach an beagán a lua.

I bhfianaise na reachtaíochta reatha agus an treo ginearálta atá faoin mborradh atá faoi chomhdhlúthú an mhargaidh, is ceart an togra reatha a thuiscint mar chuid den iarracht leanúnach atá ar siúl chun comhdhlúthú agus feidhmiú éifeachtach mhargaí fuinnimh na hEorpa a áirithiú.

Cúis eile fós le gníomhaíocht is ea an t-éileamh a rinne Comhairle na hEorpa[13] agus Parlaimint na hEorpa le gairid go gcríochnófaí an margadh fuinnimh Eorpach.

- **Coimhdeacht**

Tá gá leis na hathruithe atá á moladh ar fhorálacha an Rialacháin maidir le margaí an leictreachais, ar an Treoir maidir le rialacha comhchoiteanna do mhargadh inmheánach an leictreachais agus ar an Rialachán lena mbunaítear an Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh, chun an cuspóir maidir le margadh comhtháite inmheánach sa leictreachas don Aontas Eorpach a bhaint amach. Is rud é sin nach féidir a bhaint amach chomh héifeachtach céanna más ar an leibhéal náisiúnta a dhéantar. Mar a leagtar amach go mionsonraithe sa mheastóireacht a rinneadh ar na gníomhartha athmhúnlaithe reachtacha[14], tá fianaise ann gur siocair moille i dtaca le margadh inmheánach leictreachais a chur chun feidhme é an cur chuige aonair náisiúnta, agus go n-eascraíonn as sin bearta rialála neamh-chomhoiriúnacha agus fo-optamacha, dúbailt gan ghá ar idirghabhálacha, agus moill i dtaca le mí-éifeachtúlachtaí sa mhargadh a cheartú. Ní féidir margadh inmheánach fuinnimh a bhaint amach, a chuirfeadh ar fáil do chách fuinneamh inbhuanaithe ar phraghas iomaíoch, ar bhonn rialacha bearnacha náisiúnta a bheith i bhfeidhm maidir le trádáil fuinnimh, le hoibriú na heangaí roinnte agus le caighdeánú áirithe ar tháirgí.

De thoradh an mhéadaithe ar a idirnasctha atá margaí an leictreachais san Aontas, ní mór comhordú níos dlúithe a bheith idir na gníomhaithe náisiúnta. Bíonn tionchar díreach ag idirghabhálacha náisiúnta ó thaobh cúrsaí beartais san earnáil leictreachais ar na Ballstáit béal dorais i ngeall ar an idirspleáchas fuinnimh agus ar idirnaisc eangach. Is i ndeacracht atá sé ag dul cobhsaíocht na heangaí gona hoibriú éifeachtach a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta amháin mar gur dóichí an baol atá ann go dtarlódh éifeachtaí diúltacha trasteorann an méadú atá ag teacht ar an trádáil trasteorann, an úsáid atá á baint as an nginiúint dhíláraithe, agus an méadú atá tagtha ar rannpháirtíocht na dtomhaltóirí. Ní thig le haon stát feidhmiú go héifeachtach ar a chonlán féin agus, le himeacht aimsire, is suntasaí na hiarmhairtí a eascraíonn as gníomhaíocht aontaobhach. Bíonn feidhm ag an bprionsabal ginearálta sin i dtaca leis na bearta a tugadh isteach leis an togra reatha, i dtaca le trádáil fuinnimh, le hoibriú na heangaí agus le rannpháirtíocht éifeachtach na dtomhaltóirí nó eile.

Ó tharla gur minic tionchar eacnamaíoch nach beag ag saincheisteanna réigiúnacha comhchoiteanna dar dlite cinneadh comhordaithe ar na Ballstáit aonair, is léir ó thaithí an ama a caitheadh gur minic nach dtig leis an gcomhar deonach – cé gur úsáideach a leithéid i réimsí go leor den chomhar i measc na mBallstát – coimhlintí casta teicniúla, ag a mbíonn éifeachtaí

[13] I bhFeabhra na bliana 2011, leag Comhairle na hEorpa de chuspóir roimpi an margadh inmheánach fuinnimh a chríochnú faoi 2014 agus an idirnascthacht a fhorbairt ionas deireadh a chur faoi 2015 leis an aonrú eangaí a bhí ag gabháil de chuid de na Ballstáit. I Meitheamh na bliana 2016, d'iarr Comhairle na hEorpa freisin go mbeadh ann Straitéis Margaidh Aonair i dtaca le réimse an fhuinnimh, agus go ndéanfadh an Coimisiún pleananna gníomhaíochta a mholadh agus a chur chun feidhme faoi 2018.

[14] [OP please add link to Impact assessment – evaluation part].

dáileacha i measc na mBallstát, a shárú[15]. Tá teorainn gheografach leis na tionscnaimh dheonacha reatha, lena n-áirítear an Fóram Cúigthaobhach um Fhuinneamh, mar nach gcuimsítear leo ach cuid de mhargadh an leictreachais san Aontas Eorpach agus ar an ábhar nár ghá go gcuimseofaí leo na tíortha sin is neasa idirnasc dá chéile.

Féach an sampla nithiúil seo: d'fhéadfadh beartais neamhchomhordaithe náisiúnta maidir le prionsabail um tharaifí dáileacháin an margadh inmheánach a shaobhadh chomh mór sin go bhfágfaí seirbhísí stórála fuinnimh nó seirbhísí um ghiniúint dháilte taobh le dreasachtaí an-difriúla maidir le bheith rannpháirteach sa mhargadh. Ó tharla an trádáil trasteorann a dhéantar ar theicneolaíochtaí nua agus ar sheirbhísí fuinnimh ag móradh, tá luach nach beag ag gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i dtaca lena áirithiú go mbeidh cothrom iomaíochta ann agus torthaí margaidh níos éifeachtúla le fáil ag cách lena mbaineann.

Táthar tar éis feidhm chomhordúcháin ACER a thabhairt chun oiriúna le forbairtí nua sna margaí fuinnimh, mar atá, gá níos mó a bheith le comhordú tráth a sreabhann níos mó fuinnimh ná mar is gnách trasna na teorann, agus teacht sa saol don ghiniúint fuinnimh ó RES-E luaineach. Tá ról mór ag na húdaráis neamhspleácha náisiúnta rialála i dtaca le maoirseacht rialála a dhéanamh ar an earnáil náisiúnta fuinnimh acu féin. Aon chóras a méadaíonn ar a idirspleáchas i measc na mBallstát i dtaca le hidirbhearta margaidh agus le hoibríocht chórais, is córas é a dteastaíonn maoirseacht rialála uaidh taobh thall dá theorainneacha féin. Is é ACER an comhlacht a bunaíodh chun maoirseacht rialála den chineál sin a chur ar fáil i gcás ina mbíonn níos mó ná dhá Bhallstát i gceist. Táthar tar éis príomhról ACER mar chomhordaitheoir ar ghníomhaíochtaí na rialálaithe náisiúnta a choinneáil slán: táthar tar éis líon teoranta inniúlachtaí breise a shannadh do ACER sna réimsí sin ina bhféadfadh cinnteoireacht bhearnach náisiúnta maidir le saincheisteanna a mbaineann tábhacht trasteorann leo a bheith ina siocair le fadhbanna nó le neamhréireachtaí sa mhargadh inmheánach. Mar shampla, i ngeall ar chruthú na lárionad oibríochtúil réigiúnach (LORanna) san [athmhúnlú ar Rialachán maidir le Leictreachas arna mholadh ag COM(2016) 861/2], teastaíonn maoirseacht fornáisiúnta, nach mór gurb é ACER a dhéanfadh, ó tharla gur i roinnt Ballstát atá na LORanna suite. Ar an gcuma chéanna, ó tharla gur tugadh isteach measúnú comhordaithe uile-Aontais ar leordhóthanacht san [athmhúnlú ar Rialachán maidir le Leictreachas arna mholadh ag COM(2016) 861/2], teastaíonn formheas rialála ar a mhodheolaíocht agus ar a ríomha, nach mór gurb é ACER a dhéanfadh, mar go mbeidh an measúnú sin le déanamh sna Ballstáit go léir.

Cé go dteastóidh breis foirne ó ACER mar gur sannadh dó na cúraimí nua sin, laghdófar ualach na n-údarás náisiúnta i ngeall ar ról comhordúcháin ACER, rud a fhágfaidh tuilleadh acmhainní riaracháin ar fáil ar an leibhéal náisiúnta. Leis an gcur chuige atá á mholadh, cuíchóireofar na nósanna imeachta rialála (e.g. trí fhormheas díreach, faoi chuimsiú ACER – seachas ocht gcinn fhichead d'fhormheasa éagsúla – a thabhairt isteach). A bhuí le forbairt chomhordaithe na modheolaíochtaí (e.g. i dtaca le measúnú ar leordhóthanacht), laghdófar ualach oibre na n-údarás náisiúnta agus seachnófar obair bhreise a eascraíonn as fadhbanna féideartha ar gníomhaíocht neamhailínithe rialála náisiúnta is cúis leo.

- **Comhréireacht**

Leis na roghanna beartais a chuimsítear sa Rialachán maidir le Leictreachas, sa Treoir maidir le Leictreachas, agus sa Rialachán maidir leis an nGníomhaireacht, féachtar le heagar an

[15] Féach mar shampla an plé faoi bhainistiú ar phlódú san Eoraip Láir as eascair moill nár bheag (i dtaca le níos mó den chomhtháthú a thabhairt isteach sa mhargadh) ar an ábhar go raibh na leasanna náisiúnta ag teacht salach ar a chéile.

mhargaidh leictreachais a thabhairt chun oiriúna leis an sciar méadaitheach atá ag an nginiúint dhíláraithe agus le forbairtí leanúnacha teicneolaíocha.

Dírithe ar an méid nach bhfuil déanamh dá uireasa má táthar chun an dul chun cinn riachtanach a bhaint amach i dtaca leis an margadh inmheánach, agus air sin amháin, atá na leasuithe atá á mbeartú, agus fágtar na hinniúlachtaí agus na freagrachtaí is tábhachtaí faoi na Ballstáit, na rialálaithe náisiúnta agus na gníomhaithe náisiúnta.

Arís agus arís eile, léiríodh sa Mheasúnú Tionchair nach raibh aon ghlacadh le roghanna a cheadódh comhchuibhiú níos forleithne, e.g. go mbeadh ann rialálaí neamhspleách fuinnimh amháin don Eoraip, oibreoir comhtháite amháin don chóras tarchurtha san Eoraip nó toirmisc shimplí ar idirghabhálacha stáit gan aon díolúine. Ina áit sin, is é aidhm an togra réitigh chothromaithe a bhaint amach nach dteorannaíonn ach an raon náisiúnta i dtaca le gníomhaíocht rialála i gcás inar léir gur mó buntáiste a bhainfidh an tomhaltóir as gníomhaíocht chomhordaithe.

Is é aidhm na roghanna beartais sin a glacadh cothrom iomaíochta a chruthú i measc na dteicneolaíochtaí giniúna uile agus saobhadh margaidh a bhaint ionas, *inter alia*, go bhféadfaidh foinsí fuinnimh in-athnuaite dul in iomaíocht ar comhchéim le chéile i margadh an fhuinnimh. Ina theannta sin, bheadh freagracht airgeadais ar rannpháirtithe uile an mhargaidh as an eangach a choinneáil ar cothrom. Déanfar aon bhacainn atá roimh sheirbhísí a thugann solúbthacht don eangach, amhail seirbhísí freagartha éilimh, a bhaint. Leis na bearta sin, féachtar freisin le margadh gearrthéarmach níos leachtaí a chruthú ionas go mbeidh luaineacht phraghsála in ann léargas fírinneach a thabhairt ar theirce, agus in ann dreasachtaí leordhóthanacha a thairiscint ar mhaithe le heangach sholúbtha a bheith ann.

Ar leibhéal an mhargaidh mhiondíola, spreagfar na Ballstáit le deireadh a chur freisin, de réir a chéile, le bratrialáil phraghsála, agus ar an gcéad ásc leis an bpraghsáil faoi bhun costais. Is féidir tomhaltóirí leochaileacha a chosaint le rialáil phraghsála eatramhach. D'fhonn cur leis an iomaíochas, cuirfear srian ar tháillí scortha conartha a úsáid mar dhreasacht dóibh siúd arb áil leo imeacht ó sholáthróir amháin chuig soláthróir eile. Ar an gcuma chéanna, áiritheofar le prionsabail ardleibhéil go mbeidh billí soiléir agus sothuigthe, agus tabharfar rochtain neamh-idirdhealaitheach ar shonraí tomhaltóirí; déanfar sin go léir faoi chuimsiú forálacha ginearálta an phríobháideachais.

I gcomhréir leis an bhforbairt atá tagtha ar an trádáil trasteorann leictreachais agus leis an gcomhtháthú atá ag teacht, de réir a chéile, ar an margadh, glacfar an creat institiúideach, rud atá ag teacht leis as ngá atá le comhar breise rialála agus le cúraimí nua. Leagfar cúraimí breise ar ACER, go háirithe i dtaca le hoibriú réigiúnach an chórais fuinnimh, ach caomhnófar ról lárnach na rialálaithe náisiúnta i dtaca le rialáil fuinnimh.

Táthar tar éis na roghanna ar fad a mheas go mion maidir le comhlíonadh na gceanglas um chomhréireacht, sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an togra. Is ceart a thabhairt faoi deara anseo gur comhréiteach idir tionscnaimh a forbraíodh ón mbun aníos agus stiúradh an mhargaidh ón mbarr anuas iad na beartais atá á moladh. De ghrá na comhréireachta, ní ghlacann na bearta in aon slí ról na rialtas náisiúnta, na n-údarás náisiúnta rialála, ná na n-oibreoirí córais tarchurtha i dtaca le feidhmeanna criticiúla a chur i gcrích. Go deimhin, is é a mhalairt atá i gceist mar go spreagtar na rialálaithe náisiúnta chun teacht le chéile ar shlí níos éifeachtúla ar bhonn réigiúnach, go foirmiúil agus go neamhfhoirmiúil, chun aghaidh a thabhairt – ar scála atá ar comhchuimse le scála na faidhbe – ar shaincheisteanna a eascraíonn as bainistiú an chórais leictreachais.

Ní formheas ar chur chuige 'an chomhchuibhithe iomláin' atá i gceist mar sin ach a mhalairt: is é aidhm na mbeart cothrom iomaíochta a chruthú do gach gníomhaí margaidh, go háirithe

nuair is taobh thall de na teorainneacha náisiúnta a bhíonn na deiseanna margaidh. I ndeireadh thiar, ní mór caighdeánú áirithe a dhéanamh ar na rialacha agus ar na táirgí chun go mbeadh trádáil éifeachtúil trasteorann ann; dá mba iad na Ballstáit aonair féin agus na rialálaithe agus iad ag gníomhú astu féin a dhéanfadh gach cinneadh maidir le hoibriú na heangaí, thiocfadh as sin torthaí fo-optamacha margaidh. Is léir ón taithí a fuarthas ag foirmiú agus ag glacadh rialach maidir le trádáil agus gréasán comónta (na "Cóid Ghréasáin" agus na "Treoirlínte" mar a thugtar orthu) ón Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh in 2009 go n-eascraíonn breisluach soiléir as rialálaithe agus údaráis náisiúnta a theacht chun boird chun rialacha agus modheolaíochtaí comónta a chomhaontú, i dtaca le prionsabail ardleibhéil agus theicniúla.

Tá bearna iomaíochais ann idir na margaí miondíola agus mórdhíola, agus an bhearna sin ag méadú, ó tharla na margaí miondíola fós ar gcúl i dtaca le tairiscint seirbhíse agus le buntáistí sofheicthe a thabhairt do thomhaltóirí. Trí fhaireachán a dhéanamh ar an tearcrochtain fuinnimh, ar an trédhearcacht agus soiléire an eolais a thugtar do thomhaltóirí mar aon leis an rochtain ar shonraí, ní chuirfidh na bearta atá á moladh srian míchuí ar na sainchumais náisiúnta.

- **Rogha na hionstraime dlí**

Leasófar, leis an togra seo, na príomhghníomhartha dlíthiúla a bhí sa Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh. Orthu sin, tá an Rialachán maidir le Leictreachas (Uimh. 714/2009) agus an Treoir maidir le Leictreachas (Uimh. 2009/72/CE), mar aon leis an Rialachán lena mbunaítear ACER (Uimh. 713/2009). Má chinntear na gníomhartha réamhráite a athmhúnlú, cuirfear leis an tsoiléireacht dhlíthiúil. Bhí an baol ann nár leor gníomh leasaitheach chun aghaidh a thabhairt ar thacar leathan forálacha nua. Fágann an ionstraim a roghnaíodh, ar forbairt nádúrtha í ar an reachtaíocht reatha, nach mór athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atáthar tar éis a ghlacadh agus a chur chun feidhme cheana féin.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá seirbhísí an Choimisiúin tar éis measúnú a dhéanamh ar cé mar a d'éirigh leis an gcreat dlíthiúil reatha (An Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh) de réir cúig chritéar socraithe: ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas agus breisluach AE. Rinneadh measúnú, ar leith, mar aon leis an Measúnú Tionchair, agus cuireadh torthaí an chéad mheasúnaithe san áireamh sa chuid sin den Mheasúnú Tionchair inar pléadh sainaithint na faidhbe.

De réir an mheasúnaithe, tá éirithe leis an Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh, ar an iomlán, an t-iomaíochas a mhéadú agus bacainní roimh an iomaíochas trasteorann i margaí an leictreachais a bhaint. D'eascair as forfheidhmiú gníomhach na reachtaíochta torthaí dearfacha do mhargaí an leictreachais agus do thomhaltóirí; maidir leis na margaí, tá siad níos comhtháite ar an iomlán ach níl siad chomh dlúite agus a bhí in 2009. I gcás na margaí miondíola, is fearr cás an tomhaltóra i dtaca leis na margaí fuinnimh i ngeall ar na cearta nua a tugadh do thomhaltóirí mar chuid den Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh.

Bíodh is gur éirigh go maith leis na rialacha a bhí sa Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh, tá siad fós teoranta i roinnt réimsí, ar an leibhéal mórdhíola agus ar an leibhéal miondíola. Ar an iomlán, léirítear sa mheasúnú go bhféadfaí cuid mhaith a bhaint amach fós ach creat an eagair margaidh a fheabhsú, mar is léir ón mbuntáiste nár baineadh fós as an leas ginearálta agus ó

na sochair atá ar fáil do thomhaltóirí. Ar leibhéal na margaí mórdhíola, is ann fós do bhacainní roimh an trádáil trasteorann agus is annamh a bhaintear lánúsáid as acmhainneachtaí na n-idirnascairí. Is é is cúis leo sin, *inter alia*, comhar neamhleor a bheith ann idir oibreoirí na n-eangacha náisiúnta agus na rialálaithe maidir le húsáid na n-idirnascairí a chomhroinnt. I gcásanna go leor, tá dearcaí náisiúnta na bpáirtithe atá i gceist fós ina mbacainn roimh réitigh éifeachtacha trasteorann agus ina gcúis, i ndeireadh thiar thall, le srian a chur ar shreafaí trasteorann, ar sreafaí iad a thabharfadh buntáiste uatha murach sin. Ní mar a chéile atá an scéal ó mhargadh go margadh ná ó chreat ama go creat ama, agus ní hionann an comhtháthú sna margaí lá roimh ré, ionlae, agus cothromaithe.

Maidir leis na margaí miondíola, d'fhéadfaí an-fheabhas a chur ar an bhfeidhmíocht iomaíochais. Ar chúiseanna neamh-mhargaidh, is mór fós idir praghas an leictreachais ó Bhallstát go Ballstát, agus tá an praghas a íocann teaghlaigh ardaithe de réir a chéile i ngeall ar an méadú atá tagtha ar mhuirir dho-chonspóide le blianta beaga anuas; orthu sin, tá muirir ghréasáin, cánacha agus dleachtanna. Maidir le cosaint tomhaltóirí, fágann an t-ardú atá ag teacht ar an tearcrochtain fuinnimh, agus easpa soiléireachta maidir le cé mar is fearr dul i ngleic le leochaileacht na dtomhaltóirí agus leis an tearcrochtain fuinnimh, fágann siad sin moill ar mhargadh inmheánach an fhuinnimh a dhoimhniú a thuilleadh. Ní beag an chonstaic airgeadais roimh rannpháirtíocht na dtomhaltóirí na táillí scortha conartha a ghearrtar orthu siúd a imíonn ó sholáthróir amháin chuig soláthróir eile. Ina theannta sin, tugann líon ard na ngearán billeála[16] le fios go bhfuil scóip ann fós chun an inchomparáideacht agus an tsoiléireacht maidir le heolas billeála a fheabhsú.

Chomh maith leis na heasnaimh atá ann i dtaca le cuspóirí an Tríú Pacáiste maidir leis an bhFuinneamh, tá tacar nua de dhúshláin anois ann nár tuaradh agus an Tríú Pacáiste á ullmhú. Orthu siúd, mar a luadh thuas, tá an méadú an-mhór atá tagtha ar fhoinsí in-athnuaite na giniúna leictreachais, an méadú atá tagtha ar idirghabhálacha stáit i margaí an leictreachais ar chúiseanna a bhaineann le cinnteacht an tsoláthair, agus na hathruithe atá ag tarlú ó thaobh na teicneolaíochta de. Tá siad siúd tar éis athruithe móra a fhágáil ar an mbealach a bhfeidhmíonn na margaí, go mór mór le cúig bliana anuas, agus a bheith ina gcúis maolaithe ar an éifeacht dhearfa a bhí ag na leasuithe ar thomhaltóirí, mar aon le hacmhainneacht neamhshaothraithe nár baineadh fós as an nuachóiriú. Fágann sin go bhfuil bearna anois sa reachtaíocht reatha maidir le cé mar is ceart déileáil leis na forbairtí sin.

I gcomhréir le toradh an mheasúnaithe agus an Mheasúnaithe Tionchair, is é aidhm an togra reatha an bhearna sin a líonadh agus creat cumasúcháin a sholáthar lena léireofaí na forbairtí teicneolaíocha atá tarlaithe san earnáil tráth a bhfuil na córais fuinnimh atá againn ag druidim le samhlacha nua táirgeachta agus tomhaltais.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra reatha á ullmhú, chuir an Coimisiún roinnt comhairliúchán poiblí á ndéanamh. Tugadh cuireadh do shaoránaigh an Aontais Eorpaigh agus d'údaráis na mBallstát, do rannpháirtithe i margadh an fhuinnimh gona gcomhlachais, chomh maith le geallsealbhóirí ábhartha eile, lena n-áirítear FBManna agus tomhaltóirí fuinnimh.

Díreofar go sonrach ar thrí cinn de na comhairliúcháin gona dtorthaí:

[16] An Coimisiún Eorpach (2016), 'An Dara Staidéar ar Mhargadh na dTomhaltóirí maidir le feidhmiú mhargaí miondíola an leictreachais do thomhaltóirí san Aontas Eorpach',

1) Saincheisteanna a bhaineann le leordhóthanacht acmhainne a bhí mar ábhar comhairliúcháin[17] ag an gcomhairliúchán poiblí a rinneadh idir 15 Samhain 2012 agus 7 Feabhra 2013, faoi mar atá le léamh in *"Comhairliúchán maidir le leordhóthanacht giniúna, sásraí acmhainne, agus an margadh inmheánach sa leictreachas"*. Ba é a aidhm sin tuairimí na ngeallsealbhóirí a fháil maidir le leordhóthanacht acmhainní agus cinnteacht an tsoláthair leictreachais a áirithiú sa mhargadh inmheánach.

148 freagra a cuireadh faoi bhráid an chomhairliúcháin – ó chomhlachtaí poiblí, ón tionscail féin (idir tháirgeoirí agus thomhaltóirí) agus ó lucht léinn. Tá cairt mhionsonraithe de na freagraí le fáil ar líne[18], mar aon leis na freagraí aonair agus achoimre ar thorthaí an chomhairliúcháin[19].

2) Rinneadh comhairliúchán poiblí maidir le margaí miondíola an leictreachais agus leis na tomhaltóirí deiridh[20] idir 22 Eanáir 2014 agus 17 Aibreán 2014. 237 freagra a fuair an Coimisiún ar an gcomhairliúchán; ó sholáthróirí fuinnimh a tháinig thart ar 20% de na haighneachtaí, 14% ó na DSOanna, 7% ó eagraíochtaí tomhaltóirí, agus 4% ó na húdaráis náisiúnta rialála. Ghlac líon mór saoránach páirt sa chomhairliúchán freisin. Tá achoimre iomlán ar na freagraí le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[21].

3) Rinneadh comhairliúchán fairsing poiblí[22] maidir le heagar nua don mhargadh fuinnimh idir 15 Iúil 2015 agus 9 Deireadh Fómhair 2015.

320 freagra a fuair an Coimisiún ar an gcomhairliúchán sin. Ó chomhlachais náisiúnta nó uile-Aontais de chuid an tionscail a tháinig thart ar 50% de na haighneachtaí. Ó ghnólachtaí atá gníomhach in earnáil an fhuinnimh féin a tháinig 26% de na freagraí (soláthróirí, idirghabhálaithe, tomhaltóirí) agus ó oibreoirí gréasáin a tháinig 9%. Fuarthas aiseolas freisin ó 17 de na rialtais náisiúnta agus ó roinnt de na húdaráis náisiúnta rialála. Ghlac líon mór saoránach mar aon le forais acadúla páirt sa chomhairliúchán freisin. Tá cur síos mionsonraithe ar thuairimí na ngeallsealbhóirí maidir le gach ceann de na roghanna beartais le fáil sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an tionscnamh reachtach.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Is bunaithe ar chnuasach mór ábhair (féach na tagairtí fonóta sa mheasúnú tionchair) a ullmhaíodh an rialachán atá á bheartú agus an Measúnú Tionchair a ghabhann leis. Orthu sin, tá 30 staidéar agus uirlisí samhaltaithe, a rinne páirtithe neamhspleácha seachtracha, den

[17] An Coimisiún Eorpach (2012) 'Comhairliúchán maidir le leordhóthanacht giniúna, sásraí acmhainne, agus an margadh inmheánach sa leictreachas' https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/documents/20130207_generation_adequacy_consultation_document.pdf

[18] https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/documents/Charts_Public%20Consultation%20Retail%20Energy%20Market.pdf

[19] An Coimisiún Eorpach (2012) Comhairliúchán maidir le leordhóthanacht giniúna, sásraí acmhainne, agus an margadh inmheánach sa leictreachas https://ec.europa.eu/energy/en/consultations/consultation-generation-adequacy-capacity-mechanisms-and-internal-market-electricity

[20] An Coimisiún Eorpach (2014) Comhairliúchán maidir leis an margadh miondíola fuinnimh https://ec.europa.eu/energy/en/consultations/consultation-retail-energy-market

[21] https://ec.europa.eu/energy/sites/ener/files/documents/Charts_Public%20Consultation%20Retail%20Energy%20Market.pdf

[22] An Coimisiún Eorpach (2015) Comhairliúchán maidir le Dearadh nua don Mhargadh Fuinnimh COM (2015) 340 final https://ec.europa.eu/energy/en/consultations/public-consultation-new-energy-market-design

chuid is mó, darb aidhm roghanna sonracha de chuid an togra reatha a mheas. Tá liosta iomlán díobh seo le fáil in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Measúnú Tionchair. Cuimsítear sna staidéir sin raon modheolaíochtaí, agus aird ar leith ar mheastacháin chainníochtúla ar anailísí eacnamaíocha agus sóisialta ar na costais is tairbhe.

Ina theannta sin, rinne an Coimisiún fiosrúchán earnála maidir leis na sásraí náisiúnta acmhainne agus cuireadh torthaí eatramhacha an fhiosrúcháin sin san áireamh agus an togra reatha á ullmhú[23]. Is breis iad torthaí na staidéar sin ar an aiseolas fairsing a fuarthas ó na geallsealbhóirí (mar a tuairiscíodh thuas), rud a fhágann go bhfuil, ar an iomlán, foras maith fianaise ag an gCoimisiún ar a mbunóidh sé na tograí reatha.

- **Measúnú tionchair**

Bhí an Measúnú Tionchair mar thaca leis na bearta uile arna mbeartú. Thug an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach uaidh, an 7 Samhain 2016. Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Measúnú Tionchair an dóigh inar cuireadh san áireamh na tuairimí a nocht an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála.

Rinneadh riar roghanna beartais maidir le gach fadhb a sainíodh a scrúdú sa Mheasúnú Tionchair. Liostaítear anseo na tacair fadhbanna sin maille leis an bealaí malartacha idirghabhála:

*An tEagar Margaidh a thabhairt chun oiriúna leis an ardú atá tagtha ar úsáid foinsí in-athnuaite agus le forbairtí teicneolaíochta:*

Moladh sa Mheasúnú Tionchair go ndéanfaí na rialacha reatha margaidh a fheabhsú chun cothrom iomaíochta a chruthú i measc na dteicneolaíochtaí agus na n-acmhainní giniúna go léir trí gach saobhadh reatha ar an margadh a bhaint. Téitear i ngleic ann le rialacha a dhéanann idirdhealú idir acmhainní agus a theorannaíonn nó a thacaíonn le rochtain ar an eangach leictreachais a thabhairt do theicneolaíochtaí áirithe. Ina theannta sin, leagfaí freagracht airgeadais ar gach rannpháirtí margaidh as míchothromaíochtaí a tharlódh san eangach agus d'íocfaí as gach acmhainn faoi choinníollacha comhionanna ar an margadh. Bhainfí gach bacainn a bheadh roimh fhreagairt don éileamh. Neartódh an rogha a roghnaíodh na margaí gearrthéarmacha trí iad a thabhairt níos gaire do dhálaí fíor-ama ar mhaithe leis an deis is fearr a sholáthar chun freastal ar riachtanais na solúbthachta agus trí na margaí cothromaithe a dhéanamh níos éifeachtúla. Ar chuid den rogha a rinneadh, tá bearta ba chuidiú chun gach acmhainn sholúbtha dháilte a bhaineann leis an nginiúint, leis an éileamh, agus leis an stóráil, a thabhairt isteach sa mhargadh de bhíthin dreasachtaí cearta, mar aon le creat margaidh a d'oirfeadh ní b'fhearr dóibh agus le bearta a thabharfadh ugach do DSOanna.

Ní raibh aon ghlacadh le cur chuige neamhrialála mar gur beag scóip a bheadh ag a leithéid chun an margadh a fheabhsú agus cothrom iomaíochta a áirithiú i dtaca le hacmhainní. Go deimhin, teoranta atá creat rialála an Aontais Eorpaigh, ina riocht reatha, sna réimsí ábhartha, sin nó ní ann dó i dtaca le réimsí eile. Anuas air sin, measadh nár leor an comhchuibhiú ná an chinnteacht a thabharfadh an comhar deonach don mhargadh. Ar an gcuma chéanna, ní raibh aon ghlacadh leis an rogha maidir le comhchuibhiú iomlán ar rialacha an mhargaidh mar go raibh an baol ann go sáródh na hathruithe prionsabail de chuid na comhréireachta agus nach mbeadh aon ghá leo, ar an iomlán, i bhfianaise riocht reatha mhargaí fuinnimh na hEorpa.

[23] Tuarascáil Eatramhach ar an bhFiosrúchán Earnála ar shásraí acmhainne, C(2016) 2107 final.

*Aghaidh a thabhairt ar infheistíochtaí sa ghiniúint thodhchaíoch agus ar shásraí neamhchomhordaithe acmhainne*

Rinneadh measúnú ar roghanna éagsúla beartais a raibh níos mó i gceist leo ná an cás bunlíne. Bhí leibhéil éagsúla den ailíniú agus den chomhordú i measc na mBallstát ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i gceist leis na roghanna éagsúla sin, mar aon le leibhéil éagsúla i dtaca leis an spleáchas a bheadh ag na rannpháirtithe margaidh ar íocaíochtaí ó mhargadh an fhuinnimh.

Is é an toradh a bheadh ar an rogha maidir le 'margadh taobh le fuinneamh', mar a thugtar air, go ndéanfaí margaí na hEorpa a fheabhsú agus a idirnascadh sách mór go mbeadh ann na comharthaí praghsála ba ghá chun infheistíochtaí in acmhainní nua agus sna háiteanna cearta a spreagadh. Ina leithéid sin de chás, ní theastódh aon sásraí acmhainne feasta.

Faoin rogha sin, tacaítear leis an gcás ina mbeadh an 'margadh taobh le fuinneamh', ach ní dhiúltaítear don fhéidearthacht faoina bhféadfadh na Ballstáit sásraí acmhainne a úsáid ar an gcoinníoll go mbunófaí iad sin ar shásra measúnúcháin comhroinnte maidir le leordhóthanacht acmhainne a chuirfí ar siúl le trédhearcacht iomlán faoi choimirce ENTSO-E agus ACER agus a bheadh i gcomhréir le gnéithe comhchoiteanna deartha a bhaineann le comhoiriúnacht níos fearr a bheith idir na sásraí náisiúnta acmhainne agus an comhar comhchuibhithe trasteorann. Is breis atá sa rogha seo ar Threoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Státchabhair do Chosaint an Chomhshaoil agus don Fhuinneamh 2014-2020, mar aon leis an bhFiosrúchán Earnála maidir le sásraí acmhainne.

Ní raibh aon ghlacadh le cur chuige neamhrialála mar nach bhfuil na forálacha atá i reachtaíocht an Aontais Eorpaigh cheana féin sách soiléir ná sách docht le dul i ngleic leis na dúshláin atá le sárú ag córas leictreachais na hEorpa. Anuas air sin, tá an baol ann nach dtiocfaidh den chomhar deonach dóthain den chomhchuibhiú i measc na mBallstát ná den chinnteacht i dtaca leis an margadh. Tá gá le reachtaíocht sa réimse seo chun dul i ngleic leis na saincheisteanna ar dhóigh chomhsheasmhach. Ó tharla go raibh sí neamhréireach, níor glacadh leis an rogha, arna bunú ar mheasúnuithe leordhóthanachta giniúna ar leibhéal réigiúnach nó uile-Eorpach, lena gcaithfeadh gach Ballstát sásraí acmhainne a chur ar fáil ar bhonn éigeantach.

*Tearcfheidhmíocht na Margaí Miondíola: imlonnú fadálach agus leibhéil ísle seirbhíse*

Mar chuid den rogha sin ar glacadh léi, chuirfeadh na Ballstáit deireadh, de réir a chéile, leis an mbratrialáil phraghsála faoi spriocdháta a leagfaí síos i reachtaíocht de chuid an Aontais Eorpaigh, agus is leis an bpraghsáil faoi bhun costais a thosófaí ar an gcéad ásc. Leis an rogha seo, is féidir rialáil phraghsála eatramhach a úsáid i gcás tomhaltóirí leochaileacha. D'fhonn cur le rannpháirtíocht na dtomhaltóirí, cuirfear teorainn le húsáid táillí scortha conartha. Cuirfidh na húdaráis náisiúnta uirlis deimhniúcháin chun feidhme, rud a chothóidh muinín na dtomhaltóirí as suíomhanna gréasáin comparáide. Ina theannta sin, áiritheofar go mbeidh billí soiléir agus sothuigthe de bhíthin prionsabail ardleibhéil agus íoscheanglais inneachair. Tá ceangal ar na Ballstáit freisin faireachán a dhéanamh ar líon na dteaghlach atá buailte ag an tearcrochtain fuinnimh. Ar deireadh, ionas go bhféadfaidh iontrálaithe nua agus gnólachtaí a chuireann seirbhísí fuinnimh ar fáil seirbhísí nua a fhorbairt, áirithítear go mbeidh rochtain neamh-idirdhealaitheach ar shonraí tomhaltóirí ann.

Ar na roghanna eile a measadh ach nár glacadh leo, bhí comhchuibhiú iomlán ar an reachtaíocht maidir le tomhaltóirí mar aon le coimircí iomadúla do thomhaltóirí; díolúine maidir le praghasrialáil arna sainmhíniú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh de réir tairseach tomhaltais nó tairseach praghsála; samhail chaighdeánach láimhseála sonraí a chur i bhfeidhm agus an fhreagracht a leagan ar ghníomhaire neodrach margaidh amhail OCT; cosc a chur ar gach táille imeachta lena n-áirítear táillí scortha conartha, agus comhchuibhiú a dhéanamh, go

pointe áirithe, ar inneachar billí fuinnimh. Agus ar deireadh, tugtar isteach creat de chuid an Aontais Eorpaigh lena ndéanfar faireachán ar an tearcrochtain fuinnimh trí bhíthin suirbhé ar an éifeachtúlacht fuinnimh a dhéanfaidh na Ballstáit ar an stoc tithíochta, mar aon le bearta coisctheacha ar mhaithe le díscor a chosc. Ní raibh aon ghlacadh le haon cheann de na roghanna seo i bhfianaise phrionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Mórán gach geallsealbhóir dár thug tuairim uaidh, níor meas sé gur den chéill ach oiread cloí leis an *status quo*.

*An creat institiúideach a fheabhsú agus ról na Gníomhaireachta*

Is aidhm de chuid chreat institiúideach an Tríú Pacáiste maidir leis an Leictreachas an comhar a chur chun cinn i measc na n-údarás náisiúnta rialála agus i measc na n-oibreoirí córais tarchurtha freisin. Ó bunaíodh iad, tá ACER agus ENTSOs tar éis ról lárnach a imirt i dtaca le margadh inmheánach feidhmiúil fuinnimh a bhaint amach. Ach fágann na forbairtí is déanaí ar mhargaí fuinnimh na hEorpa atá á meas sa Mheasúnú Tionchair agus na tograí a lean maidir le hEagar Nua Margaidh, fágann siad nach mór an creat institiúideach a oiriúnú. Ina theannta sin, ó cuireadh an Tríú Pacáiste chun feidhme, táthar tar éis aird a dhíriú ar réimsí a d'fhéadfaí a fheabhsú i dtaca leis an gcreat is infheidhme do ACER agus do ENTSO. Maidir leis na roghanna sin a measadh i dtaca leis an gcreat institiúideach a leasú, ní raibh aon ghlacadh leis an ngnó mar is gnách mar go dtiocfadh de sin easnaimh sa rialáil agus san fhaireachas margaidh, rud atá ag teacht leis na forálacha a tugadh isteach in áiteanna eile sa togra seo i dtaca le margaí atá i mbéal a mbeirthe, agus atá ag teacht chomh maith leis an dul chun cinn leanúnach atá ar siúl ar leibhéal an Aontais Eorpaigh i dtaca le reachtaíocht thánaisteach.

Rinneadh cur chuige neamhrialála a mheas freisin i.e. 'forghníomhú níos tréine' agus comhoibriú aontaitheach gan aon bhearta breise nua lena n-oiriúnófaí an creat institiúideach. Cuid den fhorghníomhú feabhsaithe ar reachtaíocht atá ann cheana is ea cur chun feidhme leanúnach an Tríú Pacáiste agus cur chun feidhme iomlán na gcód agus na dtreoirlínte gréasáin – a bhfuil cur síos orthu faoin rogha 'gnó mar is gnách' – mar aon le forghníomhú níos tréine. Ach níor leor forghníomhú níos tréine ann féin le feabhas a chur ar an gcreat institiúideach reatha.

Measadh freisin an rogha reachtach lena ndéanfaí, a mhórán nó a bheagán, rialálaí uile-Eorpach as ACER ach ní raibh aon ghlacadh leis an rogha sin. Ionas go bhféadfadh an Ghníomhaireacht a leithéid de ról a imirt, chaithfí cur go mór le buiséad agus le foireann ACER mar go dteastódh dlús mór saineolaithe sa Ghníomhaireacht chun a leithéid a bhaint amach. Dhealródh sé freisin gurb iomchuí páirteachas na rialálaithe náisiúnta i nós imeachta cinnteoireachta na Gníomhaireachta a choinneáil slán agus gan fáil réidh le cinnteoireacht chórasach tromlaigh arna déanamh ag na rialálaithe náisiúnta ar mhaithe le cinnteoireacht arna déanamh ag an stiúrthóir amháin.

Measadh, dá bhrí sin, roghanna reachtacha chun ACER a fheabhsú ar bhonn an chreata reatha. Leis an rogha sin ar glacadh léi sa Mheasúnú Tionchair, is féidir creat institiúideach an Aontais Eorpaigh a thabhairt chun oiriúna le fíor-staid nua an chórais leictreachais. Leis an rogha sin freisin, téitear i ngleic leis an ngá atá anois le breis den chomhar réigiúnach agus téitear i ngleic leis na heasnaimh reatha agus oirchilleacha atá i margadh an fhuinnimh, rud dá dtiocfaidh an tsolúbthacht, a bhuí le cumasc den chur chuige ón mbun aníos agus ó bharr anuas.

Ina theannta sin, d'fhonn an bhearna reatha atá sa reachtaíochta maidir le feidhmeanna rialála na n-údarás náisiúnta rialála ar an leibhéal réigiúnach a leigheas, leagfaí amach i dtionscnaimh bheartais na rogha seo creat solúbtha rialála réigiúnach a chuirfeadh leis an gcomhordú agus le cinnteoireacht réigiúnach na n-údarás náisiúnta rialála. Thabharfaí isteach

faoin rogha seo córas don chinnteoireacht chomhordaithe réigiúnach agus don mhaoirseacht a dhéanfadh údaráis náisiúnta rialála an réigiúin (LORanna agus eile ag eascairt as na tionscnaimh atá beartaithe don eagar nua margaidh) agus a thabharfadh ról do ACER i dtaca le leas an Aontais Eorpaigh a chosaint.

*Cearta bunúsacha*

D'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar ag an togra reatha ar thacar de na cearta bunúsacha a bunaíodh i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe: meas ar shaol an teaghlaigh agus ar an saol príobháideach (Airteagal 7), sonraí pearsanta a chosaint (Airteagal 8), an ceart chun neamh-idirdhealaithe (Airteagal 21), an ceart chun cúnamh sóisialta (Airteagal 34), an ceart chun seirbhísí um leas ginearálta eacnamaíoch (Airteagal 36), an ceart chun ardleibhéal cosanta comhshaoil (Airteagal 37), agus an ceart chun leigheas éifeachtach (Airteagal 47 den Chairt).

Tugtar aghaidh ar an tionchar sin go háirithe le tacar forálacha a bhaineann le cosaint an tomhaltóra, leis an tearcrochtain fuinnimh, le cosaint custaiméirí leochaileacha, le rochtain ar leas ginearálta eacnamaíoch, agus le cosaint sonraí agus príobháideachais.

Tá achoimre ar an Measúnú Tionchair le fáil ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin[24], maille le tuairim dhearfach an Bhoird um Ghrinnscrúdú Rialála.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Thiocfadh leis an togra an t-ualach riaracháin a mhéadú cé gur méadú teoranta a bheadh ann. Mar shampla, dá dtabharfaí isteach cothrom iomaíochta ionas go bhféadfadh na teicneolaíochtaí uile rannpháirt iomlán a ghlacadh sna margaí fuinnimh, chaithfeadh na teicneolaíochtaí sin cloí le tacar de cheanglais maidir le comhréireacht mhargaidh, rud a ghinfeadh tuilleadh riaracháin.

Na bearta sin lena bhfuil súil leachtacht agus comhtháthú na margaí leictreachais a fheabhsú, d'fhéadfaidís freisin tionchar gearrthéarmach a imirt ar ghnólachtaí ó tharla go gcaithfidís siúd dul i mbun oiriúnaithe i bhfianaise socruithe nua a bheith ann i dtaca le trádáil an fhuinnimh. Ach meastar na bearta sin a bheith beag bídeach i gcomórtas leis an gcás bunlíne (faoi nach ndéanfaí aon rud) mar go sáródh an leas eacnamaíoch a thiocfadh den athchóiriú aon atheagar gearrthéarmach nó fadtéarmach riaracháin.

Ar an gcuma chéanna, ní mór do na húdaráis náisiúnta rialála dlús a chur lena n-iarrachtaí maoirseachta margaidh, ionas iomaíochas éifeachtúil a áirithiú agus cosaint tomhaltóirí a ráthú, má táthar le deireadh a chur de réir a chéile le praghsáil rialaithe ar leibhéal na mBallstát. D'fhéadfaí a dtionchar siúd a fhritháireamh ach rannpháirtíocht níos mó a bheith ag na tomhaltóirí, rud a chothódh an t-iomaíochas sa mhargadh, dar ndóigh.

Ginfidh réimse na ngníomhaíochtaí a bheidh le déanamh faoin leagan amach nuashonraithe institiúideach tacar nua de cheanglais rannpháirtíochta, ar leibhéal an riaracháin, do na rialálaithe náisiúnta agus na hoibreoirí tarchurtha. Áirítear leis na ceanglais sin rannpháirtíocht in ACER agus sa nós imeachta cinnteoireachta chun teacht ar chomhaontú maidir le sásraí agus cleachtais chun fuinneamh a thrádáil gan stró ar an teorainn.

Tá measúnú mionsonraithe i dtaca leis an tionchar riaracháin agus eacnamaíoch a bheidh aige seo ar ghnólachtaí agus ar údaráis áitiúla i dtaca le gach ceann de na roghanna beartais a measúnaíodh le fáil i gcaibidil 6 den Mheasúnú Tionchair.

[24] [OP: Please insert Link to Impact Assessment]

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Maidir le tionchar buiséadach an togra atá sa phacáiste seo, baineann sé le hacmhainní na Gníomhaireachta um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) a bhfuil cur síos déanta orthu sa Ráiteas Airgeadais Reachtach a ghabhann leis an togra ón gCoimisiún maidir le hathmhúnlú ar an Rialachán lenar bunaíodh ACER. I mbeagán focal, na cúraimí nua a leagtar ar ACER, go háirithe i dtaca le measúnú ar an acmhainn chórais agus le bunú na Lárionad Oibríochtúla Réigiúnach, ní mór go dtabharfaí isteach sa Ghníomhaireacht, de réir a chéile, suas le 18 FTE breise in 2020, chomh maith leis na hacmhainní airgeadais chomhfhreagracha.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún maoirseacht ar na Ballstáit agus ar ghníomhaithe eile i dtaca lena dtrasuí agus lena gcomhréireacht i leith na mbeart a ghlacfar ar deireadh, agus glacfaidh sé bearta feidhmiúcháin, de réir mar a theastódh a leithéid. Ina theannta sin, mar a rinneadh cheana féin agus an Tríú Pacáiste maidir le Fuinneamh á chur chun feidhme, cuirfidh an Coimisiún doiciméid treorach ar fáil mar chúnamh leis na bearta a glacadh a chur chun feidhme.

I dtaca le críocha faireacháin agus cur chun feidhme, beidh tacaíocht le fáil ag an gCoimisiún ó ACER. Áirítear leis na forálacha atá sa tionscnamh reatha tuairisciú bliantúil na Gníomhaireachta agus na measúnóireachtaí comhthreomhara ón gCoimisiún, maille leis an tuairisciú ón nGrúpa Comhordaithe Leictreachais. Tabharfar cuireadh don Ghníomhaireacht na táscairí faireacháin a athbhreithniú a thuilleadh chun a áirithiú go bhfuil siad fós ábhartha i dtaca le faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá ar siúl maidir leis na cuspóirí is bonn leis na tograí reatha, ionas go mbeidh siadsan le feiceáil go leordhóthanach, *inter alia*, sa tuarascáil bhliantúil faireacháin ar an margadh ó ACER.

In éineacht leis na tograí atá á mbeartú, ullmhóidh an Coimisiún tionscnamh maidir le rialachas an Aontais Fuinnimh a dhéanfaidh cuíchóiriú ar na ceanglais maidir le pleanáil, tuairisciú, agus faireachán. Bunaithe ar an tionscnamh maidir le rialachas an Aontais Fuinnimh, comhtháthófar na ceanglais reatha sin de chuid an Choimisiúin agus na mBallstát maidir le faireachán agus tuairisciú (atá sa Tríú Pacáiste) le tuarascálacha cothrománacha maidir le dul chun cinn agus faireachán. Tá tuilleadh eolais faoi chuíchóiriú na gceanglas faireacháin agus tuairiscithe le fáil sa mheasúnú tionchair maidir le rialachas an Aontais Fuinnimh.

Is féidir plé níos fairsinge a fháil ar na sásraí faireacháin agus ar na táscairí tagarmhairc i gCaibidil 8 den Mheasúnú Tionchair.

## 6. MÍNIÚ AR FHORÁLACHA SONRACHA NA DTOGRAÍ

- **Togra maidir le Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas (Athmhúnlú)**

I *gCaibidil I* den Treoir atá á beartú, tugtar soiléiriú ar raon agus inneachar na Treorach, agus leagtar béim ar an aird a bheidh ar thomhaltóirí, agus ar thábhacht an mhargaidh inmheánaigh gona phríomhphrionsabail. Déantar foráil inti freisin maidir le nuashonrú a dhéanamh ar na príomh-shainmhínithe a úsáidtear sa Treoir.

I *gCaibidil II* den Treoir atá á beartú, leagtar síos an prionsabal ginearálta nach mór do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh margadh leictreachais an Aontais Eorpaigh iomaíoch, dírithe ar

an tomhaltóir, solúbtha agus neamh-idirdhealaitheach. Leagtar béim air nach ceart do bhearta náisiúnta bacainn nach iomchuí a chur roimh shreafaí trasteorann, roimh rannpháirtíocht tomhaltóirí ná roimh infheistíochtaí. Cumhdaítear ansin freisin an prionsabal a fhágann gur bunaithe ar an margadh a bheidh praghsáil an tsoláthair, ach go mbeidh sin faoi réir ag eisceachtaí cuí-réasúnaithe. Soiléirítear sa chaibidil seo freisin prionsabail áirithe maidir le feidhmiú mhargaí leictreachais an Aontais Eorpaigh, amhail an ceart soláthróir a roghnú. Déantar foráil freisin do rialacha nuashonraithe maidir le hoibleagáidí féideartha seirbhíse poiblí a d'fhéadfadh na Ballstáit a leagan ar ghnóthais fuinnimh faoi choinníollacha áirithe.

I gCaibidil III den Treoir atá á beartú, neartaítear na cearta atá ag tomhaltóirí cheana féin agus tugtar isteach cearta nua darb aidhm an tomhaltóir a chur i gcroílár na margaí fuinnimh trína áirithiú go dtugtar dóibh cumhachtaí agus cosaint níos fearr. Leagtar amach inti rialacha maidir le heolas billeála níos soiléire agus le huirlisí comparáide deimhnithe. Déantar foráil freisin chun a áirithiú go mbeidh tomhaltóirí in ann soláthróirí nó comhbhailitheoirí a roghnú nó a athrú gan bhac gan bheann, go mbeidh ceart acu ar chonradh dinimiciúil praghsála, go mbeidh ar a gcumas a bheith i mbun féinghiniúna agus féintomhaltais leictreachais, agus i mbun freagairt don éileamh. Tugtar de cheart do gach tomhaltóir méadar cliste, ag a mbeidh íostacar d'fheidhmíochtaí, a iarraidh. Leasaítear chomh maith na rialacha atá ann cheana maidir le féidearthacht an tomhaltóra na sonraí atá ina sheilbh a roinnt le soláthróirí agus le soláthróirí seirbhíse trí shoiléiriú a dhéanamh ar ról na bpáirtithe atá freagrach as bainistiú sonraí agus trí fhormáid choiteann Eorpach maidir le sonraí a leagan síos a dhéanfaidh an Coimisiún a fhorbairt i ngníomh cur chun feidhme. Is aidhm dó freisin a áirithiú go rachaidh na Ballstáit i ngleic leis an tearcrochtain fuinnimh. Leagtar de cheanglas freisin ar na Ballstáit creata a shainmhíniú i dtaca le comhbhailitheoirí neamhspleácha agus le freagairt don éileamh de réir prionsabail a cheadóidh rannpháirtíocht iomlán dóibh sa mhargadh. Sainmhínítear creat maidir le pobail fuinnimh áitiúla ar féidir leo fuinneamh a ghiniúint go háitiúil, é a dháileadh, a chomhbhailiú, a stóráil, a sholáthar, nó a bheith páirteach i seirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh. Tugtar freisin soiléiriú maidir le forálacha ar ann dóibh cheana i dtaca le méadair chliste, pointí teagmhála aonair, mar aon le cearta maidir le socrú neamhbhreithiúnach, le seirbhís uilíoch agus le tomhaltóirí leochaileacha.

I gCaibidil IV den Treoir atá á beartú, déantar foráil maidir le soiléiriú i dtaobh cúraimí DSOanna, go háirithe i dtaca leis na cúraimí sin dá gcuid a bhaineann le soláthar seirbhísí gréasáin ar mhaithe le solúbthacht, comhtháthú feithiclí leictreacha agus bainistiú sonraí a áirithiú. Soiléirítear freisin an ról atá ag DSOanna i dtaca le feithiclí leictreacha a stóráil agus le pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha.

I gCaibidil V den Treoir atá á beartú, tugtar achoimre na rialacha ginearálta a bhaineann le hoibreoirí córais tarchurtha, agus í bunaithe den chuid is mó ar ábhar ar ann dó cheana. Ní thugtar ach roinnt soiléirithe maidir le seirbhísí coimhdeacha agus leis na Lárionaid Oibríochtúla Réigiúnacha nua.

I dtaca le Caibidil IV den Treoir atá á beartú ina leagtar amach na rialacha maidir le díchuachadh, a ceapadh sa Tríú Pacáiste, fágtar gan athrú í a mhéid a bhaineann leis na príomhrialacha substainteacha maidir le díchuachadh, go háirithe maidir leis na trí chóras atá ann d'oibreoirí córais tarchurtha (díchuachadh úinéireachta, oibreoir neamhspleách córais agus oibreoir neamhspleách tarchurtha), agus maidir leis na forálacha a bhaineann le hoibreoirí córais tarchurtha a ainmniú agus a dheimhniú. Ní thugtar soiléiriú ann ach ar an bhféidearthacht atá ann d'oibreoirí córais tarchurtha i dtaca le húinéireacht stórála agus le seirbhísí coimhdeacha a sholáthar.

I gCaibidil VII den Treoir atá á beartú, gheofar na rialacha maidir le bunú, raon cumhachta, cúraimí, agus rialacha feidhmíochta na rialálaithe neamhspleácha náisiúnta fuinnimh. Leagtar

béim go háirithe sa togra seo ar an dualgas atá ar an rialálaí comhoibriú leis na rialálaithe eile sa chomharsanacht agus le ACER i gcásanna a bhaineann le hábhar trasteorann, agus déantar nuashonrú ar liosta cúraimí na rialálaithe, *inter alia*, i dtaca le maoirseacht na Lárionad Oibríochtúil Réigiúnach nuabhunaithe.

I gCaibidil VIII den Treoir atá á beartú, athraítear cuid de na forálacha ginearálta, *inter alia,* maidir le maolú ar an Treoir, le cumhachtaí tarmligthe a fheidhmiú ag an gCoimisiún agus ag an gCoiste a bunaíodh faoi rialacha an nós imeachta coiste de bhun Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Sna hIarscríbhinní nua a ghabhann leis an Treoir atá á beartú, leagtar amach tuilleadh ceanglas maidir le huirlisí comparáide, billeáil agus eolas billeála, agus leasaítear iontu na ceanglais ar ann dóibh cheana maidir le méadair chliste agus a dtabhairt isteach.

- **Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an margadh inmheánach sa leictreachas (Athmhúnlú)**

I gCaibidil I den Rialachán atá á bheartú, leagtar amach raon, inneachar, agus sainmhínithe na dtéarmaí a úsáidtear ann. Leagtar béim ann ar a thábhachtaí atá comharthaí neamhshaofa margaidh chun níos mó den tsolúbthacht, den dícharbónú, agus den nuálaíocht a chur ar fáil, agus nuashonraítear agus déantar na príomh-shainmhínithe atá in úsáid sa Rialachán a nuashonrú agus breis a chur leo.

I gCaibidil II den Rialachán atá á bheartú, tugtar isteach Airteagal nua ina leagtar amach na príomhphrionsabail nach mór do reachtaíocht fuinnimh na mBallstát a urramú chun go mbeadh ann margadh inmheánach feidhmiúil leictreachais. Leagtar amach inti freisin na príomhphrionsabail dhlíthiúla maidir le rialacha trádála leictreachais laistigh de chreataí ama difriúla trádála (margaí cothromaithe, ionlae, lá chun tosaigh agus amach anseo), lena n-áirítear prionsabail maidir le bunú praghsanna. Soiléirítear ansin an prionsabal um chothromú na freagrachta agus foráiltear do chreat ina bhfuil rialacha atá níos comhoiriúnaí don mhargadh i dtaca le freagairt don ghiniúint agus le freagairt don éileamh a sheoladh, lena n-áirítear coinníollacha maidir le heisceachtaí.

I gCaibidil III den Rialachán atá á bheartú, tá cur síos ar an nós imeachta lena sainmhínítear limistéir thairisceana ar shlí chomhordaithe, i gcomhréir leis an nós imeachta athbhreithniúcháin a cruthaíodh le Rialachán 1222/2015 lena mbunaítear Treoirlíne maidir le Ríomh Acmhainne agus le Bainistiú ar Phlódú[25]. Chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb leanúnach a bhaineann le srianta suntasacha náisiúnta ar shreafaí trasteorann leictreachais, soiléirítear na coinníollacha a bhaineann lena leithéid de shrianta eisceachtúla, go háirithe le rialacha lena n-áiritheofar nach gcuireann gníomhaithe náisiúnta srianta ar onnmhairí agus allmhairí leictreachais ar chúiseanna eacnamaíocha. Sa Chaibidil seo freisin, tá leasuithe ar na prionsabail sin ar ann dóibh cheana maidir le taraifí an ghréasáin tarchurtha agus dáilte, agus leagtar amach nós imeachta chun teacht le chéile na modheolaíochtaí um tharaifí tarchurtha agus dáilte a chur chun cinn de réir a chéile. Leagtar amach freisin rialacha leasaithe maidir le húsáid cíosanna plódúcháin.

I gCaibidil IV den Rialachán atá á bheartú, leagtar amach prionsabail nua chun aghaidh a thabhairt, ar shlí chomhordaithe, ar imní na mBallstát i dtaobh leordhóthanacht acmhainní.

[25] Rialachán (AE) Uimh. 2015/1222 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2015 lena mbunaítear treoirlíne maidir le leithdháileadh acmhainne agus le bainistiú ar phlódú, IO L 197, 25.7.2015, lgh. 24–72.

Leagtar amach prionsabail agus nós imeachta maidir le measúnú Eorpach ar leordhóthanacht acmhainní a bhunú ionas gur fearrde an measúnú a dhéanfar ar an ngá atá le sásraí acmhainne agus, más iomchuí, ar an ngá atá ann go leagfadh na Ballstáit síos caighdeán iontaofachta. Soiléirítear cé mar is féidir sásraí acmhainne a thabhairt isteach ar bhealach atá comhoiriúnach don mhargadh, mar aon leis na coinníollacha faoina ndéanfaí a leithéid. Soiléirítear freisin prionsabail deartha atá comhoiriúnach don mhargadh maidir le sásraí acmhainne, lena n-áirítear rialacha do rannpháirtíocht acmhainne atá lonnaithe i mBallstát eile agus d'úsáid idirnascairí. Leagtar amach cé mar a bheidh na Lárionaid Oibríochtúla Réigiúnacha, na OCTanna náisiúnta, ENTSO don Leictreachas agus na rialálaithe náisiúnta *via* ACER páirteach i bhforbairt na bparaiméadar teicniúil do rannpháirtíocht na n-acmhainneachtaí sin atá lonnaithe i mBallstát eile chomh maith leis na rialacha oibríochta a bhainfidh lena rannpháirtíocht.

I gCaibidil V den Rialachán atá á bheartú, leagtar amach na tascanna agus na cúraimí a bheidh ag ENTSO don Leictreachas agus tascanna faireacháin ACER i dtaca leis sin; soiléirítear freisin an dualgas atá air gníomhú go neamhspleách agus ar mhaithe le leas na hEorpa. Sainmhínítear misean na Lárionad Oibríochtúil Réigiúnacha agus tugtar critéir agus nós imeachta lena sainítear réigiúin oibríochta córas a chuimsítear le gach ceann de na Lárionaid Oibríochtúla Réigiúnacha mar aon leis na feidhmeanna comhordúcháin atá ag na lárionaid sin. Leagtar amach freisin na socruithe oibriúcháin agus eagrúcháin, na ceanglais chomhairliúcháin, na ceanglais agus nósanna imeachta maidir le cinntí agus moltaí gona n-athbhreithniú a ghlacadh, chomh maith le comhdhéanamh agus freagrachtaí an bhoird bainistíochta agus na socruithe dliteanais a bheidh ag na Lárionaid Oibríochtúla Réigiúnacha. Ionchorpraítear sa chaibidil seo freisin rialacha maidir le haonaid chomhghiniúna a nascadh, a bhí le fáil roimhe seo i dTreoir 2012/27/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Fágtar gan athrú, den chuid is mó, na rialacha maidir le plean forbraíochta deich mbliana, cúiteamh d'oibreoirí córas idir-tharchurtha, malartú faisnéise, agus deimhniú.

I gCaibidil VI den Rialachán atá á bheartú, cuirtear ar siúl eintiteas Eorpach do DSOanna, sainmhínítear nós imeachta lena chur ar bun maille lena chuid cúraimí i dtaca le dul i gcomhairle le geallsealbhóirí. Cuirtear ar fáil freisin rialacha mionsonraithe maidir le comhoibriú idir DSOanna agus OSTanna i dtaca le pleanáil agus oibriú a gcuid gréasán.

I gCaibidil VII den Rialachán atá á bheartú, leagtar amach cumhachtaí agus rialacha ar ann dóibh cheana féin lenar féidir leis an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh mar chóid nó mar threoirlínte gréasáin. Soiléirítear stádas dlíthiúil cód gréasáin agus treoirlínte, agus soiléirítear a nglacadh, agus cuirtear breis leo i dtaca le struchtúir do tharaifí; rialacha maidir le seirbhísí coimhdeacha neamh-mhinicíochta a chur ar fáil; freagairt don éileamh, rialacha maidir le stóráil fuinnimh agus le ciorrú éilimh; rialacha maidir leis an gcibearshlándáil rialacha maidir leis na Lárionaid Oibríochtúla Réigiúnacha; agus, ciorrú giniúna agus athsheoladh giniúna agus éilimh. Simplítear agus cuíchóirítear na nósanna imeachta maidir le cóid don ghréasán leictreachais a ullmhú, agus tugtar an deis do na rialálaithe náisiúnta cinneadh a dhéanamh faoi chuimsiú ACER maidir le cur chun feidhme na gcód agus na dtreoirlínte gréasáin. Tugtar ról níos lárnaí don eintiteas Eorpach do DSOanna agus do gheallsealbhóirí eile i dtaca leis na moltaí maidir le cóid don ghréasán leictreachais a cheapadh.

I gCaibidil VIII den Rialachán atá á bheartú, leagtar amach forálacha deiridh an Rialacháin sin. Áirítear leis sin na rialacha atá ann cheana maidir leis na hidirnascairí nua srutha dhírigh a dhíolmhú ó cheanglais áirithe de chuid na Treorach agus an Rialacháin maidir leis an Leictreachas, ach san am céanna, an nós imeachta a shoiléiriú maidir le haon leasuithe nua a dhéanfaidh na húdaráis náisiúnta rialála orthu.

San Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán atá á bheartú, sainmhínítear ar shlí níos mionsonraithe na feidhmeanna a leagfar ar na Lárionaid Oibríochtúla Réigiúnacha a bhunaítear leis an Rialachán.

- **Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (athmhúnlú)**

De ghnáthnós, tá sé i gceist na rialacha a bhaineann le ACER a thabhairt chun oiriúna leis an 'gCur Chuige Comhchoiteann' i dtaobh ghníomhaireachtaí díláraithe de chuid an Aontais Eorpaigh a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach (An Cur Chuige Comhchoiteann))[26]. Is gá, áfach, dialltaí teoranta ón 'gCur Chuige Comhchoiteann' a choinneáil slán go fóill i gcás ACER.

I gCaibidil I den Rialachán atá á bheartú, tá cur síos at ról, cuspóirí agus cúraimí ACER agus ar chineál na ngníomhartha is ceadmhach dó a ghlacadh, mar aon le foráil do rialacha maidir le comhairliúcháin agus faireachán. Rinneadh nuashonraí ar an liosta ionas go n-áirítear anois ann dualgais ACER i dtaca le maoirseacht an mhargaidh mhórdhíola, ar dualgais iad a sannadh do ACER ó glacadh an Rialachán.

I dtaca le cóid an ghréasáin leictreachais a ghlacadh, tugtar tuilleadh den fhreagracht do ACER i dtaobh an togra deiridh maidir le cód gréasáin a ullmhú agus a thíolacadh don Choimisiún, ach go gcoinnítear slán ról ENTSO-E mar shaineolaí teicniúil. Áirítear sa togra freisin ról ionadaíoch foirmiúil do na DSOanna ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, go háirithe i dtaca le tograí na gcód gréasáin a fhorbairt, i gcomhréir leis an méadú atá tagtha ar a gcuid freagrachtaí. Tugtar don Ghníomhaireacht an inniúlacht cinneadh a dhéanamh maidir le téarmaí, modheolaíochtaí agus algartaim chun na cóid ghréasáin leictreachais agus na treoirlínte a chur chun feidhme.

I dtaca le cúraimí sa chomhthéacs réigiúnach nach mbaineann ach le líon teoranta de rialálaithe náisiúnta, tugtar isteach nós imeachta cinnteoireachta réigiúnach. Dá réir sin, chaithfeadh an Stiúrthóir tuairim a thabhairt maidir le cé acu an ábharthacht réigiúnach ar an iomlán nó nach ea atá ag pé ceist a bheadh faoi chaibidil. I gcás ina n-aontaíonn an Bord Rialálaithe gur ábharthacht réigiúnach atá i gceist, is ceart d'fhochoiste de chuid an Bhoird Rialálaithe an cinneadh ábhartha a ullmhú ar cinneadh é a ghlacfadh nó a dhiúltódh an Bord Rialálaithe féin ar deireadh. Murar mar sin a dhéanfaí, is é an Bord Rialálaithe a chinnfeadh, gan aon bhaint ag fochoiste réigiúnach leis an gcinneadh.

Sa Chaibidil seo freisin, sainmhínítear tacar cúraimí nua do ACER i dtaca le feidhmeanna áirithe a bhaineann leis na Lárionaid Oibríochtúla Réigiúnacha atá laistigh den Ghníomhaireacht a chomhordú, i dtaca le maoirseacht ar Oibreoirí Ainmnithe sa Mhargadh Leictreachais agus i dtaca le formheas a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí agus tograí maidir le leordhóthanacht giniúna agus riosca-ullmhacht.

I gCaibidil II den Rialachán atá á bheartú, tá rialacha eagrúcháin maidir leis an mBord Riaracháin, leis an mBord Rialálaithe, leis an Stiúrthóir, leis an mBord Achomhairc agus, mar fhoráil nua, le grúpaí oibre na Gníomhaireachta. Cé go dtugtar roinnt forálacha aonair chun oiriúna leis an gCur Chuige Comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe de chuid an Aontais Eorpaigh nó le rialacha nua vótála na Comhairle, coinnítear slán príomhghnéithe an struchtúir reatha rialachais, go háirithe an Bord Rialálaithe.

---

[26] Féach an Ráiteas Comhpháirteach ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle, agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe, 19.7.2012.

Is é seo a leanas an bonn cirt atá leis an gclaonadh seo ag ACER:

Maidir le cinnteacht an tsoláthair, inacmhainneacht an leictreachais agus leis an dícharbónú, arb iad príomhchuspóirí an Bheartais Leictreachais Eorpaigh iad, is le margadh comhtháite leictreachais san Eoraip is costéifeachtaí a d'fhéadfaí sin a bhaint amach. Dá bhrí sin, tá infreastruchtúr tarchurtha an leictreachais á idirnascadh de réir a chéile, tá toirteanna níos mó den leictreachas á dtrádáil go trasteorainneach, tá acmhainneachtaí giniúna á gcomhroinnt ar an leibhéal Eorpach, agus tá an córas tarchurtha á oibriú agus na gnéithe réigiúnacha agus trasteorann á gcur san áireamh. Is breis leis na treochtaí sin na pacáistí reachtacha reatha agus táthar ag súil go dtiocfaidh díobh éifeachtúlachtaí a rachaidh chun leasa custaiméirí san Eoraip.

Ní féidir margadh inmheánach don leictreachas a chruthú gan deis iomaíochta a chur ar fáil san earnáil. Fearacht earnálacha eile de chuid an gheilleagair, theastaigh rialacháin nua leis an margadh leictreachais a oscailt, go háirithe i dtaca leis an gcóras tarchurtha agus dáileacháin, agus le maoirseacht rialála. Chuige sin, tugadh isteach údaráis neamhspleácha rialála. Fágtar freagracht ar leith ar na heintitis sin i dtaca le maoirseacht a dhéanamh ar rialacha náisiúnta agus Eorpacha is infheidhme in earnáil an leictreachais.

Ach i ngeall ar an méadú atá ag teacht ar an trádáil trasteorann agus ar oibriú an chórais faoina gcuirtear an comhthéacs réigiúnach agus Eorpach san áireamh, ba mhó agus ba mhó ab éigean do na húdaráis náisiúnta rialála a ngníomhaíochtaí a chomhordú le húdaráis rialála na mBallstát eile. Dearadh ACER le bheith ina ardán don idirghníomhaíocht sin, ról atá á chomhlíonadh aige ó bunaíodh in 2011 é. Is é Bord na Rialálaithe, ar a bhfuil ionadaithe sinsearacha de chuid na n-údarás náisiúnta rialála mar aon le hionadaí gan vóta de chuid an Choimisiúin, mar aon le foireann ACER, an comhlacht sin laistigh den Ghníomhaireacht is mó a ullmhaíonn tuairimí, moltaí agus cinntí na Gníomhaireachta. Is léir, ó bunaíodh an Ghníomhaireacht, go bhfuil éirithe le Bord na Rialálaithe rannchuidiú éifeachtúil a dhéanamh i dtaca le comhlíonadh a chuid cúraimí.

Ó tharla go bhfuil margaí an leictreachais, den chuid is mó, fós gan rialú ar an leibhéal náisiúnta, tá ról lárnach le himirt ag na rialálaithe náisiúnta i dtaca leis na margaí fuinnimh. Ní hé is príomhról do ACER inniúlachtaí rialála tarmligthe an Choimisiúin a chur chun feidhme ach cinntí rialála na rialálaithe neamhspleácha náisiúnta a chomhordú. Ar an iomlán, coinnítear slán sa togra reatha reachtúil an leagan amach sin ar dháileadh na ról. Faoin struchtúr reatha, tá cothromaíocht ghrinn ann idir cumhachtaí na ngníomhaithe éagsúla, agus féachtar do na gnéithe sainiúla a bhaineann leis an margadh inmheánach fuinnimh (atá fós á fhorbairt). Dá n-athrófaí an chothromaíocht sin ag an tráth seo, d'fhéadfadh sé go gcuirfí i mbaol cur chun feidhme na dtionscnamh beartais atá sna tograí reachtacha, rud a d'fhágfadh constaic roimh thuilleadh den chomhtháthú a dhéanamh ar an margadh fuinnimh arb é is príomhchuspóir don togra reatha. Dhealródh sé, dá bhrí sin, nach mithid fós cumhachtaí cinnteoireachta a aistriú chuig Bord Bainistíochta faoi mar a fhoráiltear sa Chur Chuige Comhchoiteann. Dhealródh sé gurb é a mhalairt is iomchuí: an struchtúr reatha a choinneáil lena n-áirithítear go ngníomhaíonn na rialálaithe náisiúnta gan aon idirghabháil dhíreach ó institiúidí an Aontais Eorpaigh nó ó na Ballstáit i dtaca le nithe sonracha. San am céanna, beidh obair fhoriomlán na rialálaithe faoi réir fhormheas na n-institiúidí Eorpacha bunaithe ar dhoiciméid chlársceidealúcháin, bhuiséadacha agus straitéiseacha. Bíonn institiúidí an Aontais Eorpaigh páirteach freisin i ngnóthaí riaracháin. Dá bhrí sin, níl sé i gceist leagan amach ná feidhmiú Bhord na Rialálaithe, ina riocht reatha, a athrú.

Ar an gcuma chéanna, níl sé i gceist an coincheap arb é an Bord Riaracháin é a thabhairt chun oiriúna leis an múnla arb é Bord Bainistíochta an Chur Chuige Chomhchoiteann é. Bhí Bord Riaracháin na Gníomhaireachta, ina riocht reatha, thar a bheith éifeachtúil agus éifeachtach le

bliana beaga anuas. A bhuíochas le hionadaithe ó Pharlaimint na hEorpa, ón gComhairle agus ón gCoimisiún, áiritheofar go leanfaidh sé de bheith ag feidhmiú.

Bíodh is nach iomchuí leis an gCoimisiún, ag an tráth seo, struchtúr rialachais na Gníomhaireachta a thabhairt chun oiriúna go hiomlán leis an gCur Chuige Comhchoiteann, fanfaidh sé i mbun maoirseachta féachaint an bhfuil bonn cirt le haon imeacht ón gCur Chuige Comhchoiteann. In 2021 atá an chéad mheasúnú eile le déanamh, a mbeidh de chuspóir aige, anuas ar mheasúnú ar chuspóirí, shainordú agus ar chúraimí na Gníomhaireachta féin, díriú ar struchtúr rialachais na Gníomhaireachta freisin.

Is i gCaibidil III den Rialachán atá á bheartú atá na forálacha airgeadais le fáil. Tá sé i gceist roinnt forálacha ar leith a thabhairt chun oiriúna leis an gCur Chuige Comhchoiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe.

I gCaibidil IV den Rialachán atá á bheartú, déantar nuashonrú ar roinnt forálacha ar leith i gcomhréir leis an gCur Chuige Comhchoiteann. Sa chaibidil sin freisin, tá forálacha maidir le cúrsaí foirne agus dliteanais, agus iad gan athrú den chuid is mó.

⬇ 713/2009 (oiriúnaithe)

2016/0378 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear Gníomhaireacht ⌦ an Aontais Eorpaigh ⌫ um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (athmhúnlú)**

(Téacs atá ábhartha maidir le~~is an~~ LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ~~ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh~~ ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫, agus go háirithe Airteagal ~~95~~ ⌦ 194(2) ⌫ de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún ⌦ Eorpach ⌫ ,

⌦ Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta, ⌫

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ⌦ ngnáthnós imeachta reachtach ⌫ ~~nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh~~,

De bharr an méid seo a leanas:

⇩ nua

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] a leasú go suntasach. Ós rud é go bhfuil tuilleadh leasuithe le déanamh air, ba cheart é a athmhúnlú ar mhaithe le soiléireacht.

⬇ 713/2009 aithris 1 (oiriúnaithe)

~~Le Teachtaireacht ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2007 dar teideal "Beartas Fuinnimh don Eoraip" leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha a chomhlánú. Sainaithníodh gur beart tábhachtach é chun an cuspóir sin a bhaint amach an creat rialála a fheabhsú ar leibhéal an Chomhphobail.~~

---

[27] Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Gníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (IO L 211, 14.8.2009, lch. 1)

↓ 713/2009 aithris 2 (oiriúnaithe)

~~Le Cinneadh 2003/796/CE ón gCoimisiún[28], bunaíodh grúpa comhairleach neamhspleách maidir le leictreachas agus gás ar a dtugtar Grúpa Rialálaithe na hEorpa um Leictreachas agus um Ghás (ERGEG) chun comhairliúchán, comhordú agus comhar a éascú idir na comhlachtaí rialála sna Ballstáit agus idir na comhlachtaí sin agus an Coimisiún, d'fhonn na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha a chomhdhlúthú. Is é atá sa ghrúpa sin ná ionadaithe na n-údarás rialála náisiúnta a bunaíodh de bhun Threoir 2003/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas[29] agus Threoir 2003/55/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2003 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha[30].~~

↓ 713/2009 aithris 3 (oiriúnaithe)

~~D'fhág an obair atá déanta ag ERGEG ón uair a bunaíodh é rian dearfach ar na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha. Aithnítear go forleathan san earnáil seo, áfach, agus tá sé molta ag ERGEG féin, gur cheart go mbeadh comhar deonach ann anois idir na húdaráis rialála náisiúnta laistigh de struchtúr Comhphobail a bhfuil inniúlachtaí soiléire aige agus a bhfuil cumhacht aige cinntí rialála a ghlacadh i roinnt cásanna sonracha.~~

↓ 713/2009 aithris 4 (oiriúnaithe)

~~D'iarr an Chomhairle Eorpach an 8 agus an 9 Márta 2007 ar an gCoimisiún bearta a mholadh chun sásra neamhspleách a chur ar bun le haghaidh comhair idir na rialálaithe náisiúnta.~~

⇩ nua

(2) D'fheabhsaigh cruthú na Gníomhaireachta an comhar idir rialálaithe maidir le saincheisteanna trasteorann ar bhealach follasach. Ó cruthaíodh í, tá cúraimí tábhachtacha nua tugtha don Ghníomhaireacht a bhaineann le faireachán ar na margaí mórdhíola faoi Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[31] agus i réimse an bhonneagair fuinnimh trasteorann faoi Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32].

28 ~~IO L 296, 14.11.2003, lch. 34.~~
29 ~~IO L 176, 15.7.2003, lch. 37.~~
30 ~~IO L 176, 15.7.2003, lch. 57.~~
31 Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh (IO L 326, 8.12.2011, lch. 1).
32 Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagar tras-Eorpach fuinnimh agus lena n-aisghairtear Cinneadh

(3) De réir na réamh-mheastachán, tiocfaidh méadú breise ar an ngá a bheidh le comhordú ar ghníomhaíochtaí rialála náisiúnta sna blianta amach romhainn. Tá an t-athrú is mó leis na scórtha bliain anuas faoi lán seoil i gcóras fuinnimh na hEorpa. Chun comhtháthú breise a dhéanamh ar an margadh agus athrú a dhéanamh i dtreo táirgeadh leictreachais atá níos éagsúlaithe, is gá iarrachtaí breise a dhéanamh chun beartais náisiúnta fuinnimh a chomhordú idir comharsana agus chun úsáid a bhaint as na deiseanna atá ar fáil i dtaca le trádáil trasteorann leictreachais.

(4) Léirigh an taithí a fuarthas agus rialacha an mhargaidh inmheánaigh á gcur chun feidhme gur féidir fadhbanna tromchúiseacha a bheith mar thoradh ar ghníomhaíochtaí náisiúnta neamh-chomhordaithe, go háirithe i limistéir atá idirnasctha go dlúth, áit ar minic go mbíonn tionchar inláimhsithe ag cinntí na mBallstát ar a gcomharsana. Chun na héifeachtaí dearfacha a bhaineann leis an margadh inmheánach leictreachais a bhaint amach i dtaca le leas tomhaltóirí, cinnteacht an tsoláthair agus dícharbónú, ceanglaítear ar na Ballstáit, agus go háirithe ar na rialálaithe náisiúnta neamhspleácha, comhoibriú a dhéanamh ar na bearta rialála sin a mbíonn tionchar trasteorann acu.

(5) Tá an baol d'fheidhmiú ceart na margaí leictreachais trasteorann a eascraíonn as idirghabhálacha ilroinnte arna ndéanamh ag na stáit náisiúnta sna margaí fuinnimh ag dul i méid. Dá bhrí sin, ba cheart ról a thabhairt don Ghníomhaireacht i dtaca le measúnú comhordaithe Eorpach ar leordhóthanacht acmhainní a fhorbairt, i ndlúthchomhar le Gréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Leictreachas ("ENTSO don Leictreachas"), chun na fadhbanna a bhaineann le measúnuithe ilroinnte náisiúnta, a leanann modhanna neamh-chomhordaithe éagsúla agus nach gcuireann an cás sna tíortha béal dorais san áireamh go leordhóthanach, a sheachaint. Ba cheart don Ghníomhaireacht maoirseacht a dhéanamh ar na paraiméadair theicniúla arna bhforbairt ag ENTSO don Leictreachas le haghaidh rannpháirtíocht éifeachtúil ar an acmhainn trasteorann agus gnéithe teicniúla eile a bhaineann le sásraí acmhainne.

(6) Is gá cur chuige comhordaithe a bheith ann i dtaca le slándáil an tsoláthair leictreachais chun go mbeifear ullamh i gcásanna ina mbíonn géarchéimeanna gan choinne sa soláthar. Dá bhrí sin, ba cheart don Ghníomhaireacht comhordú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí náisiúnta a bhaineann le hullmhacht i dtaca le rioscaí, i gcomhréir leis [an Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht arna mholadh faoin togra COM(2016) 862].

(7) I ngeall ar dhlúth-idirnascacht eangach leictreachais an Aontais agus ar an ngá, atá ag dul i méid, atá le comhar le tíortha béal dorais chun cobhsaíocht na heangaí a choinneáil agus toilleadh mór d'fhuinneamh in-athnuaite a thabhairt isteach san eangach, beidh ról tábhachtach ag lárionaid oibríochtúla réigiúnacha chun comhordú a dhéanamh ar oibreoirí córas tarchurtha. Ba cheart don Ghníomhaireacht formhaoirseacht rialála a dhéanamh ar na lárionaid oibríochtúla réigiúnacha nuair is gá.

(8) Toisc go ndéanfar codanna móra den ghiniúint nua leictreachais a nascadh ar an leibhéal áitiúil, beidh ról tábhachtach ag oibreoirí córas tarchurtha chun an córas leictreachais Eorpach a oibriú ar bhealach solúbtha éifeachtach.

---

Uimh. 1364/2006/CE agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 713/2009, Rialachán (CE) Uimh. 714/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 (IO L 115, 25.4.2013, lch. 39).

---

🡻 713/2009 aithris 5 (oiriúnaithe)

(9) Ba cheart go mbeadh dlúthchomhar ann idir na Ballstáit, rud a chuirfeadh deireadh leis na constaicí ar mhalartuithe trasteorann leictreachais agus gáis nádúrtha ar mhaithe le cuspóirí bheartas fuinnimh an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a bhaint amach. ~~Ar bhonn an mheasúnaithe tionchair maidir leis na hacmhainní a theastódh le haghaidh eintitis lárnaigh, thángthas ar an tuairim go mbeadh roinnt buntáistí fadtéarmacha ag roinnt le heintiteas lárnach neamhspleách nach mbeadh ag roinnt le roghanna eile.~~ ~~Ba cheart~~ ⌦ Bunaíodh ⌫ Gníomhaireacht ⌦ an Aontais Eorpaigh ⌫ um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (an Ghníomhaireacht) ~~a bhunú~~ ⌦ faoi Rialachán (CE) Uimh. 713/2009 ⌫ d'fhonn an bhearna rialála ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a líonadh agus cur le feidhmiú éifeachtach na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha. ~~Ba cheart go gcuirfeadh~~ ⌦ Cuireann ⌫ an Ghníomhaireacht ar chumas na n-údarás rialála náisiúnta an comhar eatarthu a fheabhsú ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ freisin agus a bheith rannpháirteach, ar bhonn frithpháirteach, i bhfeidhmiú feidhmeanna a bhaineann leis an ~~gComhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫.

---

🡻 713/2009 aithris 6 (oiriúnaithe)

(10) Ba cheart go gcinnteodh an Ghníomhaireacht go ndéanfar na feidhmeanna rialála a chomhlíonann na húdaráis rialála náisiúnta i gcomhréir le [Treoir athmhúnlaithe maidir le Leictreachas arna moladh faoin togra COM(2016) 864/2] ~~Treoir~~ ~~2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas~~~~[33]~~ agus le Treoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ~~an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha~~[34], a chomhordú go cuí agus, más gá, go gcuirtear i gcrích iad ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫. Chuige sin, is gá neamhspleáchas na Gníomhaireachta a ráthú i leith táirgeoirí leictreachais agus gáis nádúrtha, oibreoirí na gcóras tarchurtha agus dáileacháin, cibé acu oibreoirí poiblí nó oibreoirí príobháideacha, agus tomhaltóirí agus a chinntiú go mbeadh a gníomhartha ag teacht le dlí an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, lena cumais theicniúla agus rialála agus lena trédhearcacht, lena géilliúlacht maidir le rialú daonlathach, agus lena héifeachtúlacht.

---

🡻 713/2009 aithris 7
⇨nua

(11) Ba cheart go ndéanfadh an Ghníomhaireacht faireachán ar chomhar réigiúnach idir oibreoirí córas tarchurtha in earnáil an leictreachais agus in earnáil an gháis agus ar fhorfheidhmiú chúraimí Ghréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Leictreachas (ENTSO don Leictreachas~~)~~, agus chúraimí Ghréasán Eorpach Oibreoirí na gCóras Tarchurtha don Ghás ("ENTSO don Ghás"). ⇨ Ba cheart go ndéanfadh an Ghníomhaireacht faireachán ar chur chun feidhme chúraimí na n-eintiteas eile a bhfuil

[33] ~~Féach leathanach 55 den Iris Oifigiúil seo.~~
[34] ~~Féach leathanach 94 den Iris Oifigiúil seo~~

feidhmeanna rialáilte acu a mbaineann gné uile-Aontais leo, amhail malartáin fuinnimh. ⇦ Tá páirteachas na Gníomhaireachta fíor-riachtanach chun a áirithiú go mbeidh an comhar idir oibreoirí córas tarchurtha ⇨ agus feidhmiú na n-eintiteas eile a bhfuil feidhmeanna uile-Aontais acu ⇦ éifeachtúil agus trédhearcach chun tairbhe an mhargaidh inmheánaigh sa leictreachas agus an mhargaidh inmheánaigh sa ghás nádúrtha.

---

| ↓ 713/2009 aithris 8 |
|---|

(12) Ba cheart go ndéanfadh an Ghníomhaireacht faireachán, i gcomhar leis an gCoimisiún, leis na Ballstáit agus leis na húdaráis náisiúnta lena mbaineann, ar na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha agus ba cheart go gcuirfeadh sí Parlaimint na hEorpa, an Coimisiún agus na húdaráis náisiúnta ar an eolas maidir lena fionnachtana i gcás inarb iomchuí sin. Níor cheart go ndéanfadh cúraimí faireacháin na Gníomhaireachta dúbailt, ná níor cheart go gcuirfeadh siad bac, ar fhaireachán arna dhéanamh ag an gCoimisiún nó ag na húdaráis náisiúnta, go háirithe na húdaráis iomaíochta náisiúnta.

---

| ↓ 713/2009 aithris 10 (oiriúnaithe) ⇨nua |
|---|

(13) ~~Is iomchuí~~ ⌦ Cuireann an Ghníomhaireacht ⌫ creat comhtháite ~~a chur~~ ar fáil ⌦ a chuireann ar chumas ⌫ ~~a mbeidh~~ ~~údaráis~~ na n-údarás rialála náisiúnta ~~in ann~~ a bheith rannpháirteach ~~ann~~ agus ~~in ann~~ comhoibriú lena chéile ~~ann~~. ~~Ba cheart go n-éascódh~~ Éascaíonn an creat sin cur i bhfeidhm aonfhoirmeach na reachtaíochta ar na margaí inmheánacha sa leictreachas agus sa ghás nádúrtha ar fud an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫. I gcás ina mbeidh níos mó ná Ballstát amháin i gceist, ~~ba cheart go dtabharfaí~~ ⌦ tugadh ⌫ de chumhacht don Ghníomhaireacht cinntí aonair a ghlacadh. Ba cheart go gcumhdódh an chumhacht sin, faoi choinníollacha ⇨ atá sonraithe go soiléir ⇦ ~~áirithe~~, saincheisteanna teicniúla ⇨ agus rialála ⇦, ⇨ a dteastaíonn comhar réigiúnach ina leith ⇦ , ~~an~~ ⇨ go háirithe i dtaca le cur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte, comhar laistigh de lárionaid oibriúcháin réigiúnacha,⇦ ~~an córas~~ ⌦ na cinntí ⌫ rialála ⇨ is gá chun faireachán éifeachtach a dhéanamh ar shláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola, cinntí a bhaineann le⇦ ~~do bh~~bonneagar leictreachais agus gáis nád~~u~~úrtha a cheanglaíonn dhá Bhallstát le chéile, nó a d'fhéadfadh dhá Bhallstát ar a laghad a cheangai~~l~~l le chéile, agus, mar rogha dheireanach, díolúintí ó rialacha an mhargaidh inmheánaigh i gcás idirnascairí nua leictreachais agus bonneagair nua gáis atá suite i níos mó ná aon Bhallstát amháin.

---

| ↓ 713/2009 aithris 9 (oiriúnaithe) ⇨nua |
|---|

(14) Tá ról tábhachtach ag an nGníomhaireacht maidir le forbairt creat-treoirlínte atá neamhcheangailteach ó chineál ("creat-treoirlínte"). ~~agus~~ ~~nach mór~~ ⌦ Ba cheart na ⌫ cóid ghréasáin a bheith i gcomhréir ~~leo~~ ⌦ leis na creat-treoirlínte sin ⌫. Meastar gurb iomchuí freisin, agus go bhfuil sé i gcomhréir lena cuspóir, go mbeidh

ról ag an nGníomhaireacht maidir le hathbhreithniú na ndréachtchód gréasáin ~~(tráth a gcruthaithe agus tráth a modhnaithe araon)~~ chun a áirithiú go mbeidh siad i gcomhréir leis na creat-treoirlínte ⇨ agus foráil a dhéanamh maidir leis an méid comhhchuibhithe is gá ⇦, sula ~~molfaidh sí don~~ ⌦ gcuirfidh sí faoi bhráid an ⌫ Choimisiún iad lena ng~~a gh~~lacadh.

---

⇩ nua

(15) Ó glacadh sraith de chóid ghréasáin agus treoirlínte lena ndéantar foráil maidir le cur chun feidhme céim ar chéim agus ó rinneadh beachtú breise ar chomhrialacha réigiúnacha agus uile-Aontais, tá méadú tagtha ar ról na Gníomhaireachta maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcód gréasáin agus na dtreoirlínte. Is feidhm lárnach de chuid na Gníomhaireachta é faireachán éifeachtach a dhéanamh ar chóid ghréasáin agus ar na treoirlínte agus tá sé ríthábhachtach chun rialacha an mhargaidh inmheánaigh a chur chun feidhme.

(16) Ón taithí a fuarthas le cur chun feidhme na gcód gréasán agus na dtreoirlínte, tháinig sé chun solais go mbíonn sé úsáideach cuíchóiriú a dhéanamh ar an nós imeachta don fhormheas rialála ar théarmaí agus coinníollacha réigiúnacha nó uile-Aontais nó ar mhodheolaíochtaí atá le forbairt faoi na treoirlínte agus faoi na cóid ghréasáin trína sheoladh isteach go díreach chuig an nGníomhaireacht sa chaoi go mbeidh rialálaithe náisiúnta, a mbíonn ionadaíocht acu ar an Bord Rialálaithe, in ann cinneadh a dhéanamh ina leith.

(17) Toisc gur cuid den chomhchuibhiú céim ar chéim ar mhargaí fuinnimh an Aontais é réitigh réigiúnacha a aimsiú go rialta mar chéim eatramhach, is iomchuí léiriú a thabhairt ar ghné réigiúnach an mhargaidh inmheánaigh agus foráil a dhéanamh maidir le sásraí rialachais iomchuí. Ba cheart do na rialálaithe atá freagrach as comhordú a dhéanamh ar fhormheas réigiúnach a bheith in ann cinntí an Bhoird Rialálaithe a ullmhú ar na saincheisteanna a bhfuil ábharthacht réigiúnach ag baint leo i bhfochoiste réigiúnach den Bhord Rialálaithe, ach amháin má bhíonn tábhacht ghinearálta don Aontas ag baint leis na saincheisteanna sin.

---

🡻 713/2009 aithris 11 (oiriúnaithe)

(18) Ós rud é go bhfuil forléargas ag an nGníomhaireacht ar na húdaráis rialála náisiúnta, ba cheart go mbeadh ról comhairleach aici i leith an Choimisiúin, i leith institiúidí eile de chuid an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ agus i leith na n-údarás rialála náisiúnta maidir leis na saincheisteanna a bhaineann leis an gcuspóir dar bunaíodh í. Ba cheart go mbeadh sé de cheangal uirthi freisin an Coimisiún a chur ar an eolas i gcás ina bhfaigheann sí amach nach iad na torthaí a theastaíonn atá ag teacht as an gcomhar idir oibreoirí córas tarchurtha, nó nach ndéanann údarás rialála náisiúnta, nach bhfuil a chinneadh de réir na dTreoirlínte, tuairim, moladh nó cinneadh na Gníomhaireachta a chur chun feidhme mar is iomchuí.

---

↓ 713/2009 aithris 12

(19) Ba cheart freisin go mbeadh an Ghníomhaireacht in ann moltaí a dhéanamh chun cuidiú le húdaráis rialála agus le gníomhaithe margaidh i dtaca le dea-chleachtais a roinnt.

---

↓ 713/2009 aithris 13

(20) Ba cheart don Ghníomhaireacht dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara, más iomchuí, agus deis réasúnach a thabhairt dóibh chun tuairim a thabhairt i leith na mbeart atá molta, amhail cóid ghréasáin agus rialacha.

---

↓ 713/2009 aithris 14 (oiriúnaithe)

(21) Ba cheart go rannchuideodh an Ghníomhaireacht le cur chun feidhme na dtreoirlínte um ghréasáin fuinnimh tras-Eorpacha mar atá leagtha síos i Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 gCinneadh Uimh. 1364/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 lena leagtar síos treoirlínte do ghréasáin fuinnimh tras-Eorpacha[35], go háirithe le linn a tuairime ar na pleananna neamhcheangailteacha deich mbliana ⌦ uile-Aontais ⌫ uile-Chomhphobail maidir le forbairt gréasán (pleananna forbartha gréasán ⌦ uile-Aontais ⌫ uile-Chomhphobail) a thabhairt i gcomhréir le hAirteagal 4 6(3) den Rialachán seo.

---

↓ 713/2009 aithris 15

(22) Ba cheart go rannchuideodh an Ghníomhaireacht leis na hiarrachtaí chun an tslándáil fuinnimh a fheabhsú.

---

↓ 713/2009 aithris 16
⇨ nua

(23) ⇨ Chun a áirithiú go mbeidh creat na Gníomhaireachta éifeachtúil agus comhsheasmhach le gníomhaireachtaí díláraithe eile, ba cheart na rialacha lena rialaítear an Ghníomhaireacht a chuíchóiriú leis an gCur Chuige Coiteann a comhaontaíodh idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an

---

[35] IO L 262, 22.9.2006, lch. 1.

Coimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe[36]. A mhéid is gá, áfach, ⇦ ~~B~~ba cheart struchtúr na Gníomhaireachta a oiriúnú chun freastal ar riachtanais shonracha na rialála fuinnimh. Go háirithe, is gá ról sonrach na n-údarás rialála náisiúnta a chur san áireamh go hiomlán agus a neamhspleáchas a ráthú.

---

⇩ nua

(24) D'fhéadfaí go mbeartófaí athruithe breise a dhéanamh ar an Rialachán seo amach anseo chun é a thabhairt go hiomlán i gcomhréir leis an gCur Chuige Coiteann maidir le gníomhaireachtaí díláraithe. Bunaithe ar na riachtanais i láthair na huaire i dtaca le rialáil fuinnimh, is gá imeacht ón gCur Chuige Coiteann. Dá bhrí sin, ní thugtar leis an togra seo réamhbhreith ar aon leasuithe amach anseo ar an rialachán lenar bunaíodh an Ghníomhaireacht ba mhian leis an gCoimisiún a mholadh tar éis meastóireacht bhreise a dhéanamh, dá bhforáiltear sa ghníomh seo nó ar a tionscnamh féin.

---

🡻 713/2009 aithris 17

(25) Ba cheart go mbeadh na cumhachtaí is gá ag an mBord Riaracháin chun an buiséad a bhunú, chun cur chun feidhme an bhuiséid a sheiceáil, chun rialacha inmheánacha a tharraingt suas, chun rialacháin airgeadais a ghlacadh agus chun Stiúrthóir a cheapadh. Ba cheart córas uainíochta a úsáid i gcomhair athnuachan na gcomhaltaí den Bhord Riaracháin a cheapann an Chomhairle, chun a áirithiú go mbeidh rannpháirteachas cothrom ann ó thaobh na mBallstát de thar am. Ba cheart don Bhord Riaracháin gníomhú go neamhspleách agus go hoibiachtúil ar mhaithe le leas an phobail agus níor cheart go lorgódh sé ná go leanfadh sé treoracha polaitiúla.

---

🡻 713/2009 aithris 18 (oiriúnaithe)
⇨ nua

(26) Ba cheart go mbeadh na cumhachtaí is gá ag an nGníomhaireacht chun a feidhmeanna rialála a chomhlíonadh ar bhealach trédhearcach, réasúnaithe agus, thar aon rud eile, neamhspleách. Ní hamháin gur prionsabal lárnach den dea-rialachas é neamhspleáchas na Gníomhaireachta i leith táirgeoirí leictreachais agus gáis agus oibreoirí na gcóras tarchurtha agus dáileacháin ach is bunchoinníoll é i dtaca le muinín sa mhargadh a áirithiú freisin. Gan dochar dá chomhaltaí do ghníomhú thar ceann a n-údarás náisiúnta faoi seach, ba cheart, dá bhrí sin, go ngníomhódh an Bord Rialálaithe go neamhspleách ar aon leas margaidh, ba cheart go ndéanfadh sé coimhlintí leasanna a sheachaint agus ba cheart nach lorgódh sé treoracha ná nach leanfadh sé treoracha ó aon rialtas Ballstáit, ⇨ ó institiúidí an Aontais ⇦ ~~ón gCoimisiún~~ ná ó aon eintiteas ⇨ nó duine ⇦ eile, bíodh sé poiblí nó príobháideach, agus nach nglacfadh sé le moltaí uathu. Ag an am céanna, ba cheart go gcomhlíonfadh cinntí an Bhoird Rialálaithe dlí an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ maidir le fuinneamh, amhail an margadh inmheánach fuinnimh, leis an gcomhshaol agus leis an iomaíocht. Ba cheart don

---

36 Comhráiteas an 19.7.2012 ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus ón gCoimisiún Eorpach maidir le gníomhaireachtaí díláraithe.

Bhord Rialálaithe a thuairimí, a mholtaí agus a chinntí a thuairisciú d'institiúidí an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫.

---

| ➜ 713/2009 aithris 19 (oiriúnaithe) ⇨nua |
|---|

(27) I gcás ina bhfuil cumhachtaí ag an nGníomhaireacht chun cinntí a dhéanamh, ba cheart, ar mhaithe le barainneacht nós imeachta, ceart achomhairc chuig Bord Achomhairc a dheonú do pháirtithe leasmhara, agus ba cheart go mbeadh an Bord Achomhairc sin ina chuid den Ghníomhaireacht ach é a bheith neamhspleách ar struchtúr riaracháin agus rialála na Gníomhaireachta. ⇨ Chun feidhmiú agus neamhspleáchas iomlán an Bhoird Achomhairc a ráthú, ba cheart líne bhuiséid ar leithligh a bheith aige i mbuiséad na Gníomhaireachta. ⇦ Ar mhaithe le leanúnachas, ba cheart go gceadófaí gan ach cuid de chomhaltaí an Bhoird Achomhairc a athrú nuair a bheadh a chomhaltaí á gceapadh nó á n-athcheapadh. ⌦ Is féidir le ⌫ ~~Féadfaidh~~ cinntí an Bhoird Achomhairc a bheith ina n-á~~a~~bhar achomhairc os comhair Chúirt Bhreithiúnais ⌦ an Aontais Eorpaigh ⌫ ~~na gComhphobal Eorpach~~.

---

| ⇩ nua |
|---|

(28) Ba cheart don Ghníomhaireacht a cumhachtaí cinnteoireachta a fheidhmiú i gcomhréir le prionsabail na cinnteoireachta cothroime, trédhearcaí, réasúnta. Ba cheart gach riail nós imeachta de chuid na Gníomhaireachta a bheith leagtha síos ina rialacha nós imeachta.

---

| ➜ 713/2009 aithris 20 (oiriúnaithe) ⇨nua |
|---|

(29) Ba cheart go ndéanfaí an Ghníomhaireacht a mhaoiniú go príomha ó bhuiséad ginearálta an Aontais ~~Eorpaigh~~, trí tháillí agus trí ranníocaíochtaí saorálacha. Go háirithe, maidir leis na hacmhainní a chomhthiomsaíonn na húdaráis rialála le haghaidh a gcomhair ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, ba cheart go leanfaidís de bheith ar fáil don Ghníomhaireacht. Ba cheart go leanfadh nós imeachta buiséid an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ de bheith infheidhme a mhéid a bhaineann le haon fhóirdheontais atá inmhuirearaithe ar bhuiséad ginearálta an Aontais ~~Eorpaigh~~. Thairis sin, ba cheart go ndéanfadh ⇨ iniúchóir seachtrach neamhspleách ⇦ ~~an Chúirt Iniúchóirí~~ iniúchadh ar na cuntais i gcomhréir le hAirteagal ~~91~~ ⌦ 107 ⌫ de ⌦ Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún[37] ⌫

---

[37] Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún an 30 Meán Fómhair 2013 maidir leis an gcreat-Rialachán airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 7.12.2013, lch. 42).

~~Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2002 maidir leis an gCreatrialachán Airgeadais do na comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 185 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach[38]~~.

---

| 🡻 713/2009 aithris 21 (oiriúnaithe) |
|---|

(30) ~~Tar éis bhunú na Gníomhaireachta, b~~Ba cheart don údarás buiséadach measúnú a dhéanamh ar bhuiséad~~a buiséad~~ ⌦ na Gníomhaireachta ⌫ ar bhonn leanúnach agus faoi threoir ualach oibre agus fheidhmíocht na Gníomhaireachta. Ba cheart go n-áiritheodh an t-údarás buiséadach go ndéantar na caighdeáin is fearr éifeachtúlacht~~a~~ a bhaint amach.

---

| 🡻 713/2009 aithris 22 (oiriúnaithe) |
|---|

(31) Ba cheart go mbeadh foireann an-ghairmiúil ag an nGníomhaireacht. Go háirithe, ba cheart go mbainfeadh an Ghníomhaireacht leas as inniúlacht agus as taithí na foirne a bheidh ar iasacht ó na húdaráis rialála náisiúnta, ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit. Maidir le Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach ("na Rialacháin Foirne") agus Coinníollacha fostaíochta sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, ("na Coinníollacha Fostaíochta"), atá leagtha síos i Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68[39] agus sna rialacha a ghlac institiúidí ~~na gComhphobal Eorpach~~ ⌦ an Aontais ⌫ go comhpháirteach chun na rialacháin sin a chur i bhfeidhm, ba cheart go mbeadh feidhm acu maidir le foireann na Gníomhaireachta. Ba cheart go nglacfadh an Bord Riaracháin, i gcomhaontú leis an gCoimisiún, na rialacha cur chun feidhme iomchuí.

---

| ⇩ nua |
|---|

(32) Féadfaidh meithleacha tacaíocht a thabhairt d'obair rialála an Stiúrthóra agus an Bhoird Rialálaithe de bhun an Rialacháin seo.

---

[38] ~~IO L 357, 31.12.2002, lch. 72.~~

[39] Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle an 29 Feabhra 1968 lena leagtar síos Rialacháin Foirne Oifigigh na gComhphobal Eorpach agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach agus lena dtionscnaítear bearta speisialta is infheidhme ar bhonn sealadach maidir le hoifigigh an Choimisiúin (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1).

| ⬇ 713/2009 aithris 23 (oiriúnaithe) |
|---|

(33) Ba cheart go ndéanfadh an Ghníomhaireacht na rialacha ginearálta maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid atá i seilbh comhlachtaí ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a chur i bhfeidhm. Ba cheart go mbunódh an Bord Riaracháin na bearta praiticiúla chun sonraí íogaire tráchtála agus sonraí pearsanta a chosaint.

| ⇩ nua |
|---|

(34) Trí chomhar na rialálaithe náisiúnta laistigh den Ghníomhaireacht is léir gur réamhriachtanas é cinntí a dhéanamh le móramh chun dul chun cinn a bhaint amach ar ábhair a bhaineann leis an margadh inmheánach fuinnimh a bhfuil tionchar suntasach eacnamaíoch acu i mBallstáit éagsúla. Dá bhrí sin, ba cheart do rialálaithe náisiúnta vótáil le móramh simplí laistigh den Bhord Rialálaithe.

| ⬇ 713/2009 aithris 24 |
|---|

~~Ba cheart go mbeadh an Ghníomhaireacht cuntasach do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún, i gcás inarb iomchuí sin.~~

| ⬇ 713/2009 aithris 25 (oiriúnaithe) |
|---|

(35) Ba cheart go mbeadh tíortha nach Ballstáit den ~~Chomhphobal~~ ⌦ Aontas ⌫ iad in ann páirt a ghlacadh in obair na Gníomhaireachta i gcomhréir leis na comhaontuithe iomchuí a chuirfidh an ~~Comhphobal~~ ⌦ tAontas ⌫ i gcrích.

| ⬇ 713/2009 aithris 26 |
|---|

~~Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[40].~~

| ⬇ 713/2009 aithris 27 |
|---|

~~Ba cheart, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún na Treoirlínte is gá a ghlacadh i gcásanna ina dtiocfaidh an Ghníomhaireacht chun bheith inniúil chun na téarmaí agus na coinníollacha a chinneadh maidir le rochtain ar bhonneagar trasteorann agus maidir leis an tslándáil oibríochtúil do bhonneagar trasteorann. Ós~~

[40] ~~IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.~~

~~rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eiliminti neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh le heiliminti nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.~~

---

| ➜ 713/2009 aithris 28 (oiriúnaithe) |
|---|

~~Ba cheart go gcuirfeadh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, laistigh de thréimhse trí bliana tar éis don chéad stiúrthóir dul i mbun a dhualgas agus gach ceithre bliana dá éis sin, i leith chúraimí sonracha na Gníomhaireachta agus i leith na dtorthaí a bhaintear amach, mar aon le haon tograí iomchuí. Ba cheart go ndéanfadh an Coimisiún moltaí sa tuarascáil sin i leith cúraimí breise don Ghníomhaireacht.~~

---

| ➜ 713/2009 aithris 29 (oiriúnaithe) |
|---|

(37) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon an rannpháirtíocht agus an comhar idir na húdaráis rialála náisiúnta ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an ~~Chomhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫, féadfaidh an ~~Comhphobal~~ ⌦ tAontas ⌫ bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ⌦ ar an Aontas Eorpach ⌫ .I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach~~,~~.

---

| ⇩ nua |
|---|

(38) Déanfaidh Ballstát aíochta na Gníomhaireachta na dálaí is fearr is féidir a chur ar fáil chun go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht go hiomchuí, lena n-áirítear scolaíocht ilteangach a bhfuil béim ar an ngné Eorpach inti, agus naisc iomchuí iompair.

---

| ➜ 713/2009 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

# ~~BUNÚ AGUS STÁDAS DLÍTHIÚIL~~ ⌦ CUSPÓIRÍ AGUS CÚRAIMÍ ⌫

*Airteagal 1*

**~~Ábhar~~ ⌦ Bunú agus cuspóirí ⌫**

1. Leis an Rialachán seo, bunaítear Gníomhaireacht ⌦ an Aontais Eorpaigh ⌫ um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh ("an Ghníomhaireacht").

2. Is é is cuspóir don Ghníomhaireacht ná cuidiú leis na húdaráis rialála dá dtagraítear in Airteagal 57 ~~35~~ de [an Treoir athmhúnlaithe maidir le Leictreachas arna moladh faoi COM(2016) 864/2] ~~Threoir 2009/72/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa leictreachas~~[41] agus in Airteagal 39 de Threoir 2009/73/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle~~ an 13 Iúil 2009 maidir le comhrialacha don mhargadh inmheánach sa ghás nádúrtha~~[42] le linn dóibh na cúraimí rialála a chomhlíontar sna Ballstáit a fheidhmiú ar leibhéal an ⌦ Aontais ⌫ ~~Chomhphobail~~, agus, i gcás inar gá, a ngníomhaíocht a chomhordú.

~~3. Go dtí go mbeidh áitreabh na Gníomhaireachta ullamh, beidh sí suite ar áitreabh an Choimisiúin.~~

*Airteagal ~~4~~2*

**Cineál ghníomhartha na Gníomhaireachta**

Déanfaidh an Ghníomhaireacht:

(a) tuairimí agus moltaí a eisiúint a dhíreofar chuig oibreoirí córas tarchurtha⇨, lárionaid oibríochtúla réigiúnacha agus oibreoirí ainmnithe sa mhargadh leictreachais ⇦;

(b) tuairimí agus moltaí a eisiúint a dhíreofar chuig údaráis rialála;

(c) tuairimí agus moltaí a eisiúint a dhíreofar chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle nó chuig an gCoimisiún;

(d) cinntí aonair a ghlacadh sna cásanna sonracha dá dtagraítear in Airteagal 6, ~~7,~~ in Airteagal 8 agus in Airteagal 11 ~~9~~ ⌦ den Rialachán seo ⌫;

(e) creat-treoirlínte neamhcheangailteacha ("creat-treoirlínte") a chur faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 55~~6~~ de [an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Leictreachas arna moladh faoi COM(2016) 861/2][43] ~~Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar an~~

~~41 Féach leathanach 55 den Iris Oifigiúil seo.~~
~~42 Féach leathanach 94 den Iris Oifigiúil seo.~~
~~43 Féach leathanach 15 den Iris Oifigiúil seo.~~

~~ngréasán i gcomhair malartuithe trasteorann sa leictreachas~~[44] agus le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[45] ~~an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha rochtana ar na gréasáin tarchurtha gáis nádúrtha~~.

## ~~CAIBIDIL II~~

## ~~CÚRAIMÍ~~

*Airteagal ~~5~~3*

**Cúraimí ginearálta**

Féadfaidh an Ghníomhaireacht, arna iarraidh sin do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle nó don Choimisiún, nó ar a tionscnamh féin, tuairim nó moladh a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle agus don Choimisiún maidir le haon cheann de na saincheisteanna a bhaineann leis an gcuspóir dar bunaíodh í.

*Airteagal ~~6~~4*

**Cúraimí ⌦ na Gníomhaireachta ⌫ maidir le comhar idir oibreoirí córas tarchurtha**

1. Déanfaidh an Ghníomhaireacht tuairim maidir le dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta ~~an~~ ENTSO don Leictreachas a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 26~~5~~(2) de [Oifig na bhFoilseachán: an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Leictreachas arna mholadh faoi COM(2016) 861/2] agus déanfaidh sí tuairim maidir le dréacht-reachtanna, liosta comhaltaí agus dréacht-rialacha nós imeachta ~~an~~ ENTSO don Ghás a thabhairt don Choimisiún i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009.

2. Déanfaidh an Ghníomhaireacht faireachán ar fhorghníomhú chúraimí ~~an~~ ENTSO don Leictreachas i gcomhréir le Airteagal 29 ~~9~~ de [Oifig na bhFoilseachán: an Rialachán athmhúnlaithe maidir le Leictreachas arna mholadh faoi COM(2016) 861/2] agus déanfaidh sí faireachán ar chúraimí ~~an~~ ENTSO don Ghás i gcomhréir le Airteagal 9 de Rialachán (CE) Uimh. 715/2009.

3. ~~Déanfaidh~~ ⇨ Féadfaidh ⇦ an Ghníomhaireacht tuairim a thabhairt:

Tabharfar an clársceidealú acmhainní cothrom le dáta go bliantúil. Tabharfar an clársceidealú straitéiseach cothrom le dáta nuair is iomchuí, agus go háirithe chun dul i ngleic leis an toradh ar an meastóireacht dá dtagraítear in Airteagal 45.

---

| ⬇ 713/2009 (oiriúnaithe)<br>⇨ nua |
|---|

*Airteagal 22~~14~~*

**⌦ Comhdhéanamh an ⌫ an Bhoird ~~An Bord~~ Rialálaithe**

1. Is é a bheidh sa Bhord Rialálaithe:

(a) ionadaithe sinsearacha de chuid na n-údaráis rialála, i gcomhréir le Airteagal 57(1)~~35(1)~~ de [an Treoir athmhúnlaithe maidir le Leictreachas] agus le hAirteagal 39(1) de Threoir 2009/73/CE, agus malartach amháin in aghaidh an Bhallstáit ó fhoireann shinsearach reatha na n-údarás sin ⇨, iad beirt ainmnithe ag an údarás rialála náisiúnta ⇦;

(b) ionadaí amháin de chuid an Choimisiúin gan ceart vótála.

Ní fhéadfar ach ionadaí amháin in aghaidh an Bhallstáit ón údarás rialála náisiúnta a ghlacadh ar an mBord Rialálaithe.

Beidh gach údarás rialála náisiúnta freagrach as an gcomhalta malartach a ainmniú as measc fhoireann an údaráis rialála náisiúnta a bheidh ann ag an am áirithe sin.

2. Ceapfaidh an Bord Rialálaithe Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach as líon a chomhaltaí. Glacfaidh an Leas-Chathaoirleach áit an Chathaoirligh mura mbeidh an Cathaoirleach in ann a dhualgais a chomhlíonadh. Dhá bhliain go leith an téarma oifige a bheidh ag an gCathaoirleach agus ag an Leas-Chathaoirleach, agus beidh an téarma sin inathnuaite aon uair amháin. Rachaidh téarma oifige an Chathaoirligh agus an Leas-Chathaoirligh in éag, áfach, nuair a scoirfidh siad de bheith ina gcomhaltaí den Bhord Rialálaithe.

*Airteagal 23*

**⌦ Feidhmeanna an Bhoird Rialálaithe ⌫**

1. ~~3.~~ Is trí thromlach ~~dhá thrian~~ ⇨ simplí ⇦ de na comhaltaí a bheidh i láthair a ghníomhóidh an Bord Rialálaithe ⇨ agus a fhochoistí de bhun Airteagal 7, ⇦ ⇨ agus beidh vóta amháin ag gach comhalta, ach amháin don tuairim de bhun mhír 5(b) den Airteagal seo, a thabharfaidh siad uathu ar bhonn tromlaigh dhá thrian de na comhaltaí a bheidh i láthair ⇦.

2. ~~4.~~ Déanfaidh an Bord Rialálaithe a ~~R~~rialacha nós imeachta féin a ghlacadh agus a fhoilsiú agus déanfar na socruithe maidir le vótáil a leagan amach ~~sna~~ sna rialacha sin ar bhealach níos mionsonraithe, go háirithe na coinníollacha faoina bhféadfaidh comhalta amháin feidhmiú thar ceann c~~h~~omhalta eile agus, más iomchuí, na rialacha maidir le córaim. Féadfar foráil a dhéanamh sna rialacha nós imeachta maidir le modhanna sonracha oibre chun saincheisteanna a éireoidh i gcomhthéacs tionscnamh um chomhar réigiúnach a bhreithniú.

3. ~~5.~~ Le linn dó na cúraimí a thugtar dó leis an Rialachán seo a chomhlíonadh, agus gan dochar dá chomhaltaí a bheith ag gníomhú thar ceann a n-údarás rialála faoi seach,

gníomhóidh an Bord Rialálaithe go neamhspleách agus ní lorgóidh sé ná ní ghlacfaidh sé treoracha ó rialtas Ballstáit, ón gCoimisiún nó ó eintiteas poiblí nó príobháideach eile.

4. 6. Soláthróidh an Ghníomhaireacht seirbhísí rúnaíochta don Bhord Rialálaithe.

*Airteagal 15*

**Cúraimí an Bhoird Rialálaithe**

5. 1. Déanfaidh an Bord Rialálaithe an méid seo a leanas:

(a) Tabharfaidh an Bord Rialálaithe tuairimí a thabhairt don Stiúrthóir maidir leis na tuairimí, na moltaí agus na cinntí dá dtagraítear in Airteagail 3 go hAirteagal 11 agus in Airteagal 14 6, 7, 8 agus 9 agus a bheidh á mbreithniú lena nglacadh. Ina theannta sin, déanfaidh an Bord Rialálaithe, laistigh dá réimse inniúlachta, treoraíocht a sholáthar don Stiúrthóir i dtaca le forghníomhú chúraimí an Stiúrthóra, ⇨ ach amháin cúraimí de bhun Rialachán 1227/2011[48].⇦

(b) 2. Tabharfaidh an Bord Rialálaithe tuairim ⌦ a thabhairt ⌫ don Bhord Riaracháin maidir leis an iarrthóir atá le ceapadh mar Stiúrthóir i gcomhréir le hAirteagal 2013(1) agus Airteagal 2416(2). Is trí thromlach trí cheathrú dá chomhaltaí a ghlacfaidh an Bord Rialálaithe an cinneadh sin.

(c) 3. I gcomhréir le hAirteagal 20(1)(e)13(5) agus le hAirteagal 25(f)17(6) agus i gcomhréir leis an ⌦ dréachtmheastachán sealadach ⌫ réamh-dhréachtbhuiséad a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 33(1) go hAirteagal 33(3)23(1), formheasfaidh an Bord Rialálaithe clár oibre na Gníomhaireachta ⌦ a fhormheas ⌫ don bhliain dár gcionn agus, faoin 1 Meán Fómhair gach bliain, tíolacfaidh sé é lena ghlacadh ag an mBord Riaracháin.

(d) 4. Déanfaidh an Bord Rialálaithe an roinn neamhspleách maidir le gníomhaíochtaí rialála atá sa tuarascáil bhliantúil a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 20(1)(k)13(12) agus le hAirteagal 2517(h).

6. 5. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Rialálaithe nó dá ionadaí, agus a neamhspleáchas á urramú go hiomlán, chun ráiteas a dhéanamh os comhair a coiste inniúil agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin a fhreagairt.

*Airteagal 2416*

**An Stiúrthóir**

1. Is é Stiúrthóir na Gníomhaireachta a dhéanfaidh bainistiú ar an nGníomhaireacht agus gníomhóidh sé i gcomhréir leis an treoraíocht dá dtagraítear in sa dara habairt d'Airteagal 23(5)(a) 15(1) agus, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa Rialachán seo, i gcomhréir le tuairimí an Bhoird Rialálaithe. Gan dochar do róil an Bhoird

[48] Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le sláine agus trédhearcacht an mhargaidh mórdhíola fuinnimh, IO L 326, 8.12.2011, lch. 1.

Riaracháin agus an Bhoird Rialálaithe faoi seach i dtaca le cúraimí an Stiúrthóra, ní dhéanfaidh an Stiúrthóir aon treoir a lorg ná a ghlacadh ó aon rialtas, ~~ón gCoimisiún~~ ⇨ ó institiúidí an Aontais ⇦ ná ó aon eintiteas ⇨ nó duine ⇦ poiblí nó príobháideach eile. ⇨ Beidh an Stiúrthóir cuntasach don Bhord Riaracháin. Féadfaidh an Stiúrthóir freastal ar chruinnithe an Bhoird Rialálaithe mar bhreathnóir. ⇦

2. Ceapfaidh an Bord Riaracháin an Stiúrthóir tar éis dó tuairim fhabhrach an Bhoird Rialálaithe a fháil, ar bhonn tuillteanais mar aon le scileanna agus le taithí a bhaineann leis an earnáil fuinnimh, as liosta triúr iarrthóirí ar a laghad arna moladh ag an gCoimisiún, tar éis ⇨ nós imeachta roghnúcháin oscailte trédhearcach ⇦ ~~cuireadh poiblí um léiriú spéise~~. Sula ndéanfar an ceapachán, féadfar a iarraidh ar an iarrthóir a roghnóidh an Bord Riaracháin ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin a fhreagairt. ⇨ Chun conradh a thabhairt i gcrích leis an Stiúrthóir, déanfaidh Cathaoirleach an Bhoird Riaracháin ionadaíocht ar an nGníomhaireacht. ⇦

3. Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige an Stiúrthóra. Le linn na naoi mí roimh dheireadh na tréimhse sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú. Sa mheasúnú sin, scrúdóidh an Coimisiún na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) feidhmíocht an Stiúrthóra;

(b) dualgais agus riachtanais na Gníomhaireachta sna blianta ⌦ ina dhiaidh sin ⌫ ~~atá le teacht~~.

~~Déanfar an measúnú a bhaineann le pointe (b) a sheoladh le cúnamh ó shaineolaí seachtrach neamhspleách.~~

4. Féadfaidh an Bord Riaracháin, ag gníomhú dó ar thogra ón gCoimisiún, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Rialálaithe agus an measúnú agus tuairim an Bhoird Rialálaithe ar an measúnú sin a bhreithniú go dian, agus sna cásanna sin ina mbeidh sé inchosanta ar bhonn dhualgais agus riachtanais na Gníomhaireachta, agus sna cásanna sin amháin, téarma oifige an Stiúrthóra a fhadú, aon uair amháin, go ceann tréimhse nach faide ná ~~trí~~ ⇨ cúig ⇦ bliana. ⇨Ní fhéadfaidh Stiúrthóir, ar cuireadh síneadh lena chonradh, bheith rannpháirteach i nós imeachta roghnúcháin eile don phost céanna ag deireadh na tréimhse a svíodh.⇦

5. Cuirfidh an Bord Riaracháin in iúl do Pharlaimint na hEorpa go bhfuil sé ar intinn aige téarma oifige an Stiúrthóra a fhadú. Laistigh de mhí amháin sula bhfadaítear a théarma oifige, féadfar a iarraidh ar an Stiúrthóir ráiteas a dhéanamh os comhair choiste inniúil Pharlaimint na hEorpa agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin a fhreagairt.

6. I gcás nach bhfadaítear a théarma oifige, fanfaidh an Stiúrthóir in oifig go dtí go gceapfar a chomharba.

7. Ní fhéadfar an Stiúrthóir a chur as oifig ach amháin de bhun cinnidh ón mBord Riaracháin, tar éis tuairim fhabhrach an Bhoird Rialálaithe a fháil. Is trí thromlach ~~trí cheathrú~~ ⇨ dhá thrian ⇦ dá chomhaltaí a ghlacfaidh an Bord Riaracháin an cinneadh sin.

8. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a iarraidh ar an Stiúrthóir tuarascáil a thíolacadh maidir le comhlíonadh a dhualgas. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa cuireadh a thabhairt don Stiúrthóir chomh maith chun ráiteas a dhéanamh os comhair a coiste inniúil agus ceisteanna ó chomhaltaí an choiste sin a fhreagairt.

*Airteagal 25~~17~~*

**Cúraimí an Stiúrthóra**

⌦ Déanfaidh an Stiúrthóir an méid seo a leanas: ⌫

(a) ~~1. Beidh an Stiúrthóir~~ ~~freagrach as ionadaíocht a dhéanamh thar ceann~~ ⌦ is é a bheidh ina ionadaí dlíthiúil de chuid ⌫ na Gníomhaireachta agus beidh sé i gceannas ar bhainistiú na Gníomhaireachta ⌦ ó lá go lá ⌫;~~.~~

(b) ~~2.~~ ~~Ullmhóidh an Stiúrthóir~~ obair an Bhoird Riaracháin ⌦ a ullmhú ⌫. Glacfaidh sé páirt, gan cead vótála a bheith aige, in obair an Bhoird Riaracháin. ⇨ Beidh an Stiúrthóir freagrach as na cinntí arna nglacadh ag an mBord Riaracháin a chur chun feidhme; ⇦

(c) ~~3. Glacfaidh an Stiúrthóir~~ ~~na~~ tuairimí, ~~na~~ moltaí agus ~~na~~ cinntí ⇨ a dhréachtú, a ghlacadh agus a fhoilsiú. ⇦ ⌦ Na tuairimí, na moltaí agus na cinntí ⌫ dá dtagraítear in Airteagal 3 go hAirteagal 11 agus in Airteagal 14 ~~Airteagail 5, 6, 7, 8 agus 9~~, ⇨ ní ghlacfar iad ach amháin i gcás ina mbeidh ⇦~~agus a mbeidh~~ tuairim fhabhrach an Bhoird Rialálaithe faighte ina dtaobh~~.~~; ~~agus foilseoidh sé iad.~~

(d) ~~4.~~ ~~Beidh an Stiurthóir~~ ⌦ is é a bheidh ⌫ freagrach as clár oibre bliantúil na Gníomhaireachta a chur chun feidhme faoi threoraíocht an Bhoird Rialálaithe agus faoi rialú riaracháin an Bhoird Riaracháin~~.~~ ;

(e) ~~5. Déanfaidh an Stiúrthóir~~ na bearta riachtanacha, go háirithe i leith treoracha inmheánacha riaracháin a ghlacadh agus fógraí a fhoilsiú, chun a chinntiú go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo.~~.~~;

(f) ~~6.~~ ~~G~~gach bliain, ~~ullmhóidh an Stiúrthóir~~ dréachtchlár oibre na Gníomhaireachta ⌦ a ullmhú ⌫ don bhliain dár gcionn agus ⇨ , tar éis don Bhord Riaracháin an dréacht a ghlacadh, ⇦ cuirfidh sé faoi bhráid an Bhoird Rialálaithe, Pharlaimint na hEorpa agus an Choimisiúin é faoin ~~30 Meitheamh~~ ⇨ 31 Eanáir ⇦ ⌦ gach bliain ⌫ ~~sa bhliain sin~~. ⇨ Beidh an Stiúrthóir freagrach as an doiciméad clársceidealaithe a chur chun feidhme agus as tuairisciú ar a chur chun feidhme a dhéanamh leis an mBord Riaracháin; ⇦

(g) ~~7.~~ ~~Tarraingeoidh an Stiúrthóir~~ ⌦ dréachtmheastachán sealadach ⌫ ~~réamh-dhréachtbhuiséad~~ na Gníomhaireachta ⌦ a tharraingt ⌫ suas de bhun Airteagal 33~~23~~(1) agus cuirfidh sé buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme ⌦ i gcomhréir le ⌫ ~~de bhun~~ hAirteagal 34 agus le hAirteagal 35~~24~~.;.

(h) ~~8.~~ ~~Gach bliain,~~ ~~ullmhóidh an Stiúrthóir~~ dréacht-tuarascáil bhliantúil ⌦ a ullmhú gach bliain ⌫ ⇨ agus a chur faoi bhráid an Bhoird Riaracháin ⇦ ina ~~mbeidh~~ ⌦ gcuimseofar ⌫ roinn neamhspleách faoi ghníomhaíochtaí rialála na Gníomhaireachta agus roinn faoi chúrsaí airgeadais agus riaracháin~~.~~;

---

⇩ nua

(i) plean gníomhaíochta a ullmhú ag féachaint do chonclúidí na dtuarascálacha iniúchóireachta inmheánacha nó seachtracha agus do chonclúidí na meastóireachtaí, agus ó imscrúduithe de chuid na hOifige Eorpaí Frith-chalaoise (OLAF), mar aon le tuairisc ar an dul chun cinn a chur chuig an gCoimisiún dhá uair sa bhliain, agus chuig an mBord Riaracháin ar bhonn rialta;

(j) is é a bheidh freagrach as cinneadh a dhéanamh cibé an gá nó nach gá, chun críocha cúraimí na Gníomhaireachta a chur i gcrích ar bhealach éifeachtach éifeachtúil, baill foirne a lonnú i mBallstát amháin nó níos mó. Ní mór réamhthoiliú ón gCoimisiún, ón mBord Riaracháin agus ón mBallstát nó ó na Ballstáit lena mbaineann a fháil don chinneadh chun oifig áitiúil a bhunú. Leis an gcinneadh, sonrófar raon feidhme na ngníomhaíochtaí a dhéanfar san oifig áitiúil sin ar dhóigh a sheachnóidh costais neamhriachtanacha agus feidhmeanna riaracháin na Gníomhaireachta a dhéanamh faoi dhó.

---

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)

*Airteagal* *26~~18~~*

**An Bord Achomhairc ⌦ a chruthú agus comhdhéanamh an Bhoird ⌫**

---

⇩ nua

1. Bunóidh an Ghníomhaireacht Bord Achomhairc.

---

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. ~~1.~~ Seisear comhaltaí agus seisear malartach a bheidh ar an mBord Achomhairc, arna roghnú as foireann shinsearach reatha nó iar-fhoireann shinsearach na n-údarás rialála náisiúnta, na n-údarás iomaíochta nó na n-institiúidí eile náisiúnta nó ~~Comhphobail~~ ⌦ Aontais ⌫ a bhfuil taithí chuí in earnáil an fhuinnimh acu. Ainmneoidh an Bord Achomhairc a Chathaoirleach. ~~Glacfar cinntí an Bhoird Achomhairc trí thromlach cáilithe de cheathrar ar a laghad den seisear comhaltaí. Comórfar an Bord Achomhairc de réir mar is gá.~~

~~2.~~ Is é an Bord Riaracháin a dhéanfaidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc a cheapadh go foirmiúil, ar thogra ón gCoimisiún, tar éis cuireadh poiblí um léiriú spéise agus tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Rialálaithe.

3. ~~6.~~ ⌦ Glacfaidh an Bord Achomhairc a rialacha nós imeachta féin agus foilseoidh sé iad. ⌫ ⇨ Sna rialacha sin, leagfar amach go mionsonraithe na socruithe lena rialaítear eagrú agus feidhmiú an Bhoird Achomhairc agus na rialacha is infheidhme maidir le hachomhairc os comhair an Bhoird, de bhun Airteagal 29. Cuirfidh an Bord Achomhairc a dréacht-rialacha nós imeachta faoi bhráid an Choimisiúin. Tabharfaidh an Coimisiún tuairim uaidh maidir leis na dréacht-rialacha nós imeachta laistigh de trí mhí ón dáta a bhfaighfear na rialacha. Glacfaidh an Bord Achomhairc a rialacha nós imeachta agus foilseoidh sé iad laistigh de dhá mhí tar éis tuairim an Choimisiúin a fháil. Cuirfear aon athruithe substainteacha ina dhiaidh sin ar na rialacha nós imeachta in iúl don Choimisiún. Tabharfaidh an Coimisiún tuairim uaidh ar na hathruithe sin ina dhiaidh sin.

Beidh líne buiséid ar leithligh i mbuiséad na Gníomhaireachta chun feidhmiú na clárlainne don Bhord Achomhairc a mhaoiniú. ⇦

4. ⌦ Glacfar cinntí an Bhoird Achomhairc trí thromlach cáilithe de cheathrar ar a laghad den seisear comhaltaí. Comórfar an Bord Achomhairc de réir mar is gá. ⌫

*Airteagal 27*

**⌦ Comhaltaí an Bhoird Achomhairc ⌫**

1. ~~3.~~ Cúig bliana a bheidh i dtéarma oifige chomhaltaí an Bhoird Achomhairc. Beidh an téarma sin inathnuaite ⇨ aon uair amháin ⇦.

2. Beidh comhaltaí an Bhoird Achomhairc neamhspleách agus a gcinntí á ndéanamh acu. Ní bheidh siad faoi cheangal ag aon treoracha. Ní fheidhmeoidh siad aon dualgais eile sa Ghníomhaireacht, ar a Bord Riaracháin nó ar a Bord Rialálaithe ⇨ ná in aon cheann dá Meithleacha. ⇦ Ní chuirfear comhalta den Bhord Achomhairc as oifig le linn a théarma oifige mura rud é go bhfaightear ciontach i mí-iompar tromchúiseach é agus go ndéanann an Bord Riaracháin cinneadh chuige sin tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBord Rialálaithe.

*Airteagal 28*

**⌦ Eisiamh agus agóid a dhéanamh sa Bhord Achomhairc ⌫**

1. ~~4.~~ Ní ghlacfaidh comhaltaí den Bhord Achomhairc páirt in aon imeachtaí achomhairc má tá leas pearsanta acu iontu, nó má bhí baint acu cheana leis na himeachtaí mar ionadaithe do dhuine de na páirtithe sna himeachtaí, nó má bhí siad rannpháirteach sa chinneadh a bhfuil achomharc á dhéanamh ina aghaidh.

2. ~~5.~~ Más rud é, ar cheann de na cúiseanna dá dtagraítear i mír ~~4~~1 nó ar aon chúis eile, go measann comhalta den Bhord Achomhairc nár cheart do chomhalta eile páirt a ghlacadh in aon imeachtaí achomhairc, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Bhord. Féadfaidh aon pháirtí sna himeachtaí achomhairc agóid a dhéanamh in aghaidh comhalta den Bhord Achomhairc a bheith rannpháirteach ar aon cheann de na forais dá dtagraítear i mír 1 ~~4~~, nó ⌦ i gcás go bhfuil ⌫ ~~má tá~~ amhras ann go bhfuil an comhalta sin claonta. Ní bheidh agóid den sórt sin inghlactha más rud é go bhfuil sí bunaithe ar náisiúntacht comhalta nó más rud é go mbeidh an páirtí agóideach sna himeachtaí achomhairc, agus é nó í ar an eolas go raibh cúis agóide ann, tar éis céim nós imeachta a ghlacadh sna himeachtaí achomhairc seachas cur i gcoinne chomhdhéanamh an Bhoird Achomhairc.

3. ~~6.~~ Déanfaidh an Bord Achomhairc an gníomh atá le glacadh sna cásanna a shonraítear i mír 1~~4~~ agus i mír 2 ~~5~~ a dhéanamh gan an comhalta lena mbaineann a bheith rannpháirteach. Chun an cinneadh sin a dhéanamh, cuirfear malartach an chomhalta lena mbaineann ⌦ in ⌫ áit an chomhalta sin ar an mBord Achomhairc. I gcás ina ~~bhfuil~~ ⌦ mbíonn ⌫ an malartach i riocht den tsamhail chéanna leis an gcomhalta, ainmneoidh an Cathaoirleach duine ionaid as measc na malartach a bheidh ar fáil.

4. ~~7.~~ Glacfaidh comhaltaí an Bhoird Riaracháin orthu féin go ngníomhóidh siad go neamhspleách agus ar mhaithe le leas an phobail. Chun na críche sin, déanfaidh siad dearbhú i scríbhinn maidir lena n-oibleagáidí agus dearbhú i scríbhinn maidir lena leasanna, á léiriú nach bhfuil aon leas acu a bhféadfaí a mheas ina leith gur ní é a

dhéanfadh dochar dá neamhspleáchas nó go bhfuil leas díreach nó indíreach acu a bhféadfaí a mheas ina leith gur ní é a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dá neamhspleáchas. Poibleofar na dearbhuithe sin go bliantúil.

---

| ↓ 713/2009 (oiriúnaithe) |
|---|
| ⇨ nua |

*Airteagal 29~~19~~*

**~~Achomhairc~~ ⌦ Cinntí atá faoi réir achomhairc ⌫**

1. Féadfaidh aon duine nádúrtha nó dlítheanach, lena n-áirítear údaráis rialála náisiúnta, achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh dá dtagraítear in Airteagal 4 go hAirteagal 14 ~~7, in Airteagal 8 nó in Airteagal 9~~ ⇨ den Rialachán seo agus in Airteagal 12(6) de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus in Airteagal 9(11) de Rialachán (AE) 2015/1222 ón gCoimisiún chomh maith ⇦ agus atá dírithe chuig an duine sin, nó in aghaidh cinnidh a bhaineann go díreach agus go leithleach leis an duine sin cé gur cinneadh é atá dírithe chuig duine eile.

2. Déanfar an t-achomharc, ~~mar aon le~~ ⌦ lena n-áirítear ⌫ ⌦ an ⌫ ráiteas ar na forais atá leis ⌦ an achomharc ⌫, a chomhdú i scríbhinn sa Ghníomhaireacht, laistigh de dhá mhí ón ⌦ uair ⌫ ~~lá~~ ar tugadh fógra faoin gcinneadh don duine lena mbaineann, nó ina éagmais sin, laistigh de dhá mhí ón ⌦ uair ⌫ ~~lá~~ ar fhoilsigh an Ghníomhaireacht a cinneadh. Glacfaidh an Bord Achomhairc cinneadh faoin achomharc laistigh de ~~dhá~~ ⇨ ceithre ⇦ mhí ón tráth a thaisctear é.

3. Ní bheidh éifeacht fionraíochta ag achomharc a thaiscfear de bhun mhír 1. Féadfaidh an Bord Achomhairc, áfach, má mheasann sé gur gá sin sna himthosca, cur i bhfeidhm an chinnidh atá á chonspóid a fhionraí.

4. Má tá an t-achomharc inghlactha, déanfaidh an Bord Achomhairc scrúdú i dtaobh an bhfuil bunús maith leis an achomharc. Tabharfaidh sé cuireadh, a mhinice is gá, do na páirtithe sna himeachtaí achomhairc barúlacha a chomhdú laistigh de theorainneacha sonraithe ama maidir leis na fógraí arna n-eisiúint aige féin nó maidir le teachtaireachtaí ó na páirtithe eile sna himeachtaí achomhairc. Beidh páirtithe sna himeachtaí achomhairc i dteideal cur i láthair ó bhéal a dhéanamh.

5. Féadfaidh an Bord Achomhairc~~, i gcomhréir leis an Airteagal seo,~~ aon chumhacht a thagann faoi réim inniúlacht na Gníomhaireachta a fheidhmiú nó féadfaidh sé an cás a tharchur chuig comhlacht inniúil na Gníomhaireachta. Beidh cinneadh an Bhoird Achomhairc ina cheangal ar an gcomhlacht inniúil.

6. ~~7.~~ Foilseoidh an Ghníomhaireacht cinntí arna ndéanamh ag an mBord Achomhairc.

~~*Airteagal 20*~~

~~**Caingne os comhair na Cúirte Céadchéime agus na Cúirte Breithiúnais**~~

~~1. Féadfar caingean a thabhairt os comhair na Cúirte Céadchéime nó os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir le hAirteagal 230 den Chonradh, chun cur i gcoinne cinnidh arna ghlacadh ag an mBord Achomhairc nó i gcásanna nach mbeidh aon~~

cheart ann os comhair an Bhoird Achomhairc, cinnidh arna ghlacadh ag an nGníomhaireacht.

2. I gcás ina mainneoidh an Ghníomhaireacht cinneadh a ghlacadh, féadfar imeachtaí mar gheall ar mhainneachtain gníomhú a thabhairt os comhair na Cúirte Céadchéime nó os comhair na Cúirte Breithiúnais i gcomhréir le hAirteagal 232 den Chonradh.

3. Beidh de cheangal ar an nGníomhaireacht na bearta is gá a ghlacadh chun breithiúnas na Cúirte Céadchéime nó breithiúnas na Cúirte Breithiúnais a chomhlíonadh.

---

⇩ nua

*Airteagal 30*

**Meithleacha**

1. Nuair atá bonn cirt leis agus go háirithe chun tacú le hobair rialála an Stiúrthóra agus an Bhoird Rialálaithe ar shaincheisteanna rialála, féadfaidh an Bord Riaracháin meithleacha a bhunú.

2. Saineolaithe as measc baill foirne na Gníomhaireachta, ó na húdaráis rialála náisiúnta agus ón gCoimisiún, de réir mar is gá, a bheidh sna meithleacha. Ní bheidh an Ghníomhaireacht freagrach as costas rannpháirtíochta na saineolaithe ó bhaill foirne na n-údarás rialála náisiúnta i meithleacha na Gníomhaireachta.

3. Glacfaidh an Bord Riaracháin rialacha nós imeachta inmheánacha d'fheidhmiú na meithleacha agus foilseoidh sé iad.

---

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)

# CAIBIDIL IV III

# FORÁLACHA AIRGEADAIS ⌦ BUNÚ AGUS STRUCHTÚR AN BHUISÉID ⌫

*Airteagal 3121*

**⌦ Struchtúr an ⌫ Buiséadbhuiséid na Gníomhaireachta**

1. ⌦Gan dochar d'acmhainní eile ⌫ Iis iad na nithe seo a leanas, go háirithe, a bheidh in ioncam na Gníomhaireachta:

(a) fóirdheontas ⌦ ranníocaíocht ⌫ ón ⌦ Aontas ⌫ gComhphobal, a iontrálfar i mbuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh (Roinn an Choimisiúin);

(b) na táillí a íocfar leis an nGníomhaireacht de bhun Airteagal 3222 ;

(c) ⌦ aon ⌫ ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit nó ó na húdaráis rialála, faoi Airteagal 20(1)(g)13(8); agus

(d) aon leagáidí, deonacháin nó deontais faoi Airteagal 20(1)(g)13(8).

2. Áireofar le caiteachas na Gníomhaireachta costais foirne, costais riaracháin, costais bonneagair agus caiteachas oibríochtúil.

3. Beidh ioncam agus caiteachas na Gníomhaireachta ar comhardú.

4. Déanfar réamhaisnéisí i leith ioncam agus chaiteachas uile na Gníomhaireachta do gach bliain airgeadais, beidh an bhliain airgeadais comhthráthach leis an mbliain féilire, agus iontrálfar an t-ioncam agus an caiteachas sin i mbuiséad na Gníomhaireachta.

---

🡻 713/2009

*Airteagal 3222*

**Táillí**

---

🡻 347/2013 Airteagal 20 (oiriúnaithe)

1. Dlífear táillí a íoc leis an nGníomhaireacht as cinneadh díolúine a iarraidh de bhun Airteagal 119(1) agus maidir le cinntí maidir le leithdháileadh costas trasteorann arna soláthar ag an nGníomhaireacht de bhun Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 347/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2013 maidir le treoirlínte le haghaidh bonneagair thras-Eorpaigh fuinnimh[49].

---

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

2. Is é an Coimisiún a shocróidh na táillí dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 3323*

**Bunú an bhuiséid**

1. Gach bliain, faoin 15 Feabhra, tarraingeoidh an Stiúrthóir ⌦ dréachtmheastachán sealadach ⌫ réamh-dhréachtbhuiséad suas a chuimseoidh an caiteachas oibríochtúil agus an clár oibre oirchilleach don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, agus cuirfidh sé an ⌦ dréachtmheastachán sealadach ⌫ réamh-dhréachtbhuiséad sin chuig an mBord Riaracháin mar aon le liosta post shealadacha.

2. Gach bliain, ⌦ glacfaidh ⌫ an Bord Riaracháin ⌦ réamh-dhréachtmhmeastachán ⌫ ar ioncam agus ar chaiteachas na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin, ar meastachán é a bheidh bunaithe ar an

[49] IO L 115, 25.4.2013, lch. 39.

⌦ dréachtmheastachán sealadach ⌫ ~~réamh-dhréachtbhuiséad~~ arna ullmhú ag an Stiúrthóir.

3. Déanfaidh an Bord Riaracháin an ~~meastachán sin~~ ⌦ réamh-dhréachtmheastachán ⌫, lena n-áireofar dréachtphlean bunaíochta, a tharchur chuig an gCoimisiún faoin ⌦ 31 Eanáir gach bliain ⌫ ~~31 Márta~~. Sula nglacfar an meastachán, cuirfear an dréacht a d'ullmhaigh an Stiúrthóir chuig an mBord Rialálaithe agus féadfaidh an Bord sin tuairim réasúnaithe a thabhairt faoin dréacht.

4. Déanfaidh an Coimisiún an meastachán dá dtagraítear i mír 2~~1~~ a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle ~~(an t-údarás buiséadach)~~, mar aon le ~~réamh-dh~~dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais ~~Eorpaigh~~.

5. Ar bhonn an ⌦ dréacht ⌫mheastacháin, déanfaidh an Coimisiún na ~~réamhaisnéisí~~ ⌦ meastacháin ⌫ a mheasann sé a bheith riachtanach maidir leis an bplean bunaíochta agus an méid den deontas atá le muirearú ar bhuiséad ginearálta an Aontais ~~Eorpaigh~~ i gcomhréir le hAirteagal⌦ 313 agus a leanas ⌫ ~~272~~ den Chonradh a iontráil i ~~réamh-dh~~ndréachtbhuiséad ginearálta an Aontais ~~Eorpaigh~~.

6. Glacfaidh ⌦ an Chomhairle ina ⌫ ⌦ cháil mar ⌫ ~~an t-~~údarás buiséadach an plean bunaíochta don Ghníomhaireacht.

7. Déanfaidh an Bord Riaracháin buiséad na Gníomhaireachta a ⌦ ghlacadh ⌫ ~~tharraingt suas~~. Beidh sé ina bhuiséad críochnaitheach tar éis buiséad ginearálta an Aontais ~~Eorpaigh~~ a bheith glactha go críochnaitheach. I gcás inar gá, coigeartófar é dá réir.

8. ⌦ Leanfaidh aon athrú ar an mbuiséad, lena n-áirítear ar an bplean bunaíochta, an nós imeachta céanna. ⌫

9. ~~8.~~ Tabharfaidh an Bord Riaracháin fógra gan mhoill don údarás buiséadach faoi aon tionscadal atá ar intinn aige a chur chun feidhme agus a bhféadfadh impleachtaí suntasacha airgeadais a bheith aige ar mhaoiniú bhuiséad na Gníomhaireachta, go háirithe faoi aon tionscadal a bhaineann le maoin ~~amhail foirgnimh a fháil ar cíos nó a cheannach~~. Cuirfidh an Bord Riaracháin an Coimisiún ar an eolas faoina bhfuil ar intinn aige freisin. Má tá sé ar intinn ag ceachtar brainse den údarás buiséadach tuairim a eisiúint, cuirfidh sé in iúl don Ghníomhaireacht, laistigh de dhá sheachtain tar éis dó an fhaisnéis maidir leis an tionscadal a fháil, go bhfuil sé ar intinn aige tuairim den sórt sin a eisiúint. Mura bhfaighfear freagra, féadfaidh an Ghníomhaireacht dul ar aghaidh leis an tionscadal atá beartaithe.

*Airteagal 34~~24~~*

**Cur chun feidhme agus rialú an bhuiséid**

1. Gníomhóidh an Stiúrthóir mar oifigeach údaráis agus cuirfidh sé buiséad na Gníomhaireachta chun feidhme.

2. Faoin 1 Márta tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta na cuntais shealadacha ar aghaidh chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí mar aon leis an tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais don bhliain airgeadais sin. Chomh maith leis sin, seolfaidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta an tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle faoin 31 Márta sa bhliain dár gcionn. Comhdhlúthóidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na

n-institiúidí agus na gcomhlachtaí díláraithe ansin i gcomhréir le hAirteagal 147 128 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[50] Arteagal 128 de Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme ar bhuiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach [51] ("an Rialachán Airgeadais").

*Airteagal 35*

**⌦ Na cuntais a thíolacadh agus a urscaoileadh ⌫**

1. ⌦ Cuirfidh oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta na cuntais shealadacha don bhliain airgeadais (bliain N) ar aghaidh chuig oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 1 Márta den bhliain airgeadais ina dhiaidh sin (bliain N+1) ⌫.

2. ⌦ Cuirfidh an Ghníomhaireacht tuarascáil ar an mbainistiú buiséadach agus airgeadais do bhliain N chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle agus chuig an gCúirt Iniúchóirí faoin 31 Márta de bhliain N+1. ⌫

3. Faoin 31 Márta ⌦ de bhliain N+1 ⌫ tar éis dheireadh gach bliana airgeadais, cuirfidh oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin cuntais shealadacha na Gníomhaireachta ar aghaidh chuig an gCúirt Iniúchóirí mar aon le tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais don bhliain airgeadais sin. Déanfar an tuarascáil faoin mbainistíocht bhuiséadach agus airgeadais don bhliain airgeadais sin a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle freisin.

4. Tar éis don ⌦ oifigeach cuntasaíochta ⌫ Stiúrthóir barúlacha na Cúirte Iniúchóirí a fháil maidir le cuntais shealadacha na Gníomhaireachta ⌦ do bhliain N ⌫ i gcomhréir le forálacha Airteagal 129 ⌦ 148 ⌫ den Rialachán Airgeadais, déanfaidh sé cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta ⌦ don bhliain sin ⌫ a tharraingt suas, faoina fhreagracht féin, agus . Ttarchuirfidh sé ⌦ an Stiúrthóir Feidhmiúcháin ⌫ chuig an mBord Riaracháin iad chun tuairim a fháil uaidh ina leith.

5. Tabharfaidh an Bord Riaracháin tuairim maidir le cuntais chríochnaitheacha na Gníomhaireachta ⌦ do bhliain N ⌫ .

6. Faoin 1 Iúil ⌦ de bhliain N+1 ⌫ tar éis dheireadh na bliana airgeadais, tarchuirfidh an Stiúrthóir ⌦ oifigeach cuntasaíochta na Gníomhaireachta ⌫ na cuntais chríochnaitheacha ⌦ do bhliain N ⌫ sin, mar aon le tuairim an Bhoird Riaracháin, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an gCúirt Iniúchóirí.

7. Foilseofar na cuntais deiridh ⌦ in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faoin 15 Samhain de bhliain N+1 ⌫.

8. Faoin ⌦ 30 Meán Fómhair de bhliain N+1 ⌫ 15 Deireadh Fómhair, déanfaidh an Stiúrthóir freagra a chur chuig an gCúirt Iniúchóirí ar bharúlacha na Cúirte sin.

---

[50] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 (IO L 298, 26.10.2012, lch. 1).

[51] IO L 248, 16.9.2002, lch. 1.

Cuirfidh sé cóip den fhreagra sin chuig an mBord Riaracháin agus chuig an gCoimisiún freisin.

9. Déanfaidh an Stiúrthóir aon fhaisnéis is gá maidir le cur i bhfeidhm rianúil an nós imeachta um urscaoileadh ⌦ do bhliain N ⌫ ~~don bhliain airgeadais i dtrácht~~ a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, arna iarraidh sin di ~~agus de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 165 146(3) den Rialachán Airgeadais~~ ⌦ , i gcomhréir le hAirteagal 109(3) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún ⌫ .

10. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe, urscaoileadh a thabhairt don Stiúrthóir roimh an 15 Bealtaine den bhliain ~~N~~ N + 2, i leith an buiséad don bhliain airgeadais N a chur chun feidhme.

*Airteagal 36~~25~~*

**Rialacha Airgeadais**

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún, ⌦ glacfaidh ⌫ ~~tarraingeoidh~~ an Bord Riaracháin ~~suas~~ na rialacha airgeadais a mbeidh feidhm acu maidir leis an nGníomhaireacht. Féadfaidh na rialacha sin claonadh ó Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1271/2013 ón gCoimisiún ~~Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2343/2002~~ más gá sin de réir riachtanais shonracha oibríochtúla na Gníomhaireachta, ach ní fhéadfaidh siad claonadh amhlaidh ach amháin le haontú roimh ré ón gCoimisiún.

~~*Airteagal 26*~~

~~**Bearta frithchalaoise**~~

~~1. Chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhlíthiúil eile a chomhrac, beidh feidhm gan srian ag forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe arna gcur i gcrích ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)[52] maidir leis an nGníomhaireacht.~~

~~2. Aontóidh an Ghníomhaireacht do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontas Eorpaigh agus Coimisiún na gComhphobal Eorpach maidir le himscrúduithe inmheánacha arna seoladh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)[53] agus glacfaidh sí láithreach na forálacha iomchuí maidir le foireann uile na Gníomhaireachta.~~

~~3. Maidir leis na cinntí ar mhaoiniú agus leis na comhaontuithe agus na hionstraimí cur chun feidhme a eascraíonn as na cinntí sin, sonrófar go sainráite iontu go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF seiceálacha ar an láthair a chur i gcrích, más gá, ar thairbhithe airgid atá eisíoctha ag an nGníomhaireacht agus ar dhaoine den fhoireann atá freagrach as an airgead sin a leithdháileadh.~~

[52] ~~IO L 136, 31.5.1999, lch. 1.~~
[53] ~~IO L 136, 31.5.1999, lch. 15.~~

⇩ nua

*Airteagal 37*

**Calaois a chomhrac**

1. Chun an comhrac in aghaidh na calaoise, an éillithe agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile a éascú faoi Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013[54], laistigh de thréimhse sé mhí ón lá a thiocfaidh Europol chun bheith oibríochtúil, aontóidh sé do Chomhaontú Idirinstitiúideach an 25 Bealtaine 1999 maidir le himscrúduithe inmheánacha arna ndéanamh ag OLAF agus glacfaidh sé forálacha iomchuí ag úsáid an teimpléid a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gComhaontú sin.

2. Beidh cumhacht ag an gCúirt Iniúchóirí iniúchadh ar an láthair a dhéanamh, chomh maith le hiniúchadh ar bhonn doiciméad a dhéanamh, ar gach tairbhí deontais, ar gach conraitheoir agus ar gach fochonraitheoir a fuair cistí ón Aontas.

3. Féadfaidh OLAF imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, agus é mar aidhm leo a shocrú ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht mhídhleathach eile a mbeadh tionchar aige ar leas an Aontais i ndáil le deontas nó conradh arna mhaoiniú ag an nGníomhaireacht, i gcomhréir leis na forálacha agus na nósanna imeachta a leagtar síos i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus i Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2185/96[55].

4. Gan dochar do mhír 1, do mhír 2 agus do mhír 3, cuimseofar i gcomhaontuithe comhair le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, i gconarthaí, i gcomhaontuithe deontais agus i gcinntí deontais na Gníomhaireachta, forálacha a thugann cumhacht go sainráite do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa agus do OLAF chun iniúchtaí agus imscrúduithe dá dtagraítear san Airteagal seo a dhéanamh, de réir a gcuid inniúlachtaí féin.

---

[54] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) IO L 248, 18.9.2013, lgh. 1-22.

[55] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile IO L 292, 15.11.1996, lgh. 2-5.

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

# CAIBIDIL V

# FORÁLACHA GINEARÁLTA ⌦ AGUS CRÍOCHNAITHEACHA ⌫

*Airteagal 38~~27~~*

**Pribhléidí agus díolúintí ⇨ agus an Comhaontú Ceanncheathrún ⇦**

1. Beidh feidhm ag an bPrótacal ar Phribhléidí agus Díolúintí na gComhphobal Eorpach maidir leis an nGníomhaireacht.

⇩ nua

2. Na socruithe is gá maidir leis an gcóiríocht atá le cur ar fáil don Ghníomhaireacht sa Bhallstát aíochta agus na saoráidí a chuirfidh an Ballstát sin ar fáil mar aon leis na rialacha sonracha is infheidhme sa Bhallstát aíochta maidir leis an Stiúrthóir, comhaltaí an Bhoird Riaracháin, foireann na Gníomhaireachta agus a gclann, leagfar síos iad i gComhaontú Ceanncheathrún idir an Ghníomhaireacht agus an Ballstát ina bhfuil an cheannoifig suite. Tabharfar an comhaontú sin chun críche i ndiaidh formheas a fháil ón mBord Bainistíochta.

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)

*Airteagal 39~~28~~*

**An fhoireann**

1. Beidh feidhm ag na Rialacháin Foirne ⌦ Oifigigh an Aontais Eorpaigh ("na Rialacháin Foirne") ⌫, ag ~~na~~ Coinníollacha fostaíochta ⌦ Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh ("na Coinníollacha Fostaíochta") ⌫ agus ag na rialacha arna nglacadh ag institiúidí ~~na gComhphobal Eorpach~~ ⌦ an Aontais ⌫ go comhpháirteach chun na Rialacháin Foirne agus na Coinníollacha Fostaíochta a chur i bhfeidhm, maidir le foireann ⌦ uile ⌫ na Gníomhaireachta, lena n-áirítear Stiúrthóir na Gníomhaireachta.

2. Déanfaidh an Bord Riaracháin, le comhaontú an Choimisiúin, rialacha cur chun feidhme iomchuí a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 110 de na Rialacháin Foirne.

3. Feidhmeoidh an Ghníomhaireacht, i ndáil lena foireann, na cumhachtaí a thugtar don údarás ceapacháin leis na Rialacháin Foirne agus feidhmeoidh sí na cumhachtaí a thugtar leis na Coinníollacha Fostaíochta don údarás atá i dteideal conarthaí a thabhairt i gcrích.

4. Féadfaidh an Bord Riaracháin forálacha a ghlacadh chun go bhféadfar saineolaithe náisiúnta ó na Ballstáit a fhostú ar iasacht chuig an nGníomhaireacht.

*Airteagal 40~~29~~*

**Dliteanas na Gníomhaireachta**

⇩ nua

1. Beidh dliteanas conarthach na Gníomhaireachta faoi rialú ag an dlí is infheidhme maidir leis an gconradh i dtrácht.

Beidh aon chlásal eadrána atá in aon chonradh arna thabhairt i gcrích ag an nGníomhaireacht faoi réir dhlínse Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)

2. ~~1.~~ I gcás dliteanais neamhchonarthaigh, déanfaidh an Ghníomhaireacht, i gcomhréir leis na prionsabail ghinearálta is coiteann do dhlíthe na mBallstát, aon damáiste a shlánú arb í féin nó arb í a foireann is cúis leis i gcomhlíonadh a gcuid dualgas.

3. Beidh dlínse ag ~~an g~~Cúirt Bhreithiúnais ⌦ an Aontais Eorpaigh ⌫ ~~in aon díospóid~~ ⌦ i ndíospóidí ⌫ a bhaineann le ~~damáiste den sórt sin a leigheas~~ ⌦ cúiteamh ar dhamáistí dá dtagraítear i mír 2. ⌫ .

4. ~~2.~~ Beidh dliteanas pearsanta airgeadais agus dliteanas araíonachta fhoireann na Gníomhaireachta i leith na Gníomhaireachta faoi rialú ag na forálacha ábhartha a bhfuil feidhm acu maidir le foireann na Gníomhaireachta.

*Airteagal 41~~30~~*

**~~Rochtain ar dhoiciméid~~ ⌦ Trédhearcacht agus cumarsáid ⌫**

1. Beidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001~~ maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin~~[56] maidir le doiciméid a shealbhaíonn ~~n~~an Ghníomhaireacht~~a~~.

2. Glacfaidh an Bord Riaracháin bearta praiticiúla, ~~faoin 3 Márta 2010~~ chun Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a chur i bhfeidhm.

3. Féadfaidh na cinntí a ghlacann an Ghníomhaireacht de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 a bheith ina n-ábhar gearáin chuig an Ombudsman nó ina n-ábhar imeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal ⌦ 228 ⌫ ~~195~~ agus in Airteagal ⌦ 263 ⌫ ~~230~~ den Chonradh faoi seach.

56 Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).

⇩ nua

4. Beidh próiseáil sonraí pearsanta arna déanamh ag an nGníomhaireacht faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 45/2001[57]. Leagfaidh an Bord Riaracháin síos bearta don Ghníomhaireacht chun Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear bearta a bhaineann leis an Oifigeach um Chosaint Sonraí a cheapadh don Ghníomhaireacht. Déanfar na bearta sin a leagan síos tar éis dul i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí.

5. Féadfaidh an Ghníomhaireacht tabhairt faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide as a stuaim féin laistigh dá réimse inniúlachta féin. Ní dhéanfaidh leithdháileadh acmhainní chuig gníomhaíochtaí cumarsáide dochar d'fheidhmiú éifeachtach na gcúraimí dá dtagraítear in Airteagal 3 go hAirteagal 14. Tabharfar faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide i gcomhréir leis na pleananna ábhartha maidir le cumarsáid agus scaipeadh arna nglacadh ag an mBord Riaracháin.

*Airteagal 42*

**Faisnéis rúnaicmithe agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint**

1. Glacfaidh an Ghníomhaireacht a rialacha slándála féin a bheidh coibhéiseach le rialacha slándála an Choimisiúin maidir le Faisnéis Rúnaicmithe an Aontais Eorpaigh (FRAE) agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a chosaint, inter alia, forálacha maidir le faisnéis den sórt sin a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil, mar a leagtar amach i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún[58] agus i gCinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún[59].

2. Féadfaidh an Ghníomhaireacht cinneadh a dhéanamh freisin cinntí an Choimisiúin dá dtagraítear i mír 1 a chur i bhfeidhm mutatis mutandis. Cumhdóidh rialacha slándála na Gníomhaireachta, inter alia, forálacha maidir le FRAE agus faisnéis íogair neamh-rúnaicmithe a mhalartú, a phróiseáil agus a stóráil.

---

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)

*Airteagal ~~43~~~~31~~*

**~~Rannpháirtíocht tríú tíortha~~ ⌦ Comhaontuithe comhair ⌫**

1. Beidh an Ghníomhaireacht oscailte do rannpháirtíocht tríú tíortha a mbeidh comhaontuithe tugtha i gcrích acu leis an ⌦ Aontas ⌫ ~~gComhphobal ar comhaontuithe iad ar dá réir a bheidh~~ ⌦ a bhfuil ⌫ dlí an ⌦ Aontais ⌫

---

57 Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2000 maidir le daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (IO L 8, 12.1.2001, lch. 1).

58 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/443 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir le slándáil sa Choimisiún (IO L 72, 17.3.2015, lch. 41).

59 Cinneadh (AE, Euratom) 2015/444 ón gCoimisiún an 13 Márta 2015 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe de chuid an Aontais Eorpaigh a chosaint (IO L 72, 17.3.2015, lch. 53).

Chomhphobail glactha acu agus á chur i bhfeidhm acu i réimse an fhuinnimh, agus, más ábhartha, i réimsí an chomhshaoil agus na hiomaíochta.

2. Faoi fhorálacha ábhartha na gcomhaontuithe sin, déanfar socruithe lena sonrófar, go háirithe, cineál, méid, scóip agus gnéithe nós imeachta rannpháirtíocht na dtíortha sin in obair na Gníomhaireachta, lena n-áirítear forálacha maidir le ranníocaíochtaí airgeadais agus foireann.

---

⇩ nua

3. Glacfaidh an Bord Riaracháin straitéis i gcomhair caidreamh le tríú tíortha nó le heagraíochtaí idirnáisiúnta a mbeidh inniúlacht ag an nGníomhaireacht ina leith. Áiritheoidh an Coimisiún go bhfeidhmeoidh an Ghníomhaireacht laistigh dá sainordú agus laistigh den chreat idirinstitiúideach atá ann cheana trí shocruithe oibre oiriúnacha a thabhairt i gcrích le Stiúrthóir na Gníomhaireachta.

*Airteagal 32*

**An Coiste**

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagail 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

---

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

*Airteagal 4433*

**Socruithe teanga**

1. Beidh feidhm ag forálacha Rialachán Uimh. 1 ón gComhairle an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha atá le húsáid ag an gComhphobal Eorpach[60] maidir leis an nGníomhaireacht.

2. Déanfaidh an Bord Riaracháin cinneadh maidir le socruithe inmheánacha teanga na Gníomhaireachta.

3. Soláthróidh Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh na seirbhísí aistriúcháin is gá i ndáil le feidhmiú na Gníomhaireachta.

---

60 Rialachán Uimh. 1 an 15 Aibreán 1958 lena gcinntear na teangacha a úsáidfear i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 17, 6.10.1958, lch. 385).

~~**CAIBIDIL VI**~~

~~**FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA**~~

*Airteagal 45~~34~~*

**Meastóireacht**

1. ⇨ Tráth nach déanaí ná [*OP: cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, dáta sonrach le cur isteach ag Oifig na bhFoilseachán*], agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, ⇦ d~~D~~éanfaidh an Coimisiún meastóireacht, le cúnamh ó shaineolaí seachtrach neamhspleách ⇨ chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na Gníomhaireachta i dtaca lena cuspóirí, sainordú agus cúraimí. Rachfar i ngleic go háirithe sa mheastóireacht leis an riachtanas a d'fhéadfadh bheith ann sainordú na Gníomhaireachta a athrú, agus leis na himpleachtaí airgeadais a bheadh le haon athrú den sórt sin ⇦ ~~, ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta. Cuimseoidh an mheastóireacht sin torthaí obair na Gníomhaireachta agus torthaí a modhanna oibre, i gcomparáid lena cuspóir, lena sainordú agus leis na cúraimí atá sainithe sa Rialachán seo agus ina cláir oibre bhliantúla. Beidh an mheastóireacht sin bunaithe ar chomhairliúchán fairsing i gcomhréir le hAirteagal 10.~~

---

⇩ nua

2. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil údar a thuilleadh leis an nGníomhaireacht a choinneáil ar bun agus é ag féachaint dá cuid cuspóirí, sainordaithe agus cúraimí sannta, féadfaidh sé a mholadh go ndéanfaí an Rialachán seo a leasú dá réir nó a aisghairm.

---

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)
⇨ nua

3. ~~2.~~ Cuirfidh an Coimisiún ⌦ torthaí ⌫ ~~an~~ na mh~~h~~eastóireacht~~a~~ dá dtagraítear i mír 1 ⌦ maille le conclúidí na meastóireachta sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus ⌫ ⌦ faoi bhráid ⌫ Bhord Rialálaithe na Gníomhaireachta. ⇨ Ba cheart torthaí na meastóireachta a phoibliú. ⇦ ~~Déanfaidh an Bord Rialálaithe moltaí maidir le hathruithe ar an Rialachán seo, ar an nGníomhaireacht agus ar a mhodhanna oibre a chisiúint chuig an gCoimisiún, agus féadfaidh an Coimisiún na moltaí sin a chur ar aghaidh, maille lena thuairim féin agus aon togra iomchuí, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.~~

4. ~~Cuirfidh an Coimisiún an chéad mheastóireacht faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle laistigh de thrí bliana tar éis don chéad Stiúrthóir dul i mbun a dhualgas. Dá éis sin, tíolacfaidh~~⌦ Cuirfidh ⌫ an Coimisiún meastóireacht ⌦ faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ⌫ gach ~~ceithre~~ ⇨ cúig ⇦ bliana ar a laghad.

⇩ nua

*Airteagal 46*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 713/2009.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn II

🡻 713/2009 (oiriúnaithe)

*Airteagal 4735*

**Teacht i bhfeidhm ~~agus bearta idirthréimhseacha~~**

~~1.~~ Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ⌦ fichiú ⌫ ~~20ú~~ lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

~~2. Beidh feidhm ag Airteagail 5 go 11 ón 3 Márta 2011.~~

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

## RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH

### 1. LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

#### 1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh

#### 1.2. Réimsí beartais lena mbaineann i gcreat ABM/ABB[61]

Réimse beartais: FUINNEAMH

Gníomhaíocht: 32.02 Fuinneamh traidisiúnta agus in-athnuaite

#### 1.3. An cineál togra/tionscnaimh

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart nua a leanann treoirthionscadal/réamhbheart**[62]

☒ Baineann an togra/tionscnamh le **síneadh ar bheart atá ann cheana**

☐ Baineann an togra/tionscnamh le **beart a atreoraíodh i dtreo beart nua**

#### 1.4. Cuspóirí

*1.4.1. Cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin ar a bhfuil an togra/tionscnamh dírithe*

Leagtar amach cuspóirí straitéiseacha ilbhliantúla an Choimisiúin Eorpaigh go dtí 2020 i bPlean Straitéiseach an Choimisiúin don tréimhse 2016-2020. Faoi chreat an Phlean Straitéisigh, tugtar aghaidh leis an togra reatha ar "chuspóir ginearálta A: Borradh nua faoi Phoist, Fás agus Infheistíocht".

Ach athchóiriú a dhéanamh ar an gcreat institiúideach atá mar bhonnsraith le feidhmiú mhargaí fuinnimh na hEorpa, tá sásraí oiriúnacha rialachais á sholáthar againn do na margaí, toisc go mbíonn na sásraí sin de dhíth chun fuinneamh inbhuanaithe iomaíoch a chur ar fáil do chách.

Le go bhfeidhmeoidh margadh fuinnimh atá níos idirnasctha ná riamh go héifeachtach, is gá fóraim leordhóthanacha a bheith ag rialálaithe náisiúnta le teacht le chéile chun cinntí a dhéanamh. An comhtháthú ar mhargadh fuinnimh na hEorpa, téann sin as lámha a chéile le ról den sórt sin a bheith á dhéanamh ag ACER agus na hacmhainní a thabhairt dó chun na cúraimí a leagtar air a chomhlíonadh.

*1.4.2. Cuspóirí sonracha agus na gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann*

Gníomhaíochtaí ABM/ABB lena mbaineann

Tagann an tionscnamh seo faoi cheannteideal 32 02 10 den Bhuiséad: An Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

---

61 ABM: Bainistiú de réir gníomhaíochtaí; ABB: Buiséadú de réir gníomhaíochtaí.

62 Mar a thagraítear dó in Airteagal 54(2)(a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

Cuspóir sonrach Uimh.

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí atá á déanamh ag an nGníomhaireacht faoi láthair, tá sé mar aidhm ag an togra reatha cúraimí ACER a leathnú chun roinnt cuspóirí breise a chomhlíonadh, cuspóirí a bhfuil luach thar na bearta leo i dtaca le leas na margaí fuinnimh Eorpacha i ndeireadh na dála.

Dá bhrí sin, ní rud imeallach in aon chor atá san athbhreithniú seo ar chúraimí na Gníomhaireachta, toisc go mbeidh ar ACER cúraimí de chineál nua agus a bhfuil raon feidhme mór i gceist leo a chomhlíonadh. Ina measc siúd, go háirithe, tá cúraimí nua a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar slándáil na gcóras ar mhaithe le meastóireacht a dhéanamh ar thabhairt isteach na sásraí maidir le luach saothair a thabhairt ar acmhainneacht, chomh maith le bunú na Lárionad Oibríochtúil Réigiúnach agus faireachán a dhéanamh orthu. Is imeacht ó 'ghnó mar is gnách' é sin don Ghníomhaireacht agus tugann sé bonn cirt don éileamh ar phoist bhreise mar atá liostaithe ar an mbileog seo.

Sa mhéid agus go mbeidh tionchar ag cuspóirí nua den sórt sin ar na hacmhainní airgeadais a leithdháilfear ar an nGníomhaireacht, tugtar liosta iomlán orthu thíos. Tá tagairt sa liosta thíos don Rialachán is bunús leis na cúraimí (An Rialachán maidir le Leictreachas nó an Rialachán maidir le Riosca-Ullmhacht) agus cibé an dtugtar léiriú ar na cúraimí, nó díreach an luaitear iad, sa togra le haghaidh Rialachán ACER.

1) Modheolaíochtaí, atá bainteach leis an measúnú Eorpach ar leordhóthanacht giniúna nua a tugadh isteach le déanaí, a fhormheas agus a leasú, chomh maith le measúnú a dhéanamh ar thograí chun sásraí nua den sórt sin a thabhairt isteach ar an leibhéal náisiúnta. Tá na cúraimí sin ag croílár an chur chuige neartaithe i dtaca le sásraí acmhainne ar an leibhéal Eorpach; tá sainordú ina leith sa Rialachán maidir le Leictreachas, agus léiriú orthu in Airteagal 10 de Rialachán ACER. Measaimid go mbeidh 7 FTE (Coibhéis Lánaimseartha) san iomlán de dhíth don chúram nuair a bheidh an córas ag feidhmiú ina iomláine.

2) Faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht an mhargaidh agus go háirithe ar "bhacainní solúbthachta" ar leibhéal na mBallstát, lena n-áirítear idirghabhálacha ó thaobh praghsanna de. Chomh maith leis sin, is faoi ACER atá sé modheolaíocht a chruthú don fheidhmíocht margaidh i gcoinne táscairí i dtaca le cinnteacht an tsoláthair. Tá faireachas margaidh agus forbairt na modheolaíochta ríthábhachtach chun comhtháthú an mhargaidh agus iomaíochas a bhaint amach sna réimsí sin. Tá sin leagtha amach go mion sa Rialachán maidir le Leictreachas agus in Airteagal 16 de Rialachán ACER, agus bheadh 0.5 FTE de dhíth ina leith.

3) Cinneadh a dhéanamh faoi struchtúr na Lárionad Oibríochtúil Réigiúnach (LORanna) nua agus faireachán agus anailísiú rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht na lárionad sin. Cuimsítear leis sin tuairimí agus moltaí a eisiúint ar bhonn rialta de réir mar a bheidh gá leo. Is colún den chur chuige 'réigiúnaithe' é LORanna a bhunú, ag meastar go mbeadh 1.5 FTE de dhíth ina leith. Leagtar amach an cúram seo go mion in Airteagal 8 de Rialachán ACER.

4) Idir-inoibritheacht, cumarsáid, agus faireachán ar fheidhmíocht réigiúnach lasmuigh de réimsí nach bhfuil comhchuibhithe ar leibhéal an Aontais agus nach dtagann faoi phointe 3) thuas. Ina measc siúd tá tacaíocht a thabhairt do na hÚdaráis Rialála Náisiúnta (ÚRNanna) a bhíonn i mbun comhair ar an leibhéal réigiúnach, agus comhordú a dhéanamh orthu. Tá 1 FTE de dhíth do na gníomhaíochtaí sin, agus bheadh sé riachtanach chun leasanna iomlána a bhaint den chur chuige 'réigiúnaithe', de réir Airteagal 7 de Rialachán ACER.

5) Feabhas a chur ar éifeachtúlachtaí sa mhargadh mórdhíola tríd an méid seo a leanas a dhéanamh, i measc nithe eile: modheolaíochtaí, atá ábhartha don trádáil trasteorann

leictreachais, agus saincheisteanna rialála eile a bhfuil a bhaineann le cúrsaí trasteorann, a fhormheas agus a leasú; rialacha a bhunú agus a chur chun feidhme chun ioncam ó phlódú a úsáid ar mhaithe le hinfheistíochtaí a dhéanamh sa ghréasán; rialacha a bhunú chun an t-ioncam sin a ath-leithdháileadh agus rialacha a bhunú do dhíospóidí a d'fhéadfadh a bheith ann idir ghníomhaithe; faireachán ar an margadh san aon lá amháin chun deireadh a chur le saobhadh agus trádáil níos leachtaí a chruthú. Ar an iomlán, tá sé beartaithe againn 3 FTE a bheith dírithe ar na cúraimí nua, de réir Airteagal 9 agus Airteagal 17 den Rialachán maidir le Leictreachas agus Airteagal 6 de Rialachán ACER.

6) Cinneadh a dhéanamh faoi dhíospóidí idir ÚRNanna trí Bhord Achomhairc atreisithe de réir mar a thugtar níos mó cásanna os comhair an bhoird, rud a tharlóidh ar dhá chúis; i ngeall ar an leathnú ar raon feidhme chinntí ACER agus i bhfianaise an treisithe ar an gcreat réigiúnach. Bheadh 1 FTE de dhíth chun na cúraimí sin a dhéanamh, de réir Airteagal 29 de Rialachán ACER.

7) Eintiteas de chuid an Aontais Eorpaigh d'Oibreoirí Córas Tarchurtha (eintiteas AE do DSOanna) a bhunú, feidhmiú réidh an eintitis sin a áirithiú agus comhar a áirithiú idir eintiteas AE do DSOanna agus Oibreoirí Córas Tarchurtha (OCTanna). Cosúil le bunú na Lárionad Oibríochtúil Réigiúnach (LORanna), tá sé ríthábhachtach eintiteas AE do DSOanna a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as córas fuinnimh atá níos dáilte amach. Bheadh 2 FTE de dhíth de réir Airteagal 50 den Rialachán maidir le Leictreachas.

8) Modheolaíochtaí, chun cásanna géarchéime leictreachais ar an leibhéal réigiúnach a aithint, a fhormheas agus a leasú, agus anailísiú agus leasuithe rialta a dhéanamh ar na modheolaíochtaí. Tá na cúraimí sin ríthábhachtach chun an cur chuige Eorpach maidir le riosca-ullmhacht a chur chun feidhme, mar a leagtar amach sa Rialacháin maidir le Riosca-Ullmhacht, agus bheadh 2 FTE de dhíth ina leith.

Cuirtear ar aird don léitheoir go bhfuil an liosta de na cúraimí thuasluaite nasctha leis na meastacháin níos ginearálta do na cúraimí nua agus riachtanais ghaolmhara i dtaca le baill foirne mar gur féidir teacht orthu sin sa Mheasúnú Tionchair – go sonrach, is féidir teacht orthu faoin Iarscríbhinn ar an athchóiriú ar an gcreat institiúideach (Caibidil 3.4 den doiciméad iarscríbhinne atá ag gabháil leis an Measúnú Tionchair sin).

Sa mheastachán bunaidh rinneadh foráil maidir le híosteorann gharbh de thart ar 18 mball foirne breise faoin rogha beartais atá beartaithe, rud atá ag teacht leis an 18 gcoibhéis lánaimseartha a sonraítear sa bhileog seo. Ba cheart a mheas go bhfuil an measúnú sa bhileog seo níos fearr, ó thaobh leibhéal na sonraí do na cúraimí a sonraítear agus i dtaca le cruinneas na meastachán araon, toisc go ndearnadh iad bunaithe ar na gníomhartha reachtacha nithiúla atá beartaithe, rud nach raibh ar fáil, dar ndóigh, an tráth ar tugadh faoin Measúnú Tionchair.

Tugtar do d'aire freisin, mar a mhínítear ar bhealach níos iomláine sa Mheabhrán Míniúcháin a ghabhann leis na Gníomhartha Reachtacha thuasluaite, go gcloífear le prionsabal na coimhdeachta i dtaca leis na cúraimí nua a dhéanfaidh ACER, agus go gcloífear leis sin freisin sa mhéid agus go bhfágfaidh siad go ndéanfar acmhainní a shaoradh ar an leibhéal náisiúnta chun cúraimí cosúla a dhéanamh.

### 1.4.3. *An toradh agus an tionchar a bhfuil súil leo*

*Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhithe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.*

Is é an tionchar iomlán atá ag an togra go ndéanfar méadú fhoriomlán ar fheidhmiú na margaí fuinnimh mórdhíola agus miondíola.

Dá réir sin, is é an toradh deiridh a bheidh ról ACER chun rannchuidiú leis na cúraimí nua, má dhéantar i gceart é, go n-imreofar tionchar an-mhór trí bhíthin éifeachtúlachtaí margaí agus feabhsuithe ar an leas eacnamaíocha agus sóisialta go foriomlán. Sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an sraith tograí faoin Tionscnamh maidir le hEagar an Mhargaidh, meastar go bhféadfadh coigilt thart ar EUR 1 billiún breise a bheith mar thoradh leis sin trí bhunú na LORanna agus optamú na bhfeidhmeanna gréasáin ar an leibhéal réigiúnach, agus ag an am céanna go ndéanfar coigiltí EUR 2 billiún faoi 2030 trí rannpháirtíocht trasteorann a áirithiú sna sásraí acmhainne.

Mar thoradh ar an maoirseacht ar an measúnú Eorpach leordhóthanachta, beidh comhordú réigiúnach níos éifeachtaí ar an sásra acmhainneachta a bhfuil sé mar aidhm leis slándáil an tsoláthair leictreachais a áirithiú, agus laghdófar na costais ar thomhaltóirí fuinnimh dá bharr. Faoi láthair, is le tobhaigh agus cánacha náisiúnta a mhaoinítear sásraí den sórt sin den chuid is mó, agus bíonn ar chustaiméirí costais mhóra nach bhfuil gá leo a íoc a thagann as bearta neamhchomhordaithe a bhfuil sé mar aidhm leo cinnteacht an tsoláthair a áirithiú.

Méadófar ráta cúplála mhargadh an fhuinnimh freisin á bhuí leis na modheolaíochtaí don trádáil leictreachais agus d'oibriú na heangaí atá le forbairt ag ACER, rud a fheabhsóidh úsáid na hacmhainneachta ag an teorann agus a laghdóidh plódú agus saobhadh ar phraghsanna.

Ina measc siúd a bhainfidh leas as sin, tá na rannpháirtithe sa mhargadh ag gach céim den slabhra, chomh maith le hoibreoirí margaidh agus tomhaltóirí. Nuair a bheidh modheolaíochtaí níos éifeachtaí i bhfeidhm, cuirfear borradh freisin faoin iomaíocht sa mhargaidh sna margaí mórdhíola agus miondíola.

Go deimhin, is é a toradh deiridh a bheidh leis na gníomhaíochtaí chun faireachán a dhéanamh ar na margaí agus chun comhar a spreagadh i dtaca le saincheisteanna rialála ná gur léiriú níos fearr ar fhíordhálaí an mhargaidh a bheidh sna praghsanna, agus nuair a thagann laghdú ar na praghsanna mórdhíola fuinnimh, beifear in ann é sin a léiriú ar bhealach níos fearr sna praghsanna ar an margadh miondíola.

Trí eintitis oibríochtúla ar an leibhéal réigiúnach a chur ar bun, laghdófar freisin an gá le dul ar iontaoibh bearta coimirce náisiúnta leictreachais, ar bearta iad ar gá don chóras ina iomláine íoc as an costas a bhaineann leo, costas a bhíonn le híoc ag tomhaltóirí i ndeireadh thiar.

Le méadú ar an gcomhar rialála tiocfaidh méadú mór freisin ar chinnteacht an tsoláthair ar fud an Aontais Eorpaigh, rud a rachaidh chun tairbhe d'oibreoirí na gcóras agus don chóras ina iomláine.

Bainfidh oibreoirí margaidh a bhíonn ag tairiscint seirbhísí solúbtha leas mar is ceart freisin as forbairt na modheolaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo an margadh a fhágáil níos solúbtha, agus bainfidh soláthraithe nuatheicneolaíochta a bhíonn ag freastal ar eangach fuinnimh níos solúbtha.

*1.4.4. Táscairí lena léireofar toradh agus tionchar*

*Sonraigh na táscairí lena léireofar an faireachán ar chur chun feidhme an togra/tionscnaimh.*

Tá feidhmíocht na Gníomhaireachta faoi réir ag meastóireachtaí a bhíonn faoi stiúir an Choimisiúin cheana féin, a dhéantar go rialta agus a mbíonn comhlachtaí seachtracha ina mbun chun neodracht an mheasúnaithe a chosaint.

Chomh maith leis sin, tá foráil i gClár Oibre bliantúil na Gníomhaireachta, a ndéanann an Coimisiún grinnscrúdú air agus tuairimí a eisiúint ina leith, maidir le príomhtháscairí feidhmíochta lena ndéantar feidhmíocht ACER a thomhas i gcoinne spriocanna atá leagtha síos.

Tá soláthar na modheolaíochtaí a comhaontaíodh i measc na dtáscairí sin toisc go dtugtar sainordú ina leith siúd faoin Rialachán atá beartaithe; chomh maith le comhar éifeachtach i measc ÚRNanna agus achomhairc a láimhseáil go tapa má thagann siad os comhair Bhord Achomhairc na Gníomhaireachta. I measc na dtáscairí eile ar leibhéal feidhmíochta na Gníomhaireachta, faoi na ceanglais maidir le trédhearcacht an mhargaidh, tá an dualgas ar an nGníomhaireacht anailís a dhéanamh ar líon tugtha de phointí sonraí margaidh gach timthriall measúnaithe.

I bhfianaise an chuspóra deiridh de chomhtháthú na margaí fuinnimh agus an ról a bhíonn ag an ACER i dtaca le húdaráis náisiúnta, oibreoirí tarchurtha agus oibreoirí dáileacháin a thabhairt le chéile, beidh éifeachtacht na ngníomhaíochtaí a dhéanfaidh ACER le feiceáil i bhfeabhas ar fheidhmíocht an mhargaidh.

Déanann an Ghníomhaireacht Tuarascáil Bhliantúil chuimsitheach ar Fhaireachán ar an Margadh, lena n-áirítear rátaí úsáide na n-idirnasc, feidhmíocht i dtaca le margaí a chur le chéile, agus marcáil ar an margadh, chomh maith le roinnt táscairí eile ar an margadh a bhaineann go díreach le modheolaíochtaí agus gníomhaireachta na Gníomhaireachta.

**1.5. Foras an togra/tionscnaimh**

*1.5.1. Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma*

Cead a thabhairt do ACER gníomhaíochtaí nua a dhéanamh mar a leagtar amach faoin Rialachán agus i gcomhréir le forbairtí atá ag teacht ar an margadh fuinnimh; rannchuidiú le hAontas Fuinnimh iomaíoch, inbhuanaithe agus slán.

*1.5.2. Luach breise a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais Eorpaigh*

Tá an gá le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach bunaithe ar an bhfianaise gur féidir bearta fo-optamacha, dúbailt gan ghá, mí-éifeachtúlachtaí sa mhargadh agus beartais "buntáiste a bhreith ar do chomharsan" a bheith ann mar thoradh ar chur chuige náisiúnta a bheith ag gach tír. Go hachomair, ní bheadh sé indéanta margadh inmheánach fuinnimh faoina gcuirtear fuinneamh inbhuanaithe ar phraghas iomaíoch ar fáil do chách gan rialacha soiléire comhroinnte a bheith i bhfeidhm maidir le trádáil fuinnimh, oibriú an eangaigh agus caighdeánú áirithe ar tháirgí. Is fóram é ACER inar féidir leis na rialálaithe náisiúnta teacht le chéile agus comhaontú ar phrionsabail agus modheolaíochtaí comhroinnte.

Tá deiseanna chomh maith le dúshláin ag teacht as an méadú ar idirnascacht mhargaí leictreachais an Aontais Eorpaigh. Mura ndéanfar comhordú ar bhearta a bhaineann le hábhair a mbíonn tionchar díreach acu ar na margaí leictreachais trasteorann, fanfaidh cruthú an mhargaidh inmheánaigh leictreachais ina bhrionglóid. Bíonn tionchar díreach ag idirghabhálacha náisiúnta ó thaobh cúrsaí beartais san earnáil leictreachais ar na Ballstáit béal

dorais i ngeall ar an idirspleáchas fuinnimh agus ar eangaí idirnasctha. Is i ndeacracht atá sé ag dul cobhsaíocht na heangaí gona hoibriú éifeachtach a áirithiú ar an leibhéal náisiúnta amháin ar an ábhar gur dóichí an baol atá ann go dtarlódh éifeachtaí diúltacha trasteorann an méadú atá ag teacht ar an trádáil trasteorann, an úsáid atá á baint as an nginiúint dhíláraithe, agus an méadú atá tagtha ar rannpháirtíocht na dtomhaltóirí. Ní thig le haon Stát feidhmiú go héifeachtach ar a chonlán féin agus, le himeacht aimsire, is suntasaí na hiarmhairtí seachtracha a eascraíonn as gníomhaíocht aontaobhach.

Cé go mbíonn Ballstáit ag dul i mbun comhair ar bhonn deonach go feadh méid áirithe chun dul i ngleic le roinnt de na dúshláin thuasluaite, mar shampla trí thionscnaimh réigiúnach amhail an Fóram Cúigthaobhach um Fhuinneamh, bíonn na fóraim sin i mbun oibre mar chomhlachtaí don chomhordúchán polaitiúil agus ní féidir leo cinntí ceangailteacha a dhéanamh ar na saincheisteanna mionsonraithe lena mbíonn cinntí de dhí chun an ilroinnt atá ann i láthair na huaire i dtaca le hoibriú na gcóras, formhaoirseacht rialála agus idirghabhálacha stáit i margadh an leictreachais a sheachaint.

*1.5.3. Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart*

Foilsíodh meastóireacht an Choimisiúin ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta an 22.1.2014 [C(2014)242 final]. Fuarthas sa mheastóireacht go bhfuil ACER, ón uair a bunaíodh é, éirithe ina institiúid inchreidte a bhfuil meas uirthi, a mbíonn ról ceannaireachta aici i réimse na rialála fuinnimh. Ar an iomlán, bhí ACER ag díriú ar na tosaíochtaí cearta toisc gur leagadh iad sin síos faoi Rialachán a bunaithe agus faoina doiciméad clársceidealaithe bliantúil. Tugtar faoi deara áfach gur léirigh an Ghníomhaireacht gur cás léi nach bhfuil na hacmhainní aici chun a cúraimí a chomhlíonadh agus ba ghá athlonnú áirithe a dhéanamh ar an bhfoireann chun na cuspóirí reachtacha a bhaint amach. I bhfianaise sin, tá sé thar a bheith tábhacht go mbeidh na leibhéil bhuiséadacha agus foirne ag gabháil leis na cúraimí nua arna sannadh don ghníomhaireacht faoin togra seo a bheidh leordhóthanach agus comhréireach leis an aidhm fíor-Aontas Fuinnimh a chruthú

*1.5.4. Comhoiriúnacht d'ionstraimí iomchuí eile agus sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann*

Tá an togra ag teacht le Treoirlínte Polaitiúla Choimisiún Juncker toisc go bhfuil sé ar cheann de na cuspóirí straitéiseacha sna treoirlínte sin Aontas Fuinnimh athléimneach, a bhfuil beartas aeráide atá dírithe ar an todhchaí ag gabháil leis, a bhaint amach.

Deimhníodh an uaillmhian sin i gClár Oibre an Choimisiúin don bhliain 2015 agus tugadh tuilleadh mionsonraí ina leith i gCreat Straitéiseach an Choimisiúin maidir le hAontas Fuinnimh Buanseasmhach [COM(2015)80 final an 25.02.2015]. Tugadh spreagadh breise chun Aontas Fuinnimh Eorpach inbhuanaithe iomaíoch a bhaint amach le ráthú an chomhaontaithe ar thángthas ag Comhdháil Pháras na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (COP21).

Chomh maith leis sin, tá sé beartais faoi na spriocanna Aeráide agus Fuinnimh an Aontais go 2020 agus go 2030 comhtháthú a dhéanamh ar sciar níos airde de ghiniúint leictreachais in-athnuaite, agus is é an toradh a bheidh ar sin go mbeidh gá níos mó le bainistiú a dhéanamh ar eangach sholúbtha agus athrú costéifeachtach go fuinneamh glan a áirithiú. Beidh comhar rialála níos láidre laistigh de ACER ina réamhriachtanas chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

## 1.6. Fad agus tionchar airgeadais

☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm **ar feadh tréimhse theoranta**

– ☐ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ón [LL/MM]BBBB go dtí an [LL/MM]BBBB

– ☐ Tionchar airgeadais ó BBBB go BBBB

☒ Togra/tionscnamh a bheidh i bhfeidhm ar feadh **tréimhse neamhtheoranta**

– Cuirfear chun feidhme é le linn na tréimhse tosaigh 2018 go 2019,

– agus cuirfear ag feidhmiú go hiomlán ina dhiaidh sin é.

## 1.7. Modhanna bainistíochta atá beartaithe[63]

☐ **Bainistíocht dhíreach** a dhéanann an Coimisiún

– ☐ trí na gníomhaireachtaí feidhmiúcháin;

☐ **Bainistíocht atá comhroinnte** leis na Ballstáit

☒ **Bainistíocht indíreach** trí chúraimí a bhaineann le cur chun feidhme an bhuiséid a shannadh dóibh seo a leanas:

☐ eagraíochtaí idirnáisiúnta agus a ngníomhaireachtaí (tabhair sonraí);

☐ BEI agus an Ciste Eorpach Infheistíochta;

☒ comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 208 agus Airteagal 209 den Rialachán Airgeadais;

☐ comhlachtaí dlí poiblí;

☐ comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach agus a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu sa mhéid go gcuireann siad ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais ar fáil;

☐ comhlachtaí arna rialú ag dlí príobháideach Ballstáit, a gcuirtear de chúram orthu comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun feidhme, agus a sholáthraíonn ráthaíochtaí leordhóthanacha airgeadais;

☐ daoine a gcuirtear de chúram orthu bearta sonracha a chur chun feidhme in CBES de bhun Theideal V de CAE, ar daoine iad a aithnítear sa bhunghníomh ábhartha.

Nótaí

| |
|---|
| ceann ar bith |

[63] Is féidir mionsonraí ar na modhanna bainistíochta agus tagairtí don Rialachán Airgeadais a fheiceáil ar shuíomh gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid: https://myintracomm.ec.europa.eu/budgweb/EN/man/budgmanag/Pages/budgmanag.aspx.

## 2. BEARTA BAINISTÍOCHTA

### 2.1. Rialacha faireacháin agus tuairiscithe

*Sonraigh minicíocht na mbeart agus na coinníollacha atá leo*

| |
|---|
| Bíonn gach Gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh ag obair faoi dhianchóras faireacháin lena mbaineann inniúlacht iniúchóireachta inmheánaí, Seirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach an Choimisiúin, Bord Riaracháin ACER, an Chúirt Iniúchóirí agus an tÚdarás Buiséadach. Leagadh an córas sin síos sa Rialachán lenar bunaíodh ACER in 2009 agus leanfaidh sé de bheith i bhfeidhm. |

### 2.2. Córas bainistíochta agus rialaithe

*2.2.1. Na rioscaí a aithníodh.*

| |
|---|
| ceann ar bith |

*2.2.2. Modhanna rialaithe atá beartaithe*

| |
|---|
| Neamhbhainteach |

### 2.3. Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc

*Sonraigh bearta coisctheacha agus cosanta atá ann cheana nó atá beartaithe.*

| |
|---|
| Tá bearta frithchalaoise i bhfeidhm ó bunaíodh ACER agus leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm. Sonraítear leo sin, go háirithe go bhféadfaidh an Chúirt Iniúchóirí agus OLAF, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, seiceálacha ar an láthair a chur i gcrích, más gá, ar thairbhithe deontas atá eisíoctha ag an nGníomhaireacht agus ar bhaill foirne atá freagrach as na deontais sin a leithdháileadh. Ba chuid d'Airteagal 26 den Rialachán lenar bunaíodh ACER na forálacha sin agus leanfaidh siad de bheith i bhfeidhm faoi fhorálacha Airteagal 37 den Rialachán athmhúnlaithe. |

## 3. AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH

### 3.1. Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid ar a n-imreofar tionchar

- Línte buiséid atá ann cheana

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Ceannteideal……1A…………………...…… …… | LD/LN[64]. | ó thíortha de chuid CSTE[65] | ó thíortha is iarrthóirí[66] | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | 32.02.10: An Ghníomhaireacht um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) | LD | NÍL | NÍL | NÍL | TÁ |

- Línte nua buiséid atá á n-iarraidh

In ord cheannteidil agus línte buiséid an chreata airgeadais ilbhliantúil.

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil | Líne buiséid | Saghas caiteachais | Ranníocaíocht | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimhir [Ceannteideal………………………………… ……] | LD/LN | ó thíortha de chuid CSTE | ó thíortha is iarrthóirí | ó thríú tíortha | de réir bhrí Airteagal 21(2)(b) den Rialachán Airgeadais |
| | [XX.YY.YY.YY] […] | […] | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL | TÁ/NÍL |

64 LD = Leithreasuithe difreáilte / LN = Leithreasuithe neamhdhifreáilte.
65 CSTE: Comhlachas Saorthrádála na hEorpa.
66 Tíortha is iarrthóirí agus, nuair is iomchuí, tíortha ó na Balcáin Thiar a d'fhéadfadh bheith ina n-iarrthóirí.

## 3.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas

### *3.2.1. Achoimre ar an tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar chaiteachas*

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil: | Uimhir | Ceannteideal 1A |
|---|---|---|

| GCRF (cúraimí nua amháin) | | | **2019** | **2020** |
|---|---|---|---|---|
| Teideal 1: | Gealltanais | (1) | 280 000 | 992 000 |
| | Íocaíochtaí | (2) | 280 000 | 992 000 |
| Teideal 2: | Gealltanais | (1a) | | 46 000 |
| | Íocaíochtaí | (2a) | | 46 000 |
| Teideal 3: | Gealltanais | (3a) | | |
| | Íocaíochtaí | (3b) | | |
| **IOMLÁN leithreasuithe le haghaidh GCRF** | Gealltanais | =1+1a +3a | 280 000 | 1 038 000 |
| | Íocaíochtaí | =2+2a +3b | 280 000 | 1 038 000 |

Tabhair faoi deara go bhfuil na figiúirí buiséid thuas bunaithe ar an toimhde go mbeidh sceideal céimnitheach earcaíochta ann, ag glacadh leis go mbeidh na baill foirne a bheidh le hearcú sa chéad bhliain i láthair ar feadh sé mhí ar an meán.

| **Ceannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil:** | **5** | "Caiteachas riaracháin" |
|---|---|---|

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2019** | **2020** |
|---|---|---|---|
| Ard-Stiúrthóireacht: ENER maoirseacht ar chúraimí nua amháin | | | |
| • Acmhainní daonna | | 0 | 0 |
| • Caiteachas riaracháin eile | | 0 | 0 |
| **IOMLÁN Ard-Stiúrthóireacht** ENER | Leithreasuithe | 0 | 0 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe do CHEANNTEIDEAL 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | (Iomlán gealltanas = Iomlán íocaíochtaí) | 0 | 0 |

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | | **2019** | **2020** |
|---|---|---|---|
| **IOMLÁN leithreasuithe faoi CHEANNTEIDIL 1 go 5** den chreat airgeadais ilbhliantúil | Gealltanais | 280 000 | 1 038 000 |
| | Íocaíochtaí | 280 000 | 1 038 000 |

*3.2.2. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra/tionscnamh ar leithreasuithe ACER*

- ☒ Ní éilíonn an togra go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí
- ☐ Éilíonn an togra go n-úsáidfear leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí mar a mhínítear thíos:
- Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| **Sonraigh cuspóirí agus aschuir** ⇩ | | | Bliain **N** | | Bliain **N+1** | | Bliain **N+2** | | Bliain **N+3** | | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | | | | **IOMLÁN** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **ASCHUIR** | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| | Sagha s[67] | Meán chosta s | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon | Costa s | Líon | Costas | Líon | Costas | Líon iomlán | Costas iomlán |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 1[68]… | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 1 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| CUSPÓIR SONRACH Uimh. 2... | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| - Aschur | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Fo-iomlán do chuspóir sonrach Uimh. 2 | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

67 Is ionann aschuir agus táirgí agus seirbhísí le soláthar (e.g.: líon na malartuithe mac léinn a fhaigheann maoiniú, iomlán km de bhóithre a rinneadh, etc.).

68 Mar a thuairiscítear i bpointe 1.4.2. 'Cuspóirí sonracha...'

*3.2.3. An tionchar a mheastar a bheidh ag an togra ar acmhainní daonna ACER*

3.2.3.1. Achoimre

– ☐ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin

– ☒ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear leithreasuithe de chineál riaracháin mar a mhínítear thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | 2019 | 2020 |
|---|---|---|
| Oifigigh (Gráid AD) | | |
| Oifigigh (Gráid AST) | | |
| Baill foirne ar conradh | 8 | 14 |
| Pearsanra sealadach | 0 | 4 |
| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 0 | 0 |
| **IOMLÁN** | 8 | 18 |

<u>An tionchar a mheastar a bheidh ar an bhfoireann (FTE breise) – an plean bunaíochta</u>

| Grúpa feidhme agus grád | 2019 | 2020 |
|---|---|---|
| AD16 | | |
| AD15 | | |
| AD14 | | |
| AD13 | | |
| AD12 | | |
| AD11 | | |
| AD10 | | 2 |
| AD9 | | 2 |
| AD8 | | |

| | | |
|---|---|---|
| AD7<br>AD6<br>AD5 | | |
| AD Iomlán | 0 | 4 |
| AST11<br>AST10<br>AST9<br>AST8<br>AST7<br>AST6<br>AST5<br>AST4<br>AST3<br>AST2<br>AST1 | | |
| AST Iomlán | | |
| AST/SC 6<br>AST/SC 5<br>AST/SC 4<br>AST/SC 3<br>AST/SC 2<br>AST/SC 1 | | |
| AST/SC Iomlán | | |
| MÓRIOMLÁN | 0 | 4 |

An tionchar a mheastar a bheidh ar an bhfoireann (breise) – pearsanra seachtrach

| Gníomhairí ar conradh | 2019 | 2020 |
|---|---|---|
| Grúpa feidhme IV | 8 | 14 |
| Grúpa feidhme III | | |
| Grúpa feidhme II | | |
| Grúpa feidhme I | | |
| Iomlán | 8 | 14 |

| Saineolaithe Náisiúnta ar Iasacht | 2019 | 2020 |
|---|---|---|
| Iomlán | 0 | 0 |

Tabhair faoi deara go bhfuil sé beartaithe na chéad daoine a earcú ag tús na bliana 2019, chun ullmhúcháin a dhéanamh do chur chun feidhme an Rialacháin. Ba cheart é a ghlacadh ag deireadh na bliana 2018 más féidir, agus roimh thoghcháin Pharlaimint na hEorpa i mBealtaine 2019.

Mar sin, seans go mbeidh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar chomhdhéanamh na foirne agus an córas faoi lán seoil (18 FTE in 2020) i bhfianaise an toradh a bheidh ar an nós imeachta reachtach, sa chaoi gur féidir cothromaíocht oiriúnach a choinneáil idir phróifílí na bpost agus na cúraimí nua atá le déanamh. Dá bhrí sin, déanfaidh an Coimisiún athmheasúnú ar na riachtanais i dtaca leis an bhfoireann agus leis an mbuiséad do na blianta ina dhiaidh sin in am trátha.

3.2.3.2. Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach don mháthair AS

– ☒ Ní éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna breise.

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go n-úsáidfear acmhainní daonna mar a mhínítear thíos:

*Sloinnfear an meastachán i méideanna iomlána (nó go dtí an chéad deachúil ar a mhéad)*

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| • **Poist don phlean bunaíochta (oifigigh agus foireann shealadach)** | | | | | | | |
| XX 01 01 01 (Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíocht an Choimisiúin) | | | | | | | |
| XX 01 01 02 (Toscaireachtaí) | | | | | | | |
| XX 01 05 01 (Taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 01 (Taighde díreach) | | | | | | | |
| | | | | | | | |
| • **Foireann sheachtrach (i gcoibhéis lánaimseartha: FTE)**[69] | | | | | | | |
| XX 01 02 01 (CA, SNE, INT ón gclúdach iomlánaíoch) | | | | | | | |
| XX 01 02 02 (CA, LA, SNE, INT agus JED sna toscaireachtaí) | | | | | | | |
| **XX** 01 04 *yy*[70] - sa cheanncheathrú[71] | | | | | | | |
| **XX** 01 04 *yy*[70] - sna toscaireachtaí | | | | | | | |
| **XX** 01 05 02 (CA, SNE, INT – taighde indíreach) | | | | | | | |
| 10 01 05 02 (CA, INT, SNE – taighde díreach) | | | | | | | |
| Línte buiséid eile (sonraigh) | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | | | | | | |

Is é **XX** an réimse beartais nó an teideal buiséid lena mbaineann.

69 CA = Ball foirne ar conradh; LA= Ball foirne áitiúil; SNE= Saineolaí náisiúnta ar iasacht; INT= Ball foirne gníomhaireachta; JED = Saineolaí sóisearach i dtoscaireacht.

70 Fo-uasteorainn d'fhoireann sheachtrach arna cumhdach ag leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí (na seanlínte "BA").

71 I dtaca leis na Cistí Struchtúracha, an Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus an Ciste Eorpach Iascaigh (CEI) den chuid is mó.

Soláthrófar na hacmhainní daonna is gá le baill foirne ón Ard-Stiúrthóireacht a bhfuil bainistíocht an bhirt faoina gcúram cheana agus/nó a ath-imlonnófar laistigh den Ard-Stiúrthóireacht, mar aon le haon leithdháileadh breise a d'fhéadfaí a thabhairt don Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta maidir le leithdháileadh bliantúil i bhfianaise na srianta buiséadacha.

Cur síos ar na cúraimí a bheidh le déanamh:

| | |
|---|---|
| Oifigigh agus pearsanra sealadach | |
| Pearsanra seachtrach | |

Ba cheart tuairisc ar ríomh an chostais i gcomhair FTE (coibhéis lánaimseartha) a bheith ar áireamh i roinn 3 den Iarscríbhinn.

*3.2.4. Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha*

– ☐ Tá an togra/tionscnamh comhoiriúnach don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

– ☒ Beidh athchlárú an cheannteidil ábhartha sa chreat airgeadais ilbhliantúil ag gabháil leis an togra/tionscnamh seo.

| |
|---|
| Mínigh an cineál athchláraithe a bhfuil gá leis, agus sonraigh na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha.<br>Beidh gá méadú den mhéid bliantúil atá sonraithe i dtábla 3.2.1. a dhéanamh ar líne buiséid ACER ( 032010 ) |

– ☐ Éilíonn an togra/tionscnamh go gcuirfear an ionstraim sholúbthachta i bhfeidhm nó go ndéanfar athbhreithniú ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil[72].

| |
|---|
| Mínigh an méid a bhfuil gá leis, agus sonraigh na ceannteidil agus na línte buiséid lena mbaineann agus na méideanna comhfhreagracha. |

*3.2.5. Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe*

– Ní dhéantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú le tríú páirtithe.

– Déantar foráil sa togra/tionscnamh maidir le cómhaoiniú atá réamh-mheasta thíos:

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| | Bliain **N** | Bliain **N+1** | Bliain **N+2** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Sonraigh an comhlacht cómhaoinithe | | | | | | | | |
| IOMLÁN leithreasuithe cómhaoinithe | | | | | | | | |

72 Féach Airteagal 11 agus Airteagal 17 de Rialachán ón gComhairle (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020.

### 3.3. An tionchar a mheastar a bheidh ar ioncam

– ☒ Ní bheidh tionchar airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam.

– ☐ Beidh an tionchar airgeadais seo a leanas ag an togra/tionscnamh:

☐ ar acmhainní dílse

☐ ar ioncam ilghnéitheach

EUR milliúin (go dtí an tríú deachúil)

| Líne buiséid ioncaim: | Leithreasuithe atá ar fáil don bhliain airgeadais reatha | Tionchar an togra/tionscnaimh[73] | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **2018** | **2019** | **2020** | Bliain **N+3** | Iontráil na blianta ar fad a theastaíonn le fad an tionchair a thaispeáint (féach pointe 1.6) | | |
| Líne buiséid ACER 32 02 10 …………. | | | | | | | | |

I gcás ioncam ilghnéitheach atá 'sannta', sonraigh na línte buiséid a n-imrítear tionchar orthu.

Sonraigh an modh chun an tionchar ar ioncam a ríomh.

| |
|---|
| |

[73] A fhad a bhaineann le hacmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna talmhaíochta, tobhaigh siúcra), ní mór na méideanna a luaitear a bheith ina nglanmhéideanna, i.e. méideanna comhlána agus 25 % de na costais bhailiúcháin a bheith bainte astu.